Ceol don Ardteist

Cúrsa B

Clár

Caibidil 1: Coinséartó Pianó in A mór. 1

Caibidil 2: Symphonie Fantastique 33

Caibidil 3: Sgt Pepper's Lonely Hearts Club Band . . . 59

Caibidil 4: Seachanges 86

Caibidil 5: Foclóir Ceoil 108



Coinséartó Pianó in A mór

W.A. Mozart

Innéacs

Saol Mozart 2

Coinséartó don Phianó in A mór 4

An Coinséartó agus Foirm Shonáideach 5

Uirlisí 6

Foirm Shonáideach 9

Ceol Clasaiceach 9

An Chéad Ghluaiseacht: foirm, struchtúr, anailís 11

Ceisteanna 13

An Dara Gluaiseacht: foirm, struchtúr, anailís 14

Ceisteanna 16

An Tríú Gluaiseacht: foirm, struchtúr, anailís 19

Na Téamaí 20

Foirm an Tríú Gluaiseacht 21

Ceisteanna 24

Táblaí bunaithe ar na téamaí 27

Ceisteanna ardleibhéil 31

Treoir Staidéir 32

Saol Wolfgang Amadeus Mozart

Rugadh Mozart (a baisteadh Johannes Chrysostomus Wolfgangus Theolphilus) i Salzburg san Ostair sa bhliain 1756. Leopold an t-ainm a bhí ar a athair, agus bhí seisean ina Kappellmeister do Phrionsa-ArdEaspag sa chathair sin. Mar sin is léir go raibh an ceol san fhuil ag an Mozart óg. Ba léir go raibh an-tallann aige don cheol nuair a thosaigh sé ag seinm an *clavier* nuair nach raibh sé ach trí bliana d'aois agus nuair a thosaigh sé ag cumadh ceoil ag cúig bliana d'aois. Bhí a dheirfiúr Maria, a bhí cupla bliain níos sine ná é féin, an-mhaith fosta agus thóg an t-athair an bheirt acu ar thurasanna thart ar chúirteanna ríoga na hEorpa. Chuaigh siad go Munich agus Vienna sa bhliain 1762 agus faoin am seo bhí Wolfgang ábalta an veidhlín a sheinm cé nár theagasc aon duine dó é. An bhliain dár gcionn thosaigh siad ar thuras níos faide ná sin agus chuaigh siad fhad le Londain, áit a ndearna Mozart staidéar le Abel, J.C. Bach agus Manzuoli. Chum Mozart a chéad trí shiansa i Londain. D'fhill siad ar Salzburg sa bhliain 1766.

Sa bhliain 1769 chuaigh sé go dtí an Iodáil áit a raibh gach duine an-tógtha leis an tallann don cheol a bhí aige. Bhuail sé le go leor ceoltóirí agus cumadóirí agus é ann. Nuair a bhí sé sa Róimh chuala sé píosa ceoil - *Miserere* le Allegri - a mhaireann thart ar 10 mbomaite. Bhí sé áblata é a scríobh amach ó chuimhne. Bhí sé 13 bliana d'aois ag an am!

Chaith sé na blianta ina dhiaidh seo ag taisteal agus níor réitigh sé leis an phrionsa nua a tháinig isteach i Salzburg. Ar deireadh d'éirigh an t-aighneas ró-láidir dó agus d'éirigh sé as a phost sa bhliain 1781. Chuaigh sé go Vienna áit ar phós sé Constance Weber i mí Lúnasa 1782.

Sna naoi mbliana a bhí fágtha dá shaol, bhí an-chuid deacrachtaí airgid aige, agus ag an am céanna scríobh sé na céadta píosaí ceoil i ngach foirm agus *genre*. In 1785 sheinn sé an vióla go minic i gceathairéad téadach le Haydn, duine a shíl gurb é Mozart an cumadóir ab fhearr a raibh aithne aige air. Chum Mozart 6 cheathairéad téadach do Haydn sa bhliain chéanna, agus thosaigh sé ag obair ar an cheoldráma *Le nozze de Figaro* nó Bainis Figaro. Thaitin an ceoldráma seo go mór leis an phobal i Vienna agus i bPrague. Chum sé *Don Giovanni* don chathair Prague. Chum sé Eine Kleine Nachtmusik an bhliain chéanna go bhfuair a athair bás. Lean sé air ag taisteal ag seinm agus ag bualadh leis na huaisle. Fuair sé airgead ón Impire Joseph II i mBerlin le ceoldráma greannmhar a chumadh. *Cosi fan Tutte* an toradh a bhí air seo ach fuair an tImpire bás go gairid i ndiaidh dó a bheith críochnaithe. Bhí súil ag Mozart go bhfaigheadh sé post an Kappellmeister in áit Salieri mar gheall ar an cheol seo, ach ní bhfuair. Sa bhliain 1791 fuair sé airgead ó dhuine nach raibh sásta a ainm a thabhairt, le héagnair (*requiem*) a chumadh dó. Fuarthas amach ina dhiaidh sin gurb é Count F. von Walsegg a bhí ann agus bhí sé i gceist aige a rá gurb é féin a chum é. Thosaigh Mozart ag obair ar phíosa ceoil eile roimh an éagnairc, agus faoin am gur tháinig sé ar ais chuige bhí sé ró-thinn lena chríochnú. Fuair sé bás ar an 5ú Nollaig 1791 agus bhí ar a dhalta Sussmayr an éagnairc a chríochnú. Bhí sochraid shaor aige le daoine eile a fuair bás ag an am sin agus ní fios cén áit a cuireadh a chorp.

A Cheol

Ní féidir gan a admháil go mba ginias é Mozart. Thóg sé an stíl cheoil a bhí le fáil lena linn agus d'aistrigh sé go ceol draíochta, speisialta é. Bhí foirm agus siméadracht (*symmetry*) den chéad scoth ina chuid cumadóireachta agus bhí tallann cheardaíochta aige a bhí leath-fhoghlamtha agus leath-nádurtha. Sna ceoldrámaí a chum sé bhí tuiscint ar phearsantacht an chine daonna le feiceáil go soiléir, agus chum sé carachtair a bhí ionchurtha le carachtair Shakespeare. Bhí tionchair le feiceáil ina chuid ceoil ón Ghearmáin, ón Iodáil, ón Ostair agus ón Fhrainc. Mar gheall ar fheabhas a chuid ceoil d'fhorbair sé struchtúr an siansa, an coinséartó don phianó, an ceathairéad téadach, an sonáid agus neart eile fosta. An t-aon rud atá in easnamh óna chuid ceoil ná tionchair an Nadúir mar a d'úsáid Beethoven agus daoine eile ina dhiaidh ina gcuid ceoil. Tá áthas agus beocht le cluinstin go soiléir i gceol Mozart ach faoi sin tá dáiríreacht agus blas beag den bhrón ann.

Saothair chumadóireachta

Ceoldrámaí: (21) The Marriage of Figaro, The Magic Flute, Don Giovanni, Cosi fan Tutte

Ceol do Bhallet: (2) Siansaí (41); Coiséartó don phianó (27), coinséartó don veidhlín (5), Coinséartó d'uirlisí éagsúla eile (14), ceol eaglasta, ceol do chór agus ceolfhoireann, ceol do ghuthanna gan tionlacan, ceathairéad téadach(23), cúigréad téadach (6), sonáideanna d'uirlisí éagsúla, amhráin, agus rudaí éagsúla eile.

Ceisteanna

1. Cén bhliain inar rugadh Mozart?
2. Cén bhliain ina bhfuair sé bás?
3. Cén áit, baile agus tír, inar rugadh é?
4. Cén aois a bhí sé nuair a thosaigh sé ag seinm ceoil?
5. Cén aois a bhí sé nuair a thosaigh sé ag cumadh ceoil?
6. Cén aois a bhí sé nuair a chum sé a chéad shiansa?
7. Cad a rinne a athair leis nuair a d'aithin sé cé chomh maith is a bhí sé?
8. Cén post a bhí ag a athair?
9. Cén t-éacht a rinne Mozart nuair a bhí sé 13 bliana d'aois?
10. Cén áit inar shocraigh Mozart síos ar deireadh?
11. Cén t-ainm a bhí ar a bhean?
12. Cen cineál saoil a bhí acu nuair a bhí siad pósta?
13. Cén post a bhí ag Mozart faoin am seo?
14. Cén saothar deireanach a raibh sé ag obair air sula bhfuair sé bás?
15. Cén fáth nár chríochnaigh sé é?
16. Ainmnigh trí phíosa ceoil a chum sé.

Coinséartó don Phiano in A mór K488

Cumadh an coinséartó seo sa bhliain 1786, an bhliain chéanna inar chum Mozart:

- *Impresario*, ceoldráma
- *Bainis Figaro*, ceoldráma
- Coinséartó don phiano in A mór, K488
- Coinséartó don phiano in C mion, K491
- Coinséartó don phiano in C mór K503
- Coinséartó don chorn in Eb mór K495
- Sonáid don phiano (4 lámh) in G mór K357
- Sonáid don phiano (4 lámh) in F mór K497
- Ceathairéad téadach in D mór K 499
- Ceathairéad pianó in Eb mór K493
- Tríréad pianó in G mór K496
- Tríréad pianó in Bb mór, do phianó, cláirnéid agus vióla K 498
- Tríréad pianó in Bb mór K 502
- Siansa uimh 38 in D mór, Prague K 504.

Chríochnaigh sé an coinséartó in A mór ar an 2ra Márta 1786 (an mhí inar scríobh sé coinséartó eile don phianó in C mion K 491). Níor chum Mozart ach sé phíosa ceoil sa ghléas seo - A mór - sna blianta deireanacha dá shaol agus i ngach ceann acu seo tá claonadh ann téamaí crómatacha a úsáid agus athrú idir mór agus mion.

Tá tabhacht faoi leith ag baint leis an bhliain 1786 fosta mar gurb é seo an bhliain inar chríochnaigh sé an ceoldráma *Bainis Figaro*. Is féidir tionchar an cheoil drámatúil mar atá sa cheoldráma a fheiceáil ar an choinséartó, go háirithe sa tríú gluaiseacht áit a bhfuil an líne cheoil cosúil le líne don ghuth.

Tábhacht an Phianó do Mozart

"Caithfidh gurb é seo ceantar an phianó" a scríobh Mozart chuig a athair ar an 2ra Meitheamh 1781. Bhí sé i Vienna, i ndiaidh dó éirí as a phost i Salzburg. Bhí sé ag iarraidh airgead a fháil ag seinm an phianó. Ní raibh a athair i bhfách leis seo ar chor ar bith mar bhí sé sean-fhaiseanta. Shíl sé nach dtiocfadh le Mozart fanacht beo gan airgead ó phátrún. Ach bhí na laethanta sin ag athrú agus bhí an difear idir na huaisle agus na ceoltóirí ag laghdú. Taobh istigh de chupla seachtain i Vienna bhí sé ar pháighe an-ard i measc seinnteoirí. Ní hamháin go raibh tallann aige, ach bhí sé géarintinneach i gcúrsaí gnó fosta. Chonaic sé go raibh daoine tugtha don phianó i Vienna agus chuir sé é féin os comhair an phobail mar *virtuoso* agus chum sé 17 gcoinséartó dó féin le seinm. Bhí air an ceol seo a chumadh dó féin mar ar dtús

ní raibh mórán ceoil ann don phianó os rud é narbh ann don uirlis go dtí an bhliain 1709. Chomh maith leis sin ní raibh na píosaí a bhí ann deacair go leor leis an tallann a bhí aige a léiriú.

Cé gur chaith sé an-chuid ama ag seinm ghlac sé a dhualgaisí mar chumadóir an-dáiríre ar fad. Chaith sé uaireanta fada ag obair ar an cheol a chum sé ag cur a chroí iomlán isteach ann. Bhí sé an-éirimiúil fosta agus bhí sé ábalta foirmeacha ceoil den chéad scoth a chumadh. D'éirigh leis drámatúlacht a chur ina chuid ceoil agus codarsnacht ghlan idir an uirlis aonair agus an cheolfhoireann a úsáid le béim a chur ar an drámatúlacht seo.

An Coinséartó agus Foirm Shonáideach

Tá sé tabhachtach a chuimhniú go bhfuil an bhéim i gcónaí ar an seinnteoir aonair sna coinséartí a chum Mozart. Is beag aird a bhíodh ag an lucht éisteachta ar an cheol go dtí go dtosaíodh an seinnteoir aonair agus níor ghnáthach leo smaoineamh mórán faoin cheol a bhíodh á sheinm ag an cheolfhoireann muna mbeadh an seinnteoir aonair ag seinm chomh maith. Mar sin tá an coinséartó cosúil le háiria nó amhrán aonair i gceoldráma. Bíonn an lucht éisteachta i gcónaí ag amharc ar an chantóir gan smaoineamh ar an cheolfhoireann thíos sa log amharclainne. Fiú nuair atá an réamhcheol á sheinm acu bíonn na cúirtíní druidte. Ciallaíonn sé seo go bhfuil páirt an phianó sa saothar seo thar a bheith tábhachtach, agus go seasann sé amach thar an cheolfhoireann.



Éiríonn le Mozart an éifeacht chéanna seo a fháil sa choinséartó trí úsáid a bhaint as *ritornello*. Is téama é an *ritornello* a thagann ar ais cupla uair i rith an phíosa agus baineadh úsáid as go minic i gceol Barócach sna coinséartaí. Sa phíosa seo seinneann an cheolfhoireann an foilsiú ar dtús, agus oibríonn sé seo cosúil leis an réamhcheol i gceoldráma. Ansin tagann an uirlis aonair isteach agus seinntear an foilsiú arís.

Cé go nglactar leis go rialta gur foirm í an fhoirm shonáideach, i ndáiríre is stíl chumadóireachta é níos mó ná foirm. San am roimh Mozart agus Haydn bhain cumadóirí úsáid as dráma sa cheol trí theannas a chothú idir gléas an tonaigh (dó) agus gléas an cheannasaigh (só). Is mar sin a d'fhás an fhoirm shonáideach - foirm ina raibh dhá théama nó ábhar - ceann amháin sa tonach agus an ceann eile sa cheannasach. I rith an phíosa ansin, pléitear an teannas idir an dá ghléas agus réitítear ag an deireadh é. Sa choinséartó seo meascann Mozart an fhoirm shonáideach leis an fhoirm *ritornello*. Úsáideann sé an téama, seinnte ar dtús ag an cheolfhoireann, leis an teannas a chruthú, ansin nuair a thosaíonn an uirlis aonair, tosaíonn an teannas idir tonach agus ceannasach.
Mar sin féin, tá i bhfad níos mó ag baint le ceol Mozart ná an fhoirm. Tá na línte ceoil, an tséis, frásaíocht agus mothú an cheoil i bhfad níos tabhachtaí ná an fhoirm.

Uirlisí

Scríobhadh an coinséartó seo sa Ré Chlaiseacach agus faoin am seo bhí an cheolfhoireann socraithe i gceithre ghrúpa nó 4 chlann uirlisí: téada, gaoth uirlisí, práis agus cnaguirlisí. Bhíodh an uigeacht homofónach (séis le tionlacan) de ghnáth, agus b'athrú mór é seo ón uigeacht iolfhónach (cuntraphointeach) a bhí coitianta sa ré Bharócach.

'Siad na huirlisí atá in úsáid sa choinséartó seo ná:

1. Pianó
2. Téad uirlisí: veidhlín 1 agus 2, vióla, dordveidhlí agus olldoird.
3. Gaothuirlisí: feadóg mhór, cláirnéidí 1 agus 2 in A, basún 1 agus 2.
4. Práis: Corn in A

Nótaí faoi na huirlisí

- Bhí an óbó an-choitianta ag an am seo sa cheolfhoireann ach níl sé in úsáid sa phíosa seo. Sna píosaí is déanaí a scríobh Mozart bhí an chláirnéid i ndiaidh áit an óbó a ghlacadh.
- Is uirlis ghléasaistrithe í an chláirnéid in A. Ciallaíonn sé seo go scríobhtar na nótaí difriúl ón fhuaim atá acu. Aon nóta atá scríofa mar C, fuaimníonn sé mar A. (Sa chláirnéid i Bb aon nóta atá scríofa mar C, fuaimníonn sé mar Bb) Mar sin scríobhtar páirt na cláirnéide sa saothar seo i ngléas C mór.

- De ghnáth, thart fán am seo bheadh trumpaí agus coirn in úsáid sna práis - ní bhíodh tiúba ná trombóin ann. Ach sa saothar seo níl aon trumpa ann; níl ann ach corn ó na práis.
- Bhí an corn an-simplí san am seo - ní raibh aon chomhlaí air (*valves*). Ciallaíonn sé seo go raibh réimse nótaí an-chúng aige. Tá an pháirt atá aige an-simplí - nótaí fada gan a bheith ag bogadh mórán. Cosúil leis an chláirnéid, tá sé in A - is uirlis ghléasaistrithe é. Aon nóta atá scríofa mar C, fuaimníonn sé mar A.
- Ní uirlis ghléasaistrithe é an vióla, ach úsáideann sé eochair difriúl - eochair C. Déantar é seo ionas nach bhfuil a lán línte breise (*leger lines*) le húsáid aige. Tá C-lár le fáil ar an líne sa lár.

Nuair atá tú ag leanacht an scóir:

- Scríobhtar gaothuirlisí ar barr, práis faoi sin, ansin an seinnteoir aonair, agus téaduirlisí ar bun.
- Taobh istigh de gach grúpa sríobhtar an uirlis is airde ar barr.
- Má tá sosanna ag aon uirlis faoi leith, tá seans nach scríobhtar an chliath sin ar an scór ar chor ar bith go dtí go dtagann siad ar ais isteach. Sábhálann sé seo spás ar an leathanach.
- Nuair atá tú ag smaoineamh ar na nótaí a sheineann na huirlisí ghléasaistrithe, cinntigh le páirt éigin eile iad - tá seans maith go bhfaighidh tú na nótaí céanna i bpáirt eile fosta.

Grúpáil na bpáirteanna

De ghnáth, bíonn páirt an-deacair le seinm ag an seinnteoir aonair, ach níl sé sin go hiomlán fíor sa saothar seo. Seo an coinséartó is lú deacracht de na coinséartí ar fad a chum Mozart. Go minic seasann an uirlis aonair amach thar na huirlisí eile uilig, ach níl sé sin fíor faoin saothar seo ach oiread. Sa cheann seo tá cothromaíocht idir na huirlisí nach bhfuil coitianta i gcoinséartó. Go minic úsáidtear na téad-uirlisí le téama úr a thabhairt isteach nó le seasamh amach thar na clanna eile; anseo áfach, athraíonn an ról atá acu. In amanntaí bíonn siad go mór chun tosaigh, amanntaí eile seinneann siad macalla ar pháirt an phianó agus amanntaí eile tugann siad tionlacan simplí pizzicato. Tá na gaoth-uirlisí chomh mór chun tosaigh is atá na téaduirlisí.

Uirlisí Gléasaistrithe

I gcás roinnt uirlisí ní hionann an nóta a scríobhtar agus an fhuaim a fhaightear ón uirlis. Tarlaíonn sé seo mar gheall ar chruth na huirlise agus simplíocht an mhéaraithe. Tarlaíonn an rud céanna i gcás an fheadóg stáin – bíonn an ceann is coitianta i ngléas D, ach uaireanta nuair a sheinntear na cinn atá níos mó nó níos lú (agus atá mar sin i ngléas difriúil) déantar tagairt do na nótaí i ngléas D. Maidir leis na huirlisí sa cheolfhoireann bíonn ar an chumadóir an ceol a scríobh i ngléas difriúil ionas go bhfuaimneoidh sé sa ghléas céanna leis na huirlisí nach n-athraíonn.

Na huirlisí gléasaistrithe atá in úsáid sa saothar seo:

Cláirnéid in A: An nóta atá scríofa C, fuaimníonn sé mar A.

Corn in A: An nóta atá scríofa mar C, fuaimníonn sé mar A.

Olldord: An nóta atá scríofa mar C, fuaimníonn sé C ar ochtach níos ísle.

Vióla: Ní uirlis gléasaistrithe í an vióla, ach úsáideann sí eochair éagsúil ó eochair na tribile agus ó eochair an doird. Úsáidtear an eochair C le ceol an vióla a scríobh – bíonn C lár le fáil ar an líne ar lár.

Ceachtanna

1. Sa cheacht thíos feicfidh tú fuaim an nóta mar atá sé ag teastáil ar an chéad líne. I ngach líne thíos faoi sin scríobh amach an nóta don uirlis atá tugtha ionas go bhfuaimneoidh sé ceart. Mar shampla don chláirnéid in A, athraíonn an nóta ó nóta scríofa C go fuaim A. Mar sin caithfear an nóta a scríobh <u>suas</u> tréach mion leis an fhuaim cheart a fháil. Le fuaim C a fháil mar sin is gá nóta na cláirnéide a scríobh suas tréach mion agus sin é Eb. Tá sé mar an gcéanna don chorn in A. I gcás an vióla, níl aon ghá an gléas a athrú, ach is gá oibriú amach conas an nóta a scríobh ag baint úsáide as eochair C. I gcás an olldoird,

fuaimníonn an nóta ochtach níos ísle ná an nóta scríofa, mar sin is gá an nóta a scríobh suas ochtach leis an fhuaim cheart a fháil.

Tá an chéad nóta déanta do gach uirlis. Beidh gá le nótaí an-ard a scríobh don olldord, mar sin is féidir úsáid a bhaint as lúibín in ionad línte breise.



1. Ar an scór thíos scríobh amach C-lár, mar a bheadh sé scríofa do na huirlisí seo a leanas: Vióla; olldord; cláirnéid in A; corn in A. Beidh ort an eochair a athrú.







Foirm Shonáideach

Foilsiú: An chéad (1d) ábhar sa tonach
Droichead
Le modhnú go dtí an ceannasach
2ra ábhar sa cheannasach
Codetta
Dúnadh foirfe sa cheannasach

Forbairt: Déantar forbairt ar an 1d agus 2ra ábhair i ngléasanna éagsúla
Críoch ar chorda V sa tonach

Athsheinm: 1d ábhar sa tonach
Droichead
Gan mhodhnú
2ra ábhar sa tonach
Coda
Dúnadh foirfe sa tonach

Mar gheall ar an fheidhm atá ag an cheolfhoireann agus an seinnteoir aonair, go minic i gcoinséartó seinntear an foilsiú faoi dhó - an chéad uair ag an cheolfhoireann amháin agus an dara huair ag an uirlis aonair.

Ceol Clasaiceach

Thart fán bhliain 1750 sa stair thosaigh na gnáthdhaoine ag dul chuig ceolchoirmeacha. Roimhe seo ní raibh teacht ach ag na daoine saibhre ar cheol "ard-nósach" go rialta. Bhíodh teacht ag gnáthdhaoine ar cheol na gceoltóirí taistil ach b'shin an méid. Mar gheall ar na héisteoirí "nua" seo bhí ar na cumadóirí stíl a úsáid a bheadh foirstineach(oiriúnach) dóibh. Sin an chúis gur fhás an stíl cheoil seo a dtugaimid "Clasaiceach" air inniu.

Tréithe an cheoil chlasaicigh

1. Bhí an tséis an-simplí agus taitneamhach don éisteoir. Bhíodh sé an-simplí é a chanadh siar.
2. Bhí na frásaí cothrom, rialta - 4 bharra de ghnáth - agus foirm cheist/freagra orthu.
3. Bhí an rithim simplí agus rialta.
4. Bhíodh modhnú ann go dtí na gléasanna ba chongaraí don tonach.
5. Bhí béim an-mhór ar na téaduirlisí sa cheolfhoireann agus béim níos lú ar na gaoth-uirlisí. Bhíodh na práis agus cnag-uirlisí ag seinm le teannas a chruthú nó ag buaicphointe an cheoil.
6. Ba é Mozart a thug an chlairnéid isteach sa cheolfhoireann. Socraíodh an cheolfhoireann leis na huirlisí céanna atá coitianta sa lá inniu.

- Téada: Veidhlín, vióla, dordveidhil, olldord
- Gaothuirlisí: Fliúit, óbó, cláirnéid, basún, (chomh maith leis na huirlisí gaolta leo, piccolo(fliúiteog), cor anglais, dordchláirnéid agus basún dúbailte)
- Práis: Trumpa, trombón, tiúba agus corn Francach.
- Cnag-uirlisí: Tiompáin, ciombail.

7. Bhíodh na dúntaí ag deireadh na bpíosaí marcáilte níos láidre anois cionn is go raibh na píosaí níos faide. Níor mhair siad níos faide ná cupla barra áfach.
8. Bhí na foirmeacha a bhíodh in úsáid simplí go leor - foirm shonáideach (ABA1), nó foirm dhénártha (AB).
9. Tháinig siansa chun cinn sa tréimhse seo. Seo píosa ceoil don cheolfhoireann iomlán le ceithre ghluaiseacht. De ghnáth bhíodh an chéad ghluaiseacht tapaidh agus i bhfoirm shonáideach (ABA1), an dara gluaiseacht mall agus i bhfoirm dhénártha go minic, an tríú ceann i 3/4, damhsa a bhíodh ann de ghnáth; agus an ceathrú ceann tapaidh agus i bhfoirm shonáideach nó i bhfoirm Rondo (ABACADA...)
10. Scríobhadh go leor sonáideanna sa tréimhse seo chomh maith. Seo píosa ceoil d'uirlis amháin le tionlacan ón phianó. Bhíodh trí ghluaiseacht ann - tapaidh, mall agus tapaidh.
11. Tháinig forbairt ar an choinséartó ag an am seo. Seo píosa ceoil d'uirlis amháin le tionlacan ón cheolfhoireann agus tá sé leagtha amach an-chosúil le sonáid ach amháin go mbíonn dhá fhoilsiú ann go minic - ceann don cheolfhoireann agus an dara ceann don uirlis aonair le tionlacan ón cheolfhoireann. Chomh maith leis sin, bíonn caidéinse ag deireadh na chéad ghluaiseachta - is páirt dhúshlánach den cheol é seo ina stopann an cheolfhoireann agus tugtar deis don seinnteoir aonair a t(h)allann ar an uirlis a léiriú.
12. Ba iad Joseph Haydn agus Mozart an bheirt chumadóirí is mó a sheas amach i rith an tréimhse seo. Bhí pearsantacht an-difriúl ag an bheirt. Deirtear futhu:

"*Mozart was a precocious genius, of roving disposition and unsettled habits, a born showman, a virtuoso pianist, but helpless in most of the practical affairs of life; Haydn was largely self-taught, a patient and persistent worker, modest, an excellent conductor but no virtuoso soloist, precise and regular in the conduct of his affairs, and one who on the whole lived contentedly under the patronage system - the last eminent composer to do so*."

Cumadóirí eile a mhair ag an am seo agus a chum ceol sa stíl seo:

- Beethoven (an chuid is luaithe dá chuid ceoil)
- Muzio Clementi
- Gluck
- Hummel
- Salieri

An Chéad Ghluaiseacht

Tosaíonn an chéad ghluaiseacht i ngnáthfhoirm shonáideach. Seinntear *tutti* (gach uirlis), an foilsiú ceolfhoirne ó bharra 1 - 66, leis an chéad agus an dara ábhar a léiriú. Seinneann an pianó an rud céanna (67 - 148) gan móran nua a bheith curtha leis, cé go bhfuil roinnt ornáidíochta curtha isteach. Tá an dá fhoilsiú seo ar chomhfhad (beagnach) agus tá sé seo neamhghnách; go minic tarlaíonn sé go mbíonn an foilsiú don uirlis aonair i bhfad níos faide.

De ghnáth, úsáidtear na hábhair ón fhoilsiú san fhorbairt(149 - 198), ach anseo díreach roimh thús na forbartha, tógann Mozart téama nua isteach agus úsáideann sé é seo san fhorbairt. Tá sé seo neamhghnách ach tugann sé deis dó an píosa a leathnú amach agus tugann sé ceol breise le ceangal le chéile san athsheinm.

San athsheinm (198-297) cluintear na téamaí uile arís. Tá úire ag baint leis an chéad agus leis an dara ábhair ós rud é nach raibh siad le cluinstin i rith na forbartha. Ach meascann sé na téamaí uile le chéile anseo le fuaim úr nua a thabhairt don cheol.

Foirm agus Struchtúr na Chéad Ghluaiseachta

<u>An Foilsiú Ceolfhoirne</u>

Barra 1: Chéad ábhar sa tonach, A mór



b. 9 1d ábhar athsheinnte ar GU leathnaithe amach de 2 bharra.

b. 18 Téama 1b. Ní sheinneann an pianó an téama seo riamh. Ceanglaíonn 1b an chéad agus 2ra ábhair le chéile.

b.31 An 2ra ábhar (1c) i ngléas an tonaigh. Nótaí crómatacha, *legato* i gcomparáid leis an chéad ábhar. Dhá chuid soiléir le cloisint ann, le seicheamh.



b.39 1c, athsheinnte ar GU

b.46 Téama 1d. Dúnann an téama seo foilsiú na ceolfhoirne.



An Foilsiú Pianó

b.67 Chéad ábhar sa tonach le dord Alberti sa lámh chlé. Seinneann an cheolfhoireann tionlacan.Athsheinnte ag barra 71 le hornáidiú.

b.82 Téama 1b seinnte ar an cheolfhoireann leis féin.

b.87 Tosaíonn an trasdul (droichead) le modhnú go gléas an cheannasaigh (E mór)

b.98 2ra ábhar i ngléas an cheannasaigh. Ní sheinneann an cheolfhoireann go dtí b. 107 nuair atá ornáidiú crómatach ar an phianó.

b.114 Téama 1d seinnte ar an phianó le han-chuid ornáidithe.

b.137 Codetta ag baint úsáide as téama 1b mar ábhar. Tonúlacht E mór ach le D nádurtha scapaithe tríd, rud a chruthaíonn éiginnteacht.

b.143 Téama 1e. Tá sé an-neamhghnáthach téama nua a thabhairt isteach ag an phointe seo san fhoilsiú.



b.148 Dúnadh foirfe sa cheannasach.

Forbairt

b.149 Athsheinntear téama 1e ar an phianó ach le breachnuithe.

b.156 Comhrá idir GU agus pianó/TU bunaithe ar 1e. Athraíonn an gléas: E mion, C mór, A mion, F mór.

b.170 Cláirnéid agus feadóg mhór i gcomhrá le canóin, 4ch óna chéile bunaithe ar théama 1e.

b.178 Athraíonn mothú an cheoil le corda E mór.

b.189 Caidéinse gairid le deireadh a chur leis an fhorbairt agus leis an tonúlacht a thabhairt ar ais go dtí an tonach.

Athsheinm

b.198 An chéad ábhar sa tonach. Mar a bhí ag tús na gluaiseachta ach anseo le TU agus feadóg mhór.

b.213 Téama 1b. Tonúlacht A mór go fóill. Droichead gan modhnú.

b.229 An dara ábhar sa tonach (comparáid le barra 99).

b.244 Téama 1d. (Comparáid le barra 114)

b.261 Téama 1e. Tá sé seo ar nós Coda luath.

b.268 Cuntraphointe 4-pháirt bunaithe ar théama 1e. Dúnadh briste i mbarra 274/5. Leanann an pianó le ceol cosúil le caidéinse ag críochnú ar thríleach i mbarra 283.

b.284 Téama 1b seinnte ar cheolfhoireann leis féin.

b. 290 Téama 1e, ag críochnú le corda sa dara aisiompú (barra 297) a thugann le fios go bhfuil an caidéinse le tosnú.

b.297 Scríobh Mozart an caidéinse seo amach ina iomláine, rud nar ghnáthach leis a dhéanamh.

b.298 Coda, ag baint úsáide as téama 1d agus ag críochnú le dúnadh foirfe i mbarra 314.

Freagair na ceisteanna seo a leanas bunaithe ar an chéad ghluaiseacht den coinséartó le Mozart. Ní gá éisteacht leis an cheol. Is féidir na ceisteanna a fhreagairt leis an scór i rith na bliana, agus na ceisteanna a úsáid mar dhul siar ag teacht suas go dtí na scrúduithe.

1. Cén barra ina dtagann an dara ábhar isteach den chéad uair?
2. Cén barra ina dtagann an chéad ábhar isteach ar an phianó den chéad uair?
3. Cén barra ina dtosaíonn an foilsiú don phianó?
4. Cén barra ina dtosaíonn an fhorbairt?
5. Cén barra ina dtosaíonn an athsheinm?
6. Cén gléas ina bhfuil an chéad ábhar sa dara foilsiú?
7. Cén gléas ina bhfuil an 2ra ábhar sa dara foilsiú?
8. Cén gléas ina bhfuil an 2ra ábhar san athsheinm?
9. Cén gléasanna ina bhfuil an 1d ábhar san fhorbairt?
10. Cén gléasanna ina bhfuil an 2ra ábhar san fhorbairt?
11. Cén téama a úsáidtear san fhorbairt?
12. Cén gléas é an tonach?
13. Cén gléas é an ceannasach?
14. Cén gléas ina gcríochnaíonn an chéad ghluaiseacht?
15. Cén corda ar a gcríochnaíonn an 2ra foilsiú?
16. Cén corda ar a gcríochnaíonn an chéad fhoilsiú?
17. Cén corda ar a gcríochnaíonn an cheolfhoireann roimh an chaidéinse mór?
18. Cé mhéad caidéinse atá sa chéad ghluaiseacht?
19. An bhfuil sé seo normalta nó neamhghnáthach?
20. Cén uirlisí ar a seinntear an chéad ábhar sa chéad fhoilsiú?
21. Cén uirlisí ar a seinntear an 1d ábhar sa dara foilsiú?
22. Cén uirlis ar a seinntear an 2ra ábhar sa chéad fhoilsiú?
23. Cén uirlis ar a seinntear an 2ra ábhar sa dara foilsiú?
24. Cad é an phríomhuirlis sa chéad ghluaiseacht?
25. Ainmnigh rud amháin atá difriúil sa chéad fhoilsiú ón ghnáth-fhoirm shonáideach.
26. Ainmnigh rud amháin atá difriúil sa dara foilisú ón ghnáth-fhoirm shonáideach.
27. Ainmnigh rud amháin atá difriúil san fhorbairt, ón ghnáth-fhoirm shonáideach.
28. Ainmnigh rud amháin atá difriúil san athsheinm, ón ghnáth-fhoirm shonáideach.
29. Ainmnigh an téama seo:



Ceisteanna Sainiúla

Éist leis an cheol sa chéad ghluaiseacht ó bharra 198 go dtí barra 213 agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

1. Ainmnigh an teideal agus an cumadóir den sliocht seo.
2. Ainmnigh an ghluaiseacht as ar tógadh an sliocht.
3. As cén chuid den ghluaiseacht ar tógadh an sliocht seo:

   a. coda • b. Forbairt • c. athsheinm • d. foilsiú •
4. Tá an pháirt don phianó i mb.206 bunaithe ar:

   a. tríchorda • b. arpéitse • c. scála d. corda briste •
5. Déan cur síor ar a dtarlaíonn i bpáirt an phianó i ndiaidh b.206.
6. Cén corda atá in úsáid ar an 4ú buille i mb.200?

   a. F# mion b. A mór • c. A mion • E mór •
7. Cén ceann de na teicníochtaí seo a leanas a úsáidtear i mb.203 – 204?

   a. nótaí athsheinnte • b. Fiúga • c. Dord Alberti • d. nótaí crochta •

8. Déan cur síos ar a dtarlaíonn i bpáirt na gcorn sa sliocht seo. Bain úsáid as na focail seo a leanas i do fhreagra: airde, dinimicí, sos, ochtach, comhlaí (*valves)*, séis.

9. Déan cur síos ar an pháirt atá ag na chéad veidhlíní sa sliocht seo.

An Dara Gluaiseacht

Seo an t-aon phíosa ceoil as an iomlán a chum Mozart, atá i ngléas F# mion. Tá sé in 6/8 agus úsáidtear rithim dhamhsa *siciliana* ann, mar sin fuaimníonn sé cosúil le *danse triste* nó damhsa brónach idir an dá ghluaiseacht bhríomhara eile. Idir 1778 agus a bhás in 1791 níor chum Mozart ach 10 *andante* in 6/8 agus níl rithim *siciliana* ach i bhfíorbheagán acu.

Sa ghluaiseacht seo leathnaíonn Mozart an réimse mothúchán ar an phianó. I mbarra 2 mar shampla tá léim dhrámatúil de 3 ochtach, rud a léiríonn an iarracht a bhí á dhéanamh aige féidearthachtaí na huirlise a léiriú don phobal.

Léiríonn an ghluaiseacht seo fosta an chodarsnacht idir na clanna uirlisí sa cheolfhoireann, agus ag an am céanna, an ceangal a bhí eatarthu. Seinneann siad uile le chéile ach ag an am céanna, tá siad neamhspleách ar a chéile, mar a bheadh uirlis aonair.

Mar is gnách i gcoinséartaí, tá an dara gluaiseacht mall agus smaointeach. Tá an bhéim ar an tséis, agus ar áilleacht na séise. Tá rithim sn *siciliana* bog agus suaimhneach agus ní bhaineann an rithim aird an éisteora den tséis. Cén go n-éiríonn an ceol láidir in áiteanna, bíonn an phríomhbhéim ar an suaimhneas. Ag deireadh na gluaiseachta éiríonn an ceol níos ciúine agus níos ciúine go dtí nach ann dó níos mó.

Foirm an Dara Gluaiseacht

Cuid 1 Barraí 1 – 34.

1. F#m An chéad ábhar sa tonach



Bunaithe ar fhoirm ceist agus freagra le 4 bharra sa cheist, agus 7 mbarra sa fhreagra. Úsáidtear corda neamhghnáthach leis an fhreagra a leathnú amach.

12. F#m An dara ábhar sa tonach



an téama brónach seo seinnte ar an chláirnéid in A agus veidhlín.

14. Dara ábhar arís níos airde ar fheadóg mhór.

16. Dara ábhar arís níos láidre, níos mó uirlisí agus níos mó teannais.

20 F#m 3ú ábhar seinnte ar phianó. Bunaithe go scaoilte ar an 2ra ábhar.



22 F#mion 3ú ábhar arís ar phianó aonair le hornáidiú.

24 A mór 3ú ábhar arís ar phianó le TU. Tonúlacht mhór.

Cuid 2: Barraí 35 – 52.

35. A mór Téama nua níos gile. Seinnte ar GU. Tionlacan bríomhar.



43 A mór Codetta. GU, TU agus pianó ag seinm le chéile agus in aghaidh a chéile.

50 A mór Tríleach agus dúnadh le críoch a chur leis an *codetta*.

51-52 Droichead leis an cheol a thabhairt ar ais go F# mion.

Cuid 3: Barraí 53 – 83.

53 F# mion Chéad ábhar sa tonach leathnaithe amach, le dúnadh briste.

Páirt thábhachtach agus drámatúil ag corda G mór.

68 F# mion An dara ábhar mar a bhí an chéad uair (barra 12)

76 F# mion Breachnú bunaithe ar na barraí roimhe seo.

Cloistear an dara ábhar agus breachnú ag an am céanna ar uirlisí éagsúla.

<u>Coda Barraí 84 – 99</u>

84 F# mion TU *pizzicato*. Tugann sé seo uigeacht nua don cheol.

85 Seinneann pianó téama le nótaí fada.



92 F# mion Seinntear an dara ábhar trí huaire. Éiríonn an ceol níos boige.

Freagair na ceisteanna seo a leanas bunaithe ar fhoirm na gluaiseachta.

1. Cén gléas ina dtosaíonn an ghluaiseacht seo?
2. Cén gléas ina gcríochnaíonn sé?
3. Cé mhéad gléasanna eile a dtéann sé tríothu sa ghluaiseacht?
4. Ainmnigh iad.
5. Cén mhéad codanna éagsúla atá sa ghluaiseacht?
6. Ag baint úsáide as litreacha scíobh síos an fhoirm.
7. Cé mhéad téama atá sa chéad chuid, A?
8. An ndéantar forbairt orthu seo sa dara cuid B?
9. An dtagann téama nua isteach sa dara cuid, B?
10. An ndéantar forbairt ar an téama nua seo?
11. Cén gléas ina bhfuil an dara cuid, B?
12. An athraíonn sé seo ar chor ar bith i rith an choda sin, B?
13. Cén áit?
14. Céard a tharlaíonn sa tríú cuid?
15. Cén gléas ina bhfuil an tríú cuid?
16. An athraíonn sé seo ar chor ar bith?
17. An bhfuil an chéad ábhar le fáil san athsheinm (cuid A1)?
18. An bhfuil an dara ábhar le fáil san athsheinm?
19. An bhfuil an tríú ábhar le fáil san athsheinm?
20. An bhfuil an téama nua a bhí sa dara cuid, le fáil anseo?
21. An bhfuil téama ar bith eile le fáil ann?
22. Cén téama a úsáidtear sa choda?
23. Cén gléas ina bhfuil an coda?
24. Cén saghas dúnadh atá ag an deireadh ar fad?
25. Cén téama deireanach a chloistear sa ghluaiseacht seo?
26. Cén barra ina dtosaíonn an chéad ábhar den chéad uair?

27. Cén barra ina dtosaíonn an dara cuid?
28. Cén barra in dtosaíonn an dara ábhar den chéad uair?
29. Cén barra ina dtosaíonn an tríú ábhar den chéad uair?
30. Cén barra ina dtosaíonn an athsheinm?
31. Cén barra ina dtagann an téama níos gile isteach?
32. Cén barra ina dtagann téama na nótaí fada isteach?
33. Cén barra ina dtosaíonn an coda?
34. Cé mhéad barra atá sa ghluaiseacht seo ar fad?
35. Cé mhéad barra a bhí sa chéad ghluaiseacht ar fad?

*Féach ar an scór agus freagair na ceisteanna seo a leanas bunaithe ar an scór***.**

1. I mbarra 53 cén téama a sheineann an piano?
2. Tá an téama seo briste suas i gceist agus freagra. Cé chomh fada is atá an cheist?
3. Cé chomh fada is atá an freagra sa chás seo?
4. Cé chomh fada is atá an freagra an dara huair go dtagann sé isteach sa ghluaiseacht seo?
5. Mínigh cén fáth a bhfuil difríocht ann.
6. Cén fáth a bhfuil barraí 61 agus 62 neamh-ghnáthach?
7. Cén saghas dúnadh atá seinnte i mbarraí 63 - 64?
8. Cén tionchar atá ag an dúnadh seo ar an téama seo?
9. Cén téama a thagann isteach i mbarra 68 ar an chlairnéid?
10. Cad é an chéad uair eile go seinntear an téama sin?
11. Cén uirlis a sheineann é an dara huair?
12. Cén gléas ina bhfuil an ceol i mbarra 51?
13. Cén gléas ina bhfuil an ceol i mbarra 53?
14. Cén gléas ina bhfuil an ceol i mbarra 68?
15. Cén chuid den ghluaiseacht a thosaíonn i mbarra 53?
16. Cad a thugaimid ar an ghiota den cheol i mbarra 51 - 53?
17. Ainmnigh an corda atá seinnte ar an dara buille i mbarra 56.
18. Ainmnigh an corda ar an chéad bhuille de bharra 71.
19. Déan cur síos ar pháirt an 2ra veidhlín ó bharra 68 go barra 75.
20. Ainmnigh na téamaí seo:





Freagair na ceisteanna ginearálta seo ar an dara gluaiseacht.

1. Cén gléas ina bhfuil an ghluaiseacht seo?
2. Cén t-amchomhartha atá in úsáid ann?
3. Cad is brí leis an amchomhartha seo?
4. Mínigh "*Adagio*"
5. Tá rithim dhamhsa in úsáid sa ghluaiseacht seo. Céard é?
6. Tá an chéad ábhar bunaithe ar cheist agus freagra. Cad tá neamhghnáthach faoi fhad na bhfrásaí?
7. Ainmnigh an corda ar an chéad bhuille i mbarra 9.
8. Cad tá neamhghnáthach faoin chorda seo?
9. Cén barra ina seinntear an dara hábhar den chéad uair?
10. Cén gléas ina bhfuil sé?
11. I mbarra 12 den scór tá sosanna scríofa faoi na nótaí don chláirnéid. Mínigh é seo.
12. Cad air a bhfuil an tríú ábhar bunaithe?
13. Cén luach atá ar gach ceann de na chéad 5 nóta a sheinntear sa lámh dheas den phianó i mbarra 20?
14. Cén t-ainm atá ar na nótaí seo?
15. Ag tús Cuid 2 den ghluaiseacht tá "Tutti" scríofa ar an scór. Mínigh.
16. Déan cur síos ar an tionlacan a sheinneann an dara cláirnéid ag an phointe seo.
17. Tá "codetta" le fáil i mbarra 43. Cad is brí leis seo?
18. Ainmnigh na trí ghrúpa uirlisí atá ag seinm in aghaidh a chéile ag an phointe seo.
19. Ainmnigh an dúnadh i mbarraí 50-51.
20. Ainmnigh an dúnadh i mbarraí 63-64.
21. Ainmnigh an corda a sheinntear i mbarra 65.
22. Cén focal is fearr a dhéanann cur síos ar rithim an cheoil a sheinntear ar na veidhlíní i mbarraí 86-91?
23. Cén téama a sheinntear trí huaire roimh an deireadh?
24. Mínigh "pp".
25. Ainmnigh na cordaí atá á seinm sa téama seo.



26. Ainmnigh an dúnadh a sheinntear ag an deireadh.
27. Mínigh an focal "seachtrán" i gcomhthéacs an téama seo.
28. Buail amach rithim na séise sa sliocht seo thuas.
29. Buail amach rithim an tionlacain.

An Tríú Gluaiseacht

An phríomhthréith atá ag an ghluaiseacht seo ná na téamaí éagsúla agus an gaol atá eatarthu. Tá 10 dtéama thábhachtacha sa ghluaiseacht agus ar a bharr sin tá fothéamaí nó giotaí a bhfuil tábhacht ag baint leo fosta. Is fusa amharc orthu seo mar chuid den fhoirm Rondó-Shonáideach.

Cé go dtugar athsheinm ar an chuid dheireanach den ghluaiseacht seo, tá feidhm dhifriúil aige ón athsheinm sa chéad ghluaiseacht. Ansin cheangail an athsheinm na téamaí uile le chéile le hiad a léiriú don éisteoir arís. Ach anseo athraítear na téamaí, seinntear ar uirlisí éagsúla iad agus cuireann sé seo neart agus láidreacht leis an cheol.

	Foirm shonáide Téamaí	Foirm Rondo Eipeasóidí	Barra
Foilsiú			
1ú ábhar	A	1a + b	1
		2	40
	B	3a	62
2ú ábhar	C	3b	106
		4	129
	D	5	176
1ú ábhar	A	1a	202
Forbairt			
	E	6	230
	F	7	262
Athsheinm			
1ú ábhar	B	3a	312
2ú ábhar	C	3b	330
		4	363
	D	5	411
Coda			
	A	1a + b	441
	D	5	480
		2	496

Tionchair

Cé gur rud neamhghnách go maith é téamaí nua a tabhairt isteach, gan aon cheangal acu le ceol a chuaigh rompu, is féidir tionchar a fheiceáil ó dhamhsa ag an am agus ó cheoldrámaí grinn. Ceoldráma buffa an t-ainm a bhí ar an cheoldráma éadrom ag an am, agus bhí meascán ann den réamhcheol, aria, finale agus is féidir na codanna seo a cheangal le píosaí éagsúla sa ghluaiseacht seo. Bíonn téama nua sa cheol cosúil le carachtar nua ag teacht isteach sa dráma.

Na Téamaí

Seo thíos na príomhthéamaí atá ar fáil sa tríú gluaiseacht.

Téama A nó Eipeasóid 1a



Téama A an dara leath; nó Eipeasóid 1b



Eipeasóid 2



Téama B nó eipeasóid 3a:



Téama C nó eipeasóid 3b:



Eipeasóid 4:



Téama D nó eipeasóid 5:



Téama E nó eipeasóid 6:



Téama F nó eipeasóid 7:



Foirm an Tríú Gluaiseacht

Is é foirm shonáidrondó an fhoirm atá ag an ghluaiseacht seo. Is comhnascadh é seo den fhoirm shonáideach (mar atá sa chéad ghluaiseacht) agus foirm rondó (ABACA…). San anailís atá tugtha thíos déantar tagairt do struchtúr na foirme sonáideach sna hábhair agus sna téamaí, agus déantar tagairt do struchtúr na foirme rondó sna heipeasóidí.

Foilsiú: Barraí 1 - 229

An Chéad Ábhar (barraí 1 – 105) A mór

Barra	Eipeasóid	
1	1a	Téama A, an chéad leath, seinnte ar phianó aonair. 8 mbarra athsheinnte ag an cheolfhoireann. 
16	1b	Téama A, dara leath. TU agus GU gach 4 bharra. 
32		Droichead.
40	2	Trasdul a chinntíonn gléas A mór. Comhrá idir corn agus veidhlín 1 agus fliúit. Ag b.46 comhrá idir cláirnéid agus basún. 
62	3a	Téama B ar phianó aonair. Ag b.77 tógann cláirnéid agus corn an tséis. B.77 tá scálaí ag dul suas agus modhnaíonn sé go gléas E mór faoi b.105. Tá sos 3 bhuille ann le béim a chur ar an chéad chuid eile. 

An Dara Ábhar (barraí 106 – 201) E mór

106	3b	Téama C. Seinneann fliúit agus basún in ochtacha le tionlacan ó TU. Gléas E mion. Ag b.113 seinneann pianó le béim a chur ar E mion. B.118 blas de C mór; b.129 gléas E mór. 
129	4	Seinneann an pianó an chuid seo ar fad, le tionlacan i stíleanna éagsúla ón cheolfhoireann. Féach ar na stíleanna éagsúla agus déan cur síos orthu sna barraí seo a leanas: 129, 135, 141, 145, 151, 157, 163, 167, 171.



176 5 Téama D ar phianó le troitheán 12 bharra ar chorn le *pizz* ó TU. Ag b.181 seinntear D arís ar GU le cuntrashéis ar phianó. B.187 seinntear 15 bharra d'idircheol.



An Chéad Ábhar (barraí 202 - 229) A mór (Feidhmíonn sé seo mar dhroichead nó mar churfá.)

202 1a Téama A arís mar a bhí ag an tús, ar phianó. Freagra ón cheolfhoireann i mb.210 ach tá modhnú ann go F#mion. Sroichtear an gléas seo i mb.230.

Forbairt: Barraí 230 - 311

230 6 Téama E. Athrú iomlán i mothú an cheoil anseo le téama E in F#mion. Ag b.238 freagraíonn GU le 8 mbarra ag críochnú ar an cheannasach (C# mór)

Athsheinntear an t-iomlán ach críochnaíonn sé i D mór faoi b.262.



262 7 Téama F. Tugann an pianó tionlacan don chlairnéid a sheinneann téama F. Athseinntear an téama ar GU (b.278) le freagra ón phianó i mb.286.



294 Seinntear 18 mbarra de chomhrá idir pianó agus GU, filleann an ceol ar ghléas A mór.

Athsheinm/Athfhoilsiú: Barraí 312 - 440

312 3a Téama B athseinnte ar phianó in A mór, ansin ar GU in A mion (b.320).

330 3b Téama C ar GU sa ghléas mór ansin ar phianó sa ghléas mion b.338.

Droichead bunaithe ar théama C ó b.346.

363 4 Is athsheinm iad b.363 – b.410 de b.129 – b.174 le tionlacain éagsúla ón cheolfhoireann.

411 5 Téama D ar phianó le tionlacan *pizz* ar TU. Athsheinnte b.418 ar GU le cuntrashéis ar phianó. Tosaíonn droichead i mb.423.

Coda: Barraí 441 - 524		
441	1a	Téama A, an chéad leath ar phianó, le tionlacan tar éis 4 bharra ó GU. Seinneann an cheolfhoireann iomlán é i mb.449.
456	1b	Téama A, dara leath, seinnte ar TU agus GU ar feadh 8 mbarra agus ansin ar phianó chomh maith. Droichead 8 mbarra ina dhiaidh.
480	5	Téama D arís ach i ngléas D mór, ar dtús ar phianó, ansin *tutti*.
496	2	Comhrá idir corn agus veidhlín 1 agus fliúit (tagairt do b.40). Ag b.508 tosaítear ar 18 mbarra de cheol a chuireann críoch leis an ghluaiseacht agus atá cosúil le ceol a cloiseadh ar dtús i mb.52.

Na Príomhphointí

Foilsiú:	Barraí 1 - 229
Forbairt:	Barraí 230 - 311
Athsheinm/Athfhoilsiú:	Barraí 312 - 440
Coda:	Barraí 441 - 524

Le déanamh:

- Scríobh amach na téamaí atá sa tríú gluaiseacht.
- Can gach ceann acu.
- Scríobh focail le dul le gach ceann le cuidiú leat cuimhniú orthu.
- Scríobh isteach an sólfá tonach faoi gach nóta agus can gach téama leis.
- Ag obair i mbeirteanna can duine amháin agaibh téama agus lig don duine eile é a aithint.
- Seinn gach téama ar do rogha uirlis.
- Gearr suas na téamaí ionas go bhfuil téama amháin ar gach píosa páipéir.
- Measc suas na píosaí páipéir agus ainmnigh na téamaí.
- Ainmnigh gléas gach téama de réir mar a phiocann tú suas é.
- Déan iarracht a rá cén gléasanna eile ina bhfuil an téama sin ar fáil sa ghluaiseacht.
- Smaoinigh ar bhealaí eile leis na téamaí seo a fhoghlaim.
- Buail amach rithim gach téama.
- Ag obair i mbeirteanna, buail duine amáiun agaibh rithim théama ar bith agus lig don duine eile é a ainmniú.
- Buail amach an rithim seo:



Ceisteanna

1. Cén gléas ina bhfuil an ghluaiseacht seo?
2. Ainmnigh trí ghléas eile a dtéann an ceol tríothu.
3. Cén fhoirm atá ag an ghluaiseacht seo?
4. Cén trí phríomh-chuid atá le fáil i bhfoirm shonáideach?
5. Mínigh foirm rondó.
6. Ainmnigh na téamaí (sa ghluaiseacht seo) atá cothrom leis na codanna seo a leanas den ghnáth-fhoirm shonáideach:

m.sh.1d ábhar	=	A, B
2ra ábhar	=	_____
Codetta	=	_____
Forbairt	=	_____
1d ábhar san athsheinm	=	_____
2ra ábhar san athsheinm	=	_____
Coda	=	_____

7. Cén gléas ina bhfuil téama A ag an tús?
8. Cén gléas ina bhfuil téama A ag deireadh an fhoilsithe (202)?
9. Cén gléas ina bhfuil téama A sa coda (441)?
10. Cén gléas in a bhfuil téama C (an 2ra ábhar) san fhoilsiú (106)?
11. Cén gléas ina bhfuil téama C san athsheinm (330)?
12. An bhfuil aon rud neamh-ghnáthach faoi na gléasanna ina bhfuil téama C? Mínigh.
13. Cén gléas ina bhfuil téama D (2ra leath den 2ra ábhar) san fhoilsiú (176)?
14. Cén gléas ina bhfuil téama D san athsheinm (411)?
15. Cén gléas ina bhfuil téama D sa Coda (480)?
16. An bhfuil aon rud neamh-ghnáthach faoi na gléasanna seo? Mínigh.
17. Scríobh amach téama A anseo:

_____
_____
_____
_____
_____

18. Scríobh amach téama D anseo:

_____
_____
_____
_____
_____

19. Scríobh amach téama C anseo:

_____
_____
_____
_____
_____

20. Déan cur síos ar na difríochtaí idir na gluaiseachtaí éagsúla den saothar seo faoi na cinn-teidil seo a leanas: foirm, atmaisféar, téamaí, gléasanna.

Amharc ar an scór den tríú gluaiseacht agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén dá uirlis a sheineann téama A idir barraí 1 agus 11?
2. Déan cur síos ar an mhéid a tharlaíonn idir veidhlíní 1 agus vla/doird i mbarra 16 - 20.
3. Cén dá nóta a sheinntear ar na coirn i mbarra 23 - 24?
4. Cén luach atá ar na nótaí a sheinntear ar vln 2 agus vla i mbarraí 40 - 45?
5. I mbarra 66 agus 67 cén ghluaiseacht cordaí a sheinntear (mar shampla I - Ib - IV nó Ic - V- I)?
6. Déan cur síos ar agus ainmnigh an ornáidíocht a úsáidtear i mbarra 78 agus 80.
7. Cén cineál nótaí (séis, ní rithim) a úsáidtear i mbarra 92 sa lámh dheas den phiano?
8. I mbarra 106 seinneann an fheadóg mhór agus an basún:

   3ch óna chéile • ar aon nóta • 8ch óna chéile •
9. Cén corda a sheinntear i mbarra 114?
10. Déan cur síos ar pháirt an phiano i mbarraí 286 - 292.

Amharc ar an scór de bharraí 210 - 224 agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén ghluaiseacht as ar tógadh an sliocht seo?
2. Cén fhoirm atá ag an ghluaiseacht seo?
3. Scríobh leagan amach na foirme sin i litreacha.
4. Cen chuid den ghluaiseacht atá le fáil sa sliocht seo?
5. Cén gléas ina bhfuil an ceol i mbarra 213?
6. Cén dúnadh atá seinnte idir an buille deireanach de bharra 212 agus an chéad bhuille de bharra 213?
7. Cén téama a sheinntear ar na chéad veidhlíní i mbarraí 213 go dtí 217?
8. Cad a thugtar ar an nóta a sheinntear sna dordveidhlí agus sna holldoird i mbarraí 223 agus 224?

   Glissando • Nóta troitheánach • Vibrato • tríleach
9. Mínigh go díreach cad tá i gceist leis sin.
10. Cén nótaí a sheinneann na coirn i mbarraí 213 go dtí 217?
11. Cén fáth a bhfuil sé seo suimiúil, nó neamh-ghnáthach? Cén fáth a sheinntear na nótaí seo?
12. Ainmnigh an chéad chorda i mbarra 218.
13. Ainmnigh an teicníocht chumadóireachta atá in úsáid sa lámh dheas den phiano i mbarraí 218/9:

    Glissando • Seicheamh • troitheán tríleach
14. Ainmnigh áit amháin eile sa sliocht seo a bhfuil an teicníocht chéanna in úsáid ann.
15. Cuir páirt an 1d veidhlín i mbarraí 213 - 217 i gcomparáid le páirt na n-uirlisí céanna i mbarraí 218 - 222. Cad is cúis leis an difríocht?
16. Scríobh amach na nótaí a sheinnfí nuair atá tríleach ar nóta. Bain úsáid as leathchamáin.



Amharc ar an scór de barraí 73 – 85 agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén ghluaiseacht as ar tógadh an sliocht seo?
2. Cén fhoirm, i litreachta, atá ag an ghluaiseacht seo?
3. Cén t-ainm a thugaimid ar an fhoirm seo?
4. Cén chuid den ghluaiseacht as ar tógadh an sliocht seo?
5. Cén téama a sheinntear sna chéad veidhlíní i mbarraí 73 - 76?
6. Cén téama a seinntear breachnú air i bpáirt an phianó i mbarraí 76 - 79?
7. Tagann téama difriúil isteach sa lámh dheas den phianó i mbarra 80. Cén téama é?
8. Cén áit faoi leith ina bhfuil an téama seo le fáil?
9. Cén teicníocht chumadóireachta atá le fáil sa lámh chlé den phiano i mbarraí 76 - 79?

   Troitheán Dord Alberti • Seicheamh • glissando •
10. Cé chomh coitianta is atá an teicníocht seo i gceol Mozart?
11. Déan cur síos ar pháirt an dara veidhlín i mbarraí 73 - 75.
12. Déan cur síos ar pháirt na gcorn sa sliocht seo ar fad.
13. Cén teicníocht chumadóireachta atá le fáil idir barraí 76 agus 79?

    Troitheán • Dord Alberti • Canón • Seicheamh •

    Mínigh go díreach cad tá i gceist leis an teicníocht seo.
14. Mínigh an treoir *pizz.* atá le fáil i mbarra 84.
15. Cén teicníocht atá in úsáid sna dordveidhlí agus sna holldoird i mbarraí 80 - 83?

    Seicheamh • Dord Alberti • Troitheán • Canóin •
16. Mínigh na téarmaí seo a leanas: Seicheamh, Dord Alberti, troitheán, canóin, comhrá idir uirlisí, tonach, ceannasach, modhnú, *pizziato, tutti.*
17. Scríobh amach na cordaí seo a leanas i stíl dord Alberti: A – D – E – A. Bain úsáid as barra amháin ar gach corda in am 2/4.

18. Scríobh amach seicheamh ar an phátrún seo a leanas:



Táblaí na dTéamaí
Gluaiseacht 1

Líon isteach na táblaí seo bunaithe ar théamaí as an chéad ghluaiseacht, faoi mar atá tosaithe sa chéad sraith

1d ábhar.

Barra	Príomh-uirlisí	Uirlisí Tionlacain	Gléas + tonúlacht	Dinimicí	Cuid
1	Veidhlín 1	Téaduirlisí	A mór	Pianó = ciúin	Foilsiú
67					
198					

2ra ábhar

Barra	Príomhuirlisí	Tionlacan	Gléas/tonúlacht	Dinimicí	Cuid den ghluaiseacht
30	Veidhlín 1	TU	A mór – an tonach	P = pianó = ciúin	Foilsiú
98					
228					

Gluaiseacht 2

Líon isteach na táblaí seo bunaithe ar na téamaí sa dara gluaiseacht, faoi mar atá tosaithe sa chéad sraith.

1d ábhar

Barra	Príomhuirlisí	Uirlisí Tionlacain	Gléas +tonúlacht	Dinimicí	Cuid den ghluaiseacht
1	Pianó. Léim an-mhór sa 2ra barra.	Ní thugann aon uirlis eile tionlacan.	F# mion	P	Cuid 1
53					

2ra ábhar

Barra	Príomh-uirlis(í)	Tionlacan	Gléas/tonúlacht	Dinimicí	Cuid den ghluaiseacht
12	Cláirnéid agus veidhlín 1. Athsheinnte ar uirlisí éagsúla.	Téaduirlisí	F# mion	P = ciúin	Cuid 1
68					
92					

3ú ábhar

Barra	Príomhuirlisí	Uirlisí Tionlacain	Gléas +tonúlacht	Dinimicí	Cuid den ghluaiseacht
20	Pianó. Téama crómatach.	Ní thugann aon uirlis eile tionlacan.	F# mion	P	Cuid 1
53					

Gluaiseacht 3

Líon isteach na táblaí seo bunaithe ar na téamaí sa tríú gluaiseacht, faoi mar atá tosaithe sa chéad sraith.

Téama A

Barra	Príomh-uirlis(í)	Uirlisí Tionlacain	Gléas/tonúlacht	Dinimicí	Cuid den ghluaiseacht
1					
202					
441					

Téama B

Barra	Príomh-uirlis(í)	Uirlisí Tionlacain	Gléas/tonúlacht	Dinimicí	Cuid den ghluaiseacht
62					
312					

Téama C

Barra	Príomh-uirlis(í)	Uirlisí Tionlacain	Gléas/tonúlacht	Dinimicí	Cuid den ghluaiseacht
106					
330					

Téama D

Barra	Príomh-uirlis(í)	Uirlisí Tionlacain	Gléas + tonúlacht	Dinimicí	Cuid den ghluaiseacht
176					
411					
480					

Téama E

Barra	Príomh-uirlis(í)	Uirlisí Tionlacain	Gléas + tonúlacht	Dinimicí	Cuid den ghluaiseacht
230					

Téama F

Barra	Príomh-uirlis(í)	Uirlisí Tionlacain	Gléas + tonúlacht	Dinimicí	Cuid den ghluaiseacht
262					

Ceisteanna Ardleibhéil

1. Scríobh aiste ar thábhacht Mozart mar chumadóir i rith na tréimhse Clasaicigh.

2. Déan cur síos ar na huirlisí a d'úsáid Mozart sa cheolfhoireann agus ar an úsáid a bhain sé astu.

3. Déan cur síos ar an choinséartó mar fhoirm i rith na tréimhse Clasaicigh.

4. Déan cur síos ar na teicníochtaí cumadóireachta a d'úsáid Mozart sa saothar seo.

5. Déan cur síos ar an úsáid a bhain Mozart as rithim sa saothar seo.

6. Ag baint úsáide as an chéad 4 bharra d'aon téama i ngléas mór as an saothar seo, cum frása 16 bharra bunaithe air. Cuir isteach modhnú go dtí an ceannasach. Abair cén uirlis ar mhaith leat an tséis a bheith seinnte air.

7. Scríobh faoi na cumadóirí móra a mhair i rith na tréimhse Clasaicigh agus tréithe an cheoil a scríobh siad.

8. Déan cur síos ar na huigeachtaí is coitianta a d'úsáid Mozart sa saothar seo.

9. Déan cur síos ar na foirmeacha éagsúla atá le fáil sa saothar seo.

10. Pioc amach 5 shampla d'ornáidiú sa saothar seo agus abair conas a chuireann siad leis an tséis.

11. Tóg frása amháin as na cinn atá tugtha thíos agus leathnaigh amach go píosa ceoil 16 bharra déag é. Cuir isteach modhnú chuig an cheannasach.







12. I gcás na dtéamaí nár roghnaigh tú don chumadóireacht, ainmnigh iad agus abair cén ghluaiseacht as ar tógadh iad. Cuir cordaí ag tús gach barra – ní gá cloígh leis na cordaí a roghnaigh Mozart.

Treoir Staidéir

Conas staidéar éifeachtach a dhéanamh ar an saothar le Mozart:

1. Foghlaim an struchtúr agus na gléasanna i ngach gluaiseacht.
2. Bí ábalta na téamaí a aithint agus a ainmniú.
3. Bí ábalta na téamaí a scríobh amach ó chuimhne.
4. Éist leis an saothar uair amháin gach seachtain leis an scór.
5. Tabhair aird mhaith ar na nótaí atá scríofa isteach sa scór agat agus tú ag éisteacht.
6. Caith leath-uair a chloig gach coicís ag cuartú na rudaí seo a leanas (leis an scór agus an taifeadadh):

   Troitheán glissando canóin seicheamh

   Nótaí athsheinnte cuntraphointe aithris tremolo

   dúntaí neamhfhoirfe Nótaí crómatacha dúntaí foirfe dúnadh briste

   Dúnadh eaglasta uirlisí éagsúla scálaí uigeacht chuntraphointeach

   Arpéitsí téamí faoi leith ornáidíocht ochtacha

   Dord Alberti comhrá idir uirlisí modhnú - le dúnadh foirfe
7. Tóg téama 1 mar atá sé seinnte tríd an ghluaiseacht agus déan comparáid idir na leaganacha éagsúla de. Smaoinigh faoi uigeacht, uirlisí, dinimicí, breachnú, ornáidíocht. Déan é seo leis na téamaí uilig.
8. Tóg na huigeachtaí éagsúla: cuntraphointeach, homofónach, monofónach, agus bí ábalta samplaí de seo a aimsiú ar an scór, nó sa cheol.
9. Déan staidéar ar an mhodhnú a bhíonn le fáil tríd an phíosa. Tá dúnadh foirfe sa ghléas nua de dhíth sula mbíonn modhnú curtha i gcrích.
10. Nuair atá tú ábalta na rudaí seo thuas luaite a aithint leis an scór agus taifeadadh le chéile, déan iarracht iad a dhéanamh leis an taifeadadh amháin gan an scór; agus ansin leis an scór amháin, gan an taifeadadh.

Symphonie Fantastique

Hector Berlioz

Innéacs

Saol Berlioz 34

Stíl cheoil Berlioz 35

Saothair is Tábhachtaí 36

An Tréimhse Rómánsach 36

La Symphonie Fantastique 38

Uirlisí 39

Un Bal: Cur síos, Anailís, Ceisteanna 43

Marche au Supplice: Cur síos, Anailís, Ceisteanna 48

Tuilleadh ceisteanna 53

Ceisteanna ardleibhéil 58



Saol Hector Berlioz (1803 – 1869)

Rugadh Hector Berlioz sa Fhrainc ar an 11 Nollaig 1803. Ba dhochtúir é a athair agus chuir sé oideachas ar a mhac go luath ina shaol. Bhí Berlioz óg díograiseach agus bhí tallann sa cheol aige: rinne sé staidéar ar an fheadóg mhór agus ar an ghiotar ach ní ar an mhéarchlár. Thosaigh sé ag cumadh ceoil go luath ina shaol fosta, agus foilsíodh cuid den cheol sin agus é ina dhéagóir. Úsáidtear séis as amhrán a chum sé agus é ina dhéagóir, ag tús an Symphonie Fantastique agus is é is bun leis an *idée fixe*.

Nuair a bhí sé dhá bhliain déag d'aois thit sé i ngrá le Estell Duboeuf, cailín a bhí sé bliana níos sine ná é. Bhí an-tionchar ag an ghrá seo ar a chuid cumadóireachta. Nuair a bhí sé seacht mbliana déag d'aois thosaigh sé ag déanamh staidéir ar leigheas i bPáras mar a bhí a athair ag iarraidh air a dhéanamh. Ach níor ghlac sé i bhfad air blas de na ceoldrámaí a fháil agus é i bParás agus lean sé air ag cumadh ceoil i rith an ama. I ndiaidh dhá bhliain d'éirigh sé as an chúrsa leighis (1824) agus bhí an oiread sin díomá ar a thuismitheoirí gur dhiúltaigh siad éisteacht leis an cheol a chum sé. Thosaigh sé ag staidéar ceoil go lánaimseartha agus bhain sé duaiseanna a chuir ar a chumas taisteal chuig an Iodáil agus chuig an Ghearmáin le tuilleadh a fhoghlaim faoin cheol. Bhí an-tionchar ag cumadóirí Gluck, Beethoven agus Weber air, agus dá bharr seo chuir sé saibhreas breise ina chuid ceoil.

I rith a shaoil, b'fhear mothálach éirimiúil é Berlioz, agus tá sé seo le cluinstin go láidir ina chuid ceoil. Bhí sé an-dílis don Fhrainc, i gcónaí ag iarraidh feabhas a chur ar shaol cheol na Fraince. Bhí an-chuid cumadóirí cairdiúil leis m.sh. Liszt, Chopin, Mendelssohn, Paganini, Schumann, Saint-Saëns agus Wagner.

Bhí sé an-tógtha le Shakespeare agus chum sé roinnt ceoil do dhrámaí s'aige: The Tempest, siansa Romeo agus Juliet, réamhcheol King Lear. Sa bhliain 1827 thit Berlioz i ngrá leis an aisteoir Harriet Smithson i ndiaidh dó í a fheiceáil i ndráma. Cé nár bhuail siad lena chéile roimhe seo scríobh sé neart litreacha chuici inar mhaígh sé grá domhain di; níor fhreagair sí iad.

Sa bhliain 1830 chríochnaigh Berlioz an siansa Symphonie Fantastique, a bhfuil cúig ghluaiseacht ann. Tá tionchar an ghrá leatromach le cluinstin go soiléir sa bhinbeacht atá ann. Bhí an-chuid smaointe nua sa siansa seo agus nuair a cluineadh é den chéad uair aithníodh tallann Berlioz mar chumadóir den chéad scoth. Tamall ina dhiaidh seo d'aithin sé nach raibh seans ar bith aige le Harriet Smithson agus chuaigh sé idir dáil agus pósadh le pianadóir óg as an Bheilg - Camille Moke. Tamall ina dhiaidh sin arís cuireadh an bhainis ar ceal. Chaith sé bliain san Iodáil, áit a raibh tionchar ag an atmaisféar agus cultúr ann ar a chuid ceoil.

D'fhill sé ar Phárás sa bhliain 1832 agus chum sé go leor ceoil ansin, ina measc siansa faoi choinne veidhlín aonair agus ceolfhoirne dár theideal Harold in Italy. Thosaigh sé ag smaoineamh ar Harriet Smithson arís ansin agus phós siad sa bhliain 1833. Bhí mac acu darbh ainm Louis, sa bhliain 1834. Ainneoin go raibh an-rachairt ar a chuid ceoil, bhí Berlioz bocht agus bhí air roinnt scríbhneoireachta a dhéanamh in irisí ceoil lena theaghlach a chothú. Faoin am ar éirigh Harriet as obair ag deireadh na 1830idí, bhí sí ag ól go trom agus bhí deacrachtaí acu sa phósadh.

Ainneoin gur chum sé an-chuid i rith na 1840í i bPárás, níor thaitin an ceol sin le go leor daoine ann, mar gur shíl siad go ndeachaigh sé thar fóir. Mar thoradh air seo, chaith sé an chuid eile dá shaol ag taisteal go minic, go háirithe chuig an Ostair, an Ghearmáin, Sasana agus an Rúis, áit a bhfuair sé an t-aitheantas a bhí tuillte aige. Chuir sé aithne ar cheoltóir óg Marie Recio, duine a thug an-tacaíocht dó. Nuair a fuair Harriet bás i 1854 phós Berlioz Marie.

Fuair sé bás i bPárás i mí Márta na bliana 1869; mhair sé níos faide ná a bheirt bhan, Harriet agus Marie, a mhac Louis, a athair, a dheirfiúracha agus go leor dá chairde. Ag deireadh a shaoil, ní raibh fágtha aige ach Estelle Duboeuf a d'éirigh cairdiúil leis agus tábhachtach dó arís.

Stíl Cheoil Berlioz

Go minic i gceol Berlioz bíonn meascán de dhá *genre* ann. Mar shampla, sa cheoldráma Les Troyens tá samplaí de chumadóireacht siansach agus de cheol drámatúil. Tá *idée fixe* le fáil sa Symphonie Fantastique, téama a sheasann dá ghrá; athraíonn an téama de réir mar a athraíonn an scéal. Is cosúil le coinséartó an siansa Harold in Italy áit a bhfuil téama, seinnte ar an vióla, a thagann ar ais tríd na gluaiseachtaí uile, cosúil le *idée fixe* an Symphonie Fantastique. Deirtear gur dhiúltaigh Paganini an píosa seo a sheinm mar nár thug sé go leor aitheantais cheoil dó agus dá thallann! Tá tréithe ceoldrámaí le fáil sa siansa drámatúil Romeo and Juliet atá scríofa do cheolfhoireann, do cheoltóirí aonair agus do chór, rud a leanann sampla Beethoven óna shiansa deireanach Uimh. 9.

Tá sampla iontach dá thallann chruthaitheach le fáil sa *Scherzo* Queen Mab as Romeo and Juliet agus tá sé an-éasca don éisteoir na síoga a shamhlú ag cruthú líon damháin alla.

Bhí tionchar ag traidisiúin na Fraince, go háirithe ceoldrámaí, ar a chuid ceoil. Fuair sé inspioráid ón chumadóir Gluck agus óna mhúinteoirí Leseur agus Reicha. Tá tionchar Weber le cluinstin go soiléir, go háirithe sa saothar Symphonie Fantastique. Ainneoin na dtionchar seo uile, d'éirigh le Berlioz a stíl phearsanta féin a chruthú agus bhí stíl neamhspleách aige i gcónaí.

Bíonn séiseanna ina chuid ceoil fada, mothálach, agus bíonn fad mí-rialta sna frásaí go minic. Bíonn uigeacht chuntraphointeach ann go minic agus bíonn úire faoi leith le fáil sa rithim. Cóiriú don cheolfhoireann an tallann ba mhó a bhí aige, agus bíonn idir shaibhreas agus úire ag baint leis an mheascán d'uirlisí a chuireann sé le chéile le fuaimeanna nua a dhéanamh.

D'éirigh le Berlioz atmaisféir éagsúla a léiriú ar bhealach cruinn trí na séiseanna, rithimí agus uigeachtaí fuaime a roghnaigh sé.

Saothair is tábhachtaí

Réamhcheolta:	Les Francs-Juges	1862
	Waverley	1828
	The Tempest - Réamhcheol Faintéiseach	1830
Cantáid:	The Death of Cleopatra	1829
Siansaí:	Symphonie Fantastique	1830
	Romeo and Juliet	1839
	Grand Symphonie Funèbre et Triomphale	1840
Réamhcheolta:	King Lear	1831
	Rob Roy	1831
	The Corsair	1844
	Roman Carnival	1844
Saothair Dhrámatúla:	Lélio (ag leanacht ó Symphonie Fantastique)	1831
Guth agus Ceolfhoireann:	Requiem	1837
Pianó/Orgán:	Les nuits d'été	1841
	Funeral March (Hamlet)	1844
	The Damnation of Faust	1846
	Te Deum	1849
	The Childhood of Christ	1854
Ceoldrámaí:	Benvenuto Cellini	1838
	Les Troyens	1858
	Beatrice and Benedict	1862

An Tréimhse Rómánsach

Is mó an tsuim a bhí ag na cumadóirí Rómánsacha sna hEalaíona agus go speisialta i litríocht a linne ná mar a bhí ag na cumadóirí a mhair rompu. Ba é an ceol an meán a bhí ag na cumadóirí Rómánsacha lena gcuid mothúchán agus giúmar a léiriú agus bhí an féin-nochtadh seo níos tábhachtaí ina n-aigne ná foirm agus cruth a gcuid ceoil. Baineadh úsáid níos saoire as athruithe gléis, ní raibh na frásaí chomh rialta, agus léirigh teidil a gcuid saothar fiú, an dearcadh nua i gcúrsaí cumadóireachta.

Ceol léiritheach/tuairisciúil

Mar a dúradh cheana bhí an-suim ag na cumadóirí Rómánsacha i litríocht a linne. Bhí Wagner, Schumann agus Berlioz an-tugtha don léitheoireacht, rud a d'fhág a rian ar a gcuid ceoil. Is é an toradh a bhí ar an tsuim seo sa litríocht ná ceol de chineál úr – ceol léiritheach (tuairisciúil) - ceol a insíonn scéal, nó a dhéanann cur síos ar eachtra nó ar phictiúr trí fhuaim. Níor lig na cumadóirí seo do rialacha daingne bac a chur orthu ná ar a gcuid mothúchán.

Roinnt de shaintréithe an cheoil sa tréimhse seo

1. Thosaigh na cumadóirí ag briseadh amach ó shrian na 'rialacha' (a leag an pobal éisteachta síos sa Tréimhse Chlasaiceach) go gcaitheadh an ceol bheith deas/cothrom, le rithim shimplí agus araile. Chloígh roinnt cumadóirí leis na foirmeacha a bhí ann roimhe ach d'athraigh siad iad ar a rogha bealach.
2. Tugadh díchordaí isteach in áit na gcomhchordaí a bhíodh ann agus bhíodh siad le fáil go minic tríd an cheol. Bhíodh modhnú ann go dtí aon ghléas ón tonach (m.sh. thiocfadh le cumadóir bogadh ó ghléas G mór (géar amháin)go dtí gléas B maol mion (5 mhaol).
3. Bhí i bhfad níos mó saoirse anois sa luas agus d'éireodh sé níos gasta nó níos maille ag tús/deireadh frásaí go minic, ag brath ar an chumadóir nó ar an seinnteoir. Tugtar "Rubato" ar an tsaoirse luais seo agus freagraíonn sé do mhothcháin an cheoil.
4. D'éirigh an cheolfhoireann i bhfad níos mó agus tháinig forbairt ar na gaothuirlisí. Bhí níos mó seinnteoirí sa cheolfhoireann anois agus níos mó uirlisí ann. Téada (veidhlín, vióla, dordveidhil, olldord), gaothuirlisí (fliúit, óbó, clairnéid, basún), práis (trumpa, trombón, tiúba, corn Francach) agus cnaguirlisí (gach cineál!)
5. Ní raibh an phríomhbhéim ar na téaduirlisí níos mó. Tugadh an tséis do na trí chlann uirlisí a sheinn séis. Mar gheall air seo bhí fuaim i bhfad níos mó, níos saibhre agus níos láidre ón cheolfhoireann. Bhain cumadóirí úsáid as féidearthachtaí na n-uirlisí (ar bhealach séiseach) leis an fhuaim seo a chruthú.
6. Tugadh saoirse don chumadóir cumadh ar a shon féin - ní raibh air (nó uirthi i roinnt bheag cásanna) cumadh faoi choinne lucht éisteachta aineolach a thuilleadh. Ní raibh na cumadóirí fostaithe ag daoine saibhre, bhí saoirse iomlán acu (agus bochtanas go minic). Mar gheall air seo bhí an ceol a chum siad i bhfad níos pearsantaí agus is féidir giúmar/spionn an chumadóra a mhothú ón cheol.
7. Bhí an ceoldán (*tone poem* nó *Symphonic poem*) a d'fhorbair Liszt níos oiriúnaí ná an siansa chun smaointe an chumadóra a léiriú. Sa cheoldán bhí dhá nó trí théama a seinneadh de réir mar a bhí riachtanach chun an dán nó an scéal a léiriú.
8. Thug meicníocht na dtroitheán ar an phianó seans do na cumadóirí stíl nua a fhorbairt i gceol don phianó. Tá sampla den stíl nua seo le fáil i gceol Chopin agus Schumann.

Náisiúnachas sa Cheol

Thart ar lár an naoú haois déag musclaíodh spiorad an Náisiúnachais ar fud na hEorpa. Thosaigh na cumadóirí ag déanamh staidéir ar litríocht, ar cheol tíre agus ar thraidisiúin a dtíortha dúchais. Chum siad ceol a bhí náisiúnta agus ba iad Moussorgsky agus Rimsky-Korsakov sa Rúis, Smetana agus Dvorák sa Bhoithéim agus Grieg san Ioruaith ceannairí na gluaiseachta seo.

Sa bhliain 1860 bheartaigh Moussorgsky, Rimsky-Korsakov, Cui, Borodin agus Balakirev go gcumfadh siad ceol Rúiseach do mhuintir na Rúise. Tugadh an "Cúigear Rúiseach" orthu. Bhí grúpa eile sa Spáinn - Albeniz, Granados, de Falla agus Turina. Tá a gcuid ceoil taitneamhach agus níl aon amhras ann faoin tír atá i gceist.

Cumadóirí a chum sa stíl Rómánsach

Paganini	Borodin	Schubert
Tchaikovsky	Berlioz	Rimsky-Korsakov
Mendelssohn	Grieg	Chopin
Sibelius	Schumann	Albeniz
Liszt	Smetana	Moussorgsky
Dvorák	Brahms	Wagner
Saint-Saëns	Spontini	Fauré
Wolf	Mahler	Massenet
Rossini	Verdi	Weber
Gounod	Offenbach	Bruckner

La Symphonie Fantastique

Tá an siansa seo i ngléas C mór, ainneoin go bhfuil na gluaiseachtaí ar an chúrsa i ngléasanna A mór agus G mion faoi seach. Chum Berlioz sa bhliain 1830 é, nuair nach raibh sé ach 26 bliana d'aois. Tá an siansa seo an-suimiúil agus difriúil ó shiansaí a bhí cumtha ag leithéidí Beethoven, Mozart nó Haydn mar gheall ar an struchtúr a bhaineann leis agus mar gheall ar an scéal atá taobh thiar den cheol. Ceol tuairisciúil nó léiritheach atá ann – ceol a insíonn scéal gan focail a úsáid - agus cé go raibh ceol léiritheach úsáidte i siansaí roimhe seo (mar shampla Siansa Uimhir 6 le Beethoven), bhí forbairt mhór déanta ar an bhunsmaoineamh sa siansa mór seo le Berlioz. Tá scéal an siansa bunaithe ar an ghrá leatromach a mhothaigh Berlioz don aisteoir Éireannach Harriet Smithson – bean a phós sé níos maille ina shaol. Úsáideann Berlioz téama ar a dtugtar "*idée fixe*" trí na gluaiseachtaí ar fad, agus tagann athrú ar an téama de réir mar a athraíonn mothúcháin an chumadóra. Tá cúig ghluaiseacht sa siansa seo – de ghnáth ní bhíodh ach ceithre ghluaiseacht i siansa clasaiceach. Tugann Berlioz teidil ar gach ceann de na gluaiseachtaí seo, le soiléiriú a dhéanamh ar an scéal. Seo hiad ainmneacha na ngluaiseachtaí:

1. Rêveries, passions (brionglóidí, paisin)
2. Un Bal (Damhsa, Bál)
3. Scène aux champs (Radharc ar na páirceanna)
4. Marche au Supplice (Máirseáil chun na Croiche)
5. Songe d'une nuit du Sabbat (Brionglóid d'Oíche Shabóide na gCailleach)

Is léir go bhfuil an scéal sa siansa seo bunaithe ar shaol Berlioz, agus déanann sé cur síos ar an ríméad, ar an éadóchas, ar an dóchas agus ar an eagla a shíolraíonn ón ghrá atá ag an chumadóir do bhean. Mar a léiríonn an t-ainm, is siansa fantaisíoch nó samhlaíoch é an siansa seo a insíonn faoi bhrionglóidí an chumadóra ina maraíonn sé a ghrá geal agus faoin bhealach ina ndaortar chun croiche é agus ar deireadh faoi mar a bhuaileann an bheirt le chéile ag fleá dhrabhlásach na gcailleach. Scríobh Berlioz an scéal seo ar fad i gclár a tugadh amach don lucht éiseachta ag ceolchoirmeacha ionas go dtuigfí gach ar tharla sa cheol.

Is cosúil go bhfaca Berlioz Harriet Smithson i ndráma le Shakespeare i bParás agus gur thit sé i ngrá léi.

Is olc an tionchar a bhí ag an ghrá seo air, mar déanann sé cur síos ina dhialann faoin bhealach inar chaith sé na míonna ina dhiaidh seo ag brionglóidí fuithi, agus spaisteoireacht go héadóchasach thart ar shráideanna na cathrach ag smaoineamh faoina chroí briste i ndiaidh di diúltú dó. B'as an phian agus as an mhearbhall seo a d'fhás ceol an Symphonie Fantastique.

Sa chéad ghluaiseacht déanann an *idée fixe* cur síos ar shaol an ealaíontóra sular bhuail sé lena ghrá den chéad uair. Sa dara gluaiseacht – Un Bal – leagann sé súil uirthi ag damhsa i measc slua. Is ar shíocháin an nádúir atá an tríú gluaiseacht bunaithe go dtí go dtagann leagan míshuaimhneach den *idée fixe* isteach nuair a nochtaítear grá a chroí. Tá an t-ealaíontóir chomh trína chéile mar gheall ar an ghrá seo go nimhíonn sé í agus tugtar chun báis é ar an chroch – seo mar a tharlaíonn sa cheathrú gluaiseacht. Roimh dheireadh na gluaiseachta faigheann sé sracfhéachaint ar a ghrá (*idée fixe* i mbarra 165) sula dtiteann scian na gilitíne len é a dhícheannadh. Sa ghluaiseacht dheireanach leanann an cumadóir é féin tar éis dó bás a fháil, freastlaíonn sé ar fhleá dhrabhlásach le taibhsí, cailligh agus créatúir éagsúla eile. Cloistear ceol an *Dies Irae* (Lá na Cinniúna) chomh maith le béim a chur ar théama an bháis.

Uirlisí

Ionstraimiú

Glactar leis go forleathan go bhfuil Berlioz ar dhuine de na cumadóirí ab fhearr riamh le hionstraimiú a dhéanamh. 'Séard atá i gceist leis seo ná go bhfuil sé ábalta uirlis a roghnú a thagann le carachtar an cheoil in áiteanna éagsúla; mar shampla go mbeadh fhios aige go n-oireann fuaim ghéar, bhinn an óbó go maith do shéis atá uaigneach, binn. Scríobh sé leabhar ar an ábhar seo agus is é seo an chéad leabhar ina

raibh dianstaidéar déanta ar úsáid uirlisí na ceolfhoirne. Smaoinigh sé i gcónaí ar *timbre* na huirlise – an fhuaim a chuireann ar ár gcumas clairnéid a aithint ó thrumpa. Ina chuid ceoil scríobh sé mionsonraí faoi fhuaimniú an cheoil ionas nach mbeadh aon mhíthuiscint faoi conas an ceol a sheinm.

Úsáideann sé ceolfhoireann mhór don saothar seo

Téaduirlisí: Veidhlíní (chéad agus dara); viólaí; dordveidhlí; olldoird.

Gaothuirlisí: 2 fheadóg mhór; 2 óbó; 2 chláirnéid; 4 bhasún; (piccolo, cor anglais, piccolo clairnéid)

Uirlisí Práis: 4 Chorn Francach; 2 thrumpa; 2 choirnéad loine; 3 thrombón; 2 ophicléide/tiúba

Cnaguirlisí: 4 thiompáin; ciombail; druma mór; tamburo; 2 campane; 2 chruit.

Seinneann an dara seinnteoir ar an fheadóg mhór, an piccolo; an dara seinnteoir ar an óbó seinneann sé an cor anglais chomh maith, agus seinneann an dara seinnteoir den chláirnéid an chláirnéid piccolo – cláirnéid atá níos lú agus níos airde ná an chlairnéid in Bb.

Uirlis cosúil leis an trumpa atá sa choirnéad, agus fuaimníonn sé leathbhealach idir an trumpa agus an corn. Ní minic a úsáidtear sa cheolfhoireann anois é, ach bíonn sé le fáil go rialta i mbannaí práis.

Tá an ophicléide cosúil leis an tiúba, agus is annamh a úsaidtear anois é – bíonn an tiúba le fáil ina áit de ghnáth. Seo thall íomhá den ophicléide.

Tamburo: ciallaíonn sé seo druma.

Campane: Cloig mhóra. Fuaimníonn siad cosúil le cloig i séipéal.



Seo é an coirnéad.

Uirlisí Gléasaistrithe

I gcás roinnt uirlisí ní hionann an nóta a scríobhtar agus an fhuaim a fhaightear ón uirlis. Tarlaíonn sé seo mar gheall ar chruth na huirlise agus simplíocht an mhéaraithe. Tarlaíonn an rud céanna i gcás an fheadóg stáin – bíonn an ceann is coitianta i ngléas D, ach uaireanta nuair a sheinntear na cinn atá níos mó nó níos lú (agus atá mar sin i ngléas difriúl) déantar tagairt do na nótaí i ngléas D. Maidir leis na huirlisí sa cheolfhoireann bíonn ar an chumadóir an ceol a scríobh i ngléas difriúil ionas go bhfuaimneoidh sé sa ghléas céanna leis na huirlisí nach n-athraíonn.

Seo liosta de na huirlisí nach bhfuaimníonn mar a scríobhtar iad sa saothar seo:

Piccolo: Fuaimníonn sé ochtach níos airde ná na nótaí atá scríofa

Clairnéid in Bb: Gach nóta atá scríofa mar C, fuaimníonn sé mar Bb – sin síos ton amháin.

Cor Anglais: Aon rud atá scríofa mar C, fuaimníonn sé mar F – síos 5ch foirfe.

Corn in Eb: Nóta atá scríofa mar C, fuaimníonn sé mar Eb – 6ch mór níos ísle.

Corn in C: Nóta atá scríofa mar C, fuaimníonn sé mar C íseal – 8ch níos ísle.

Coirnéad in G: Nóta atá scríofa mar C, fuaimníonn sé mar G – 4ch foirfe níos ísle.

Olldord: Nóta atá scríofa mar C, fuaimníonn sé mar C íseal – 8ch níos ísle.

Bealach le cuimhniú ar na hathruithe seo ná: "FED up, seachas coirn. Gach rud eile síos." Ciallaíonn sé seo má tá an uirlis i ngléas F nó E nó D, téann sé suas go dtí na nótaí sin. Ní mar seo a oibríonn na coirn – má tá siadsan i ngléas F, E nó D téann siad síos. Agus téann aon uirlis i ngléas G, A, nó B síos chomh maith.

Ní uirlis gléasaistrithe í an vióla, ach úsáideann sé eochair an ailt, nó eochair C. Bíonn C lár lonnaithe i lár na heochrach seo. Is féidir é a bhogadh thart agus é a úsáid le haghaidh uirlisí eile mar shampla, nuair atá an lár suite ar an 4ú líne, tugtar eochair an teanóir air agus úsáideann roinnt uirlisí práis mar seo é. Ní athraíonn sé riamh don vióla.

Ní úsáideann na coirn aon ghléaschomhartha – is gá na seachráin a chur isteach ar gach nóta.

Nuair atá tú ag iarraidh a oibriú amach cén corda atá á sheinm ag an cheolfhoireann ag aon phointe faoi leith, is gá an t-eolas seo a chur san áireamh lena oibriú amach.

Eochracha coitianta sa cheol scríofa



1.	2.	3.	4.
Eochair na tribile	Eochair an doird	Eochair an ailt	Eochair an teanóir
Eochair G	Eochair F	Eochair C	Eochair C
Tá G ar an 2ra líne	Tá F ar an 4ú líne	Tá C ar an 3ú líne	Tá C ar an 4ú líne

Le déanamh:

Déan cleachtadh ar na heochracha seo a scríobh amach tú féin.

Scríobh frása ceoil i ngléas D mór ag baint úsáide as gach ceann de na heochracha seo.

Seinn an frása ar do rogha uirlise.

Scríobh isteach ainmneacha na nótaí faoi gach ceann.

Scríobh isteach an sólfá tonach faoi gach nóta.

Ag obair i mbeirteanna seinnigí frásaí a chéile ar bhur rogha uirlis.

Buail amach an rithim seo:

Cuir séis leis an rithim seo, i ngléas mion.

Cleachtadh ar na huirlisí gléasaistrithe

Scríobh amach na nótaí seo a leanas mar a fhuaimnítear iad. Bain úsáid as seachráin agus línte breise nuair is gá. Tá an chéad cheann déanta i ngach uirlis.



Gluaiseacht 2: Un Bal

Is damhsa (válsa) é an ghluaiseacht seo le hamchomhartha 3/8 agus luas Allegro non troppo – tapaidh ach gan a bheith ró-thapaidh. Seinneann na gnáth-théaduirlisí (veidhlíní 1, 2, viólaí, dordveidhlí, olldoird) chomh maith le dhá chruit, gaothuirlisí (feadóga móra, óbóanna agus clairnéidí) agus coirn. Tugann an meascán uirlisí seo éadroime don cheol – ní bhíonn na basúin ag seinm – bheadh fuaim throm agus íseal acu siúd. Seachnaíonn an cumadóir cuid mhaith de na práis chomh maith agus baineann sé sin saibhreas agus troime den uigeacht. Cuidíonn an uigeacht éadrom agus an meascán neamhghnáthach d'uirlisí le pictiúr grástúil, ioldaite den damhsa a chruthú in intinn an éisteora.

Tá foirm ABA le hintreoir agus coda ag an ghluaiseacht seo. Socraítear atmaisféar an damhsa san intreoir agus bíonn páirt thábhachtach ag na cruiteanna sa chuid seo. Seinneann na téaduirlisí *tremolo* anseo agus seinneann na cruiteanna airpéitsí ag ardú; i rith an ama bíonn crescendo mór ann agus cruthaíonn sé seo mothú de theannas agus de thnúthánacht. Úsáidtear go leor cordaí laghdaithe anseo chomh maith agus dá thoradh seo mothaítear go bhfuil rud éigin tábhachtach chun tarlúint. Críochnaíonn an intreoir le scálaí síos, briseadh ar an teannas, agus socrú isteach i ngléas A mór – tá muid réidh don chéad chuid eile.
Oibríonn cuid A mar fhoilsiú, le trí théama éagsúla seinnte ceann i ndiaidh a chéile agus ansin an chéad cheann arís. Athraíonn an ceol go gléas F mór i mbarra 116 agus tagann cuid B isteach leis an *idée fixe*. Mar go bhfuil an dá ghléas (A mór agus F mór) i bhfad óna chéile tugann sé le tuisint go bhfuil an t-ealaíontóir agus a ghrá i bhfad óna chéile chomh maith. Seinntear an *idée fixe* arís i ngléas C mór agus ina dhiaidh sin móitíf an "chuisle croí" i mbarra 163. Filleann cuid A, mar a bheadh athsheinm, leis na trí théamaí arís agus an chéad cheann mar a bhí san fhoilsiú. Tosaíonn an coda i mbarra 256 agus cloistear giotaí de na trí théama. Cloistear an *idée fixe* seinnte go ciúin ar an chláirnéid i ngléas D (níos cóngaraí don bhunghléas an t-am seo) agus críochnaíonn an ceol go láidir mar a bheadh fiodrince ann le cordaí i ngléas A mór.

Athraíonn an mothú sa ghluaiseacht seo ó thnúthánach, geal, dóchasach san intreoir go háthasach, saor, ríméadach sa chuid a thagraíonn don damhsa, go brónach, truamhéalach, éadóchasach nuair a chloistear an *idée fixe*. Éiríonn le Berlioz na hathruithe seo a chur i gcrích tríd an úsáid a bhaineann sé as na huirlisí go háirithe ról na gcruiteanna, úsáid na n-uirlisí aonair, agus iad seo a chur i gcodarsnacht leis an ghrúpa ar fad a sheinneann sa ghluaiseacht seo.

Un Bal: Anailís

368 barra san iomlán
Foirm ABA le hIntreoir agus Coda
Gléas A mór

Barraí 1 – 36	**Intreoir**	Cordaí dorcha ag éirí níos gile, níos dóchasaí Crescendo mór Arpéitsí – t.u. agus cruiteanna
b. 36	**Foilsiú(A)**	2-bharra de thionlacan
b. 38		**Téama 1**: 4 frhása 4-bharra.

b.54		2 bharra de thionlacan
b. 56		**Téama 2**: 2 frhása 5-bharra. Is breachnú é an dara ceann.

b. 66		2 bharra d'intreoir (scála ag ardú)
b. 68		**Téama 3**: 2 frhása.
		1: seiceamh

b. 78		**2: canón idir veidhlíní 1 agus dordveidhlí**



b. 94		Téama 1 arís leathnaithe amach.
b. 116	**Eipeasóid (B)**	4 bharra de thionlacan Gléas F
b. 120		***Idée fixe*:** Gléas F



b. 128		*Idée fixe*: Gléas C
b. 163		Troitheán E(ceannasach) ar choirn. Móitíf an chuisle croí.
b. 175	**Athsheinm (A)** Téama 1 i ngléas A	
b. 193		Téama 2
b. 205		Téama 3
b. 233		Téama 1 an cheolfhoireann iomlán ag seinm.
b. 256	**Coda**	Gléas A mór
b. 288 – 301		Giotaí de na trí théama.

b. 302	*Idée fixe* ar chlairnéid i ngléas D
b. 309	*Idée fixe* i ngléas A
b. 320	Tionchar ó mhóitíf an chuisle croí
b. 368	Dúnadh foirfe i ngléas A

Ceisteanna ar an Scór

Féach ar an scór den dara gluaiseacht agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén gléas ina bhfuil an ghluaiseacht seo?
2. Cén corda atá á sheinm sa chéad bharra?
3. Athraítear go corda eile i mbarra 5. Cén corda atá á sheinm ansin?
4. Ainmnigh an corda atá á sheinm i mbarraí 7 agus 8.
5. Ainmnigh an corda atá á sheinm i mbarra 11.
6. Mínigh *cresc. poco a poco.*
7. Ainmnigh an teicníocht uirlise atá in úsáid sna veidhlíní sa chéad 24 barra.
8. Déan cur síos ar na dinimicí sa chéad chuid den cheol (fhad le barra 30).
9. Ainmnigh an dúnadh a sheinntear idir barraí 35 agus 36.
10. Déan cur síos ar an tionlacan ó bharra 36 go barra 54.
11. Mínigh *dolce e tenero*.
12. Seinntear corda A mór i mbarra 36 agus ar feadh roinnt barraí ina dhiaidh sin. Cén barra ina n-athraíonn an corda den chéad uair agus cén corda a sheinntear sa bharra sin?
13. Déan cur síos ar an cheol a sheinntear ar chruit 1 i mbarraí 54 agus 55.
14. Cén t-ainm a thugtar ar an móitíf a úsáidtear sna chéad veidhlíní i mbarraí 42 agus arís i mbarra 50?
15. Cén bealach ina seinntear na téaduirlisí ísle i mbarra 54 agus ina dhiaidh sin?
16. Cén focal is fearr a dhéanann cur síos ar an téama a sheinntear idir barraí 56 agus 60 – crómatach nó seicheamh?
17. Cén bhaint atá idir an téama seo agus an ceol a sheinntear idir barraí 61 agus 65?
18. Déan cur síos ar an cheol a sheinntear ar an chruit i mbarraí 66 agus 67.
19. Mínigh ***sf***.
20. Mínigh *arco*.
21. Déan cur síos ar théama 3 (barraí 68 – 76).
22. Cén focal is fearr a chuireann síos ar uigeacht an téama sin?
23. Déan cur síos ar an uigeacht idir barraí 78 agus 85.
24. I mbarra 94 seinntear téama 1 arís. Cén difear atá idir an tionlacan anseo agus an tionlacan a seinneadh an chéad uair a bhí téama 1 le cloisteáil?
25. Mínigh *sans retenir*.
26. Cén chuid den cheol a thosaíonn i mbarra 116?
27. Cén corda a sheinntear i mbarra 116?

28. Cén fáth go bhfuil an corda seo neamhghnáthach ag an phointe seo sa cheol?
29. Cad a thugtar ar an cheol a sheinntear i mbarra 120 – 128?
30. Cén gléas ina seinntear an téama seo?
31. Cén fáth go bhfuil an gléas neamhghnáthach seo oiriúnach?
32. Mínigh *espressivo.*
33. Mínigh *presque rien* (barra 118).
34. Ainmnigh an téama a sheinntear i mbarra 128.
35. Cén gléas ina seinntear é an t-am seo?
36. Cén téama atá á sheinm ag na chéad veidhlíní agus ag na viólaí ag an am céanna?
37. Cén uigeacht atá ag an cheol ag an phointe seo?
38. Déan cur síos ar na dinimicí ó bharra 141 go barraa 156.
39. Cén idirchéim atá le fáil idir an nóta deireanach i mbarra 163 agus an chéad nóta i mbarra 164 sna feadóga móra?
40. Cén t-ainm speisialta a thugtar ar an idirchéim seo? Cén fáth?
41. Cén t-ainm atá ar an mhóitíf a sheinntear i mbarraí 164 – 167?
42. Cén uirlis ar a seinntear nóta troitheánach idir barraí 163 agus 175?
43. Cén éifeacht a bhíonn ag an nóta troitheánach ar an atmaisféar sa cheol?
44. Tá dhá rud ag tarlú sna dinimicí idir barraí 165 agus 171 – déan cur síos orthu.
45. Cad a thugtar ar an chuid den ghluaiseacht a thosaíonn i mbarra 175?
46. Mínigh *canto espressivo.*
47. Ainmnigh dhá dhifríocht idir an chuid seo agus an chéad uair a seinneadh an ceol seo.
48. Mínigh *arco div* i mbarra 214/5 sna dara veidhlíní.
49. Mínigh *cresc molto* i mbarra 219.
50. Mínigh *unis pizz* sna dara veidhlíní i mbarra 224.
51. Mínigh *flauto 2 muta in flauto piccolo* sna feadóga móra barra 229.
52. Cén chuid den ghluaiseacht a thosaíonn i mbarra 256?
53. Cén gléas ina bhfuil an ceol ag an phointe seo?
54. Mínigh *animez* i mbarra 256.
55. Ó bharra 288 ainmnigh na téamaí atá le cloisteáil.
56. I mbarra 302 cén uirlis a sheinneann an tséis?
57. Cén gléas ina bhfuil an <u>uirlis</u> sin?
58. Cén gléas ina bhfuil an ceol a sheinntear ar an uirlis sin scríofa?
59. Cén gléas ina gcloistear an ceol sin?
60. Cén uirlisí a thugann tionlacan don cheol ag an phointe seo?
61. Cén t-atmaisféar atá le mothú ag an phointe seo?
62. Cén téama a sheinntear ar an chlairnéid i mbarra 309?
63. Cén gléas ina bhfuil sé scríofa?

64. Cén gléas ina bhfuaimníonn sé?
65. Ag barra 320 mínigh na focail *1° tempo con fuoco*.
66. Cén t-atmaisféar atá ag an cheol anois?
67. Cén téama a chloistear sna chéad veidhlíní i mbarra 345 agus ina dhiaidh?
68. I mbarra 353 mínigh *serrez*.
69. Ainmnigh an corda a sheinntear i mbarra 365.
70. Cén dúnadh ar a gcríochnaíonn an ghluaiseacht?
71. Cén gléas ina gcríochnaíonn an ghluaiseacht?
72. Scríobh amach an téama seo mar a bheadh sé scríofa don chlairnéid in Bb.

73. Scríobh amach an téama seo mar a bheadh sé scríofa don vióla:

74. Ainmnigh na huirlisí gléasathruithe atá in úsáid sa ghluaiseacht seo.
75. Cén t-athrú a thagann ar na nótaí atá scríofa don olldord nuair a fhuaimnítear iad?
76. Ainmnigh an dá shaghas coirn atá ag seinm sa ghluaiseacht seo.
77. Déan cur síos ar conas mar a sheinntear an chruit.
78. Ainmnigh dhá dhifríocht idir an saghas cruite a sheinntear sa saothar seo, agus an chruit Ghaelach.
79. Ainmnigh na cnaguirlisí a sheinntear sa ghluaiseacht seo.
80. Cén éifeacht atá aige seo ar an atmaisféar sa ghluaiseacht?

Marche au Supplice

Sa ghluaiseacht seo tá atmaisféar iomlán éagsúil ann. Tá éadroime agus áthas an dara gluaiseacht imithe, agus tagtha ina áit tá mothú bagarthach, scanrúil, sceirdiúil. ‘Sé an mháirseáil atá i gceist ná an cumadóir á thabhairt chun croiche. Ina bhrionglóidí mharaigh sé a ghrá geal agus daoradh chun báis é.

Ta an ghluaiseacht seo i ngléas G mion agus tá páirt an-tábhachtach ann ag na tiompáin. Tá sé seo i gcodarsnacht iomlán leis an dara gluaiseacht áit a raibh páirt an-tábhachtach ag an dá chruit. Seinneann an cheolfhoireann iomlán sa ghluaiseacht seo, agus tá béim sa cheolfhoireann ar uirlisí láidre. Tá ceithre bhasún ag seinm, rud atá neamhghnáthach go maith; tá triúr ag seinm na dtiompán, agus tá cnaguirlisí eile: ciombail, druma mór agus sreang druma ann chomh maith. Cruthaíonn na huirlisí seo fuaim láidir, ioldaite, glórmhar a chruthaíonn íomhánna den sceoin in intinn an éisteora.

Ta foirm leanúnach ag an phíosa le roinnt téamaí éagsúla, an ceann is láidre téama na máirseála i ngléas Bb mór. Tá téama scálach ann atá le cloisteáil tríd síos agus cuntraséiseanna aige. Tagann an *idée fixe* isteach roimh dheireadh na gluaiseachta díreach sula bhfaigheann an ealaíontóir bás nuair a thiteann scian na gilitíne air. Críochnaíonn an ceol i ngléas G mór.

Is é atmaisféar an cheoil an ghné is mó a sheasann amach sa ghluaiseacht seo. Tosaíonn an ceol go bagarthach le buillí rialta leanúnacha ar na tiompáin agus cordaí *pizzicato* ar na téaduirlisí ísle. Tagann *crescendo* ar an cheol de réir a chéile le níos mó uirlisí ag teacht isteach go dtí barra 17 nuair a thagann an chéad téama isteach – an téama scálach. Baineann sé seo an láidreacht agus an neart den cheol agus tagann an mistéir ar ais. Tiontaítear an téama scálach bunoscionn agus cloistear gluaisne chontrártha nuair a sheinntear suas agus síos é ag an am céanna. Tá fuaim ghlórmhar, uasal, ríoga ag an téama máirseála nuair a thagann sé sin isteach. Bíonn an ceol géar, baagarthach agus foiréigeanach i dtreo an deiridh nuair atá ceol ainteaphónach le cloisteáil le dhá chorda in iomaíocht lena chéile – G mion agus Db mór. Tá binneas agus íogaireacht an ghrá le cloisteáil nuair a sheinntear an *idée fixe*, agus tá faoiseamh agus easpa teannais ina dtréithe den deireadh ar fad nuair a athsheinntear corda G mór.

Marche au Supplice: Anailís

Struchtúr leanúnach
Gléas G mion
178 barra san iomlán

Barra 1 – 17	**Intreoir**	Tiompáin – fuaim bhagarthach. Crescendo mór. De réir a chéile tagann níos mó uirlisí isteach.
17	**Téama 1**	Téama scálach: Scála G mion ag dul síos dhá 8ch. Seinnte ar na téaduirlisí ísle.



25 **Cuntraséis 1** don téama scálach seinnte ar bhasúin.



33 **Cuntraséis 2** don téama scálach seinnte ar théaduirlisí.



49 Téama scálach ag dul suas agus síos ag an am céanna.
Seinnte ar TU.

62 **Téama 2** Téama an Mháirseála. Bb mór. Sioncóipiú.
Seinnte ar cheolfhoireann iomlán seachas na TU.



An méid seo thuas athsheinnte: Cosúil le foirm shonáideach le dhá théama agus athsheinm.

78 – 82	**Droichead**	Leathnú amach ar théama an mháirseála.
82		Téama scálach (Gm) briste suas idir uirlisí.
89		Téama an mháirseála le huigeacht nua – le TU.(Bb)
105	Tús an droichid athsheinnte	Seinntear an leathnú amach ar théama 2 arís anseo.
113		Móitíf chrómatach i dtríphléadaigh.
114	**Forbairt**	Móitíf ag ardú sna TU.



123		Téama scálach a athraíonn ó ff go pp.
130		Tríthon an-drámatúil. Téama scálach ag ardú.
140	**Coda**	Easpa séise. Rithim phoncaithe.
164		*Idée fixe* seinnte ar chláirnéid pp.
		Tost iomlán ón cheolfhoireann le béim a chur ar an uaigneas.
		Seasann sé don sracfhéachaint deireanach ar a ghrá.



169 Corda G mion. (Titeann an ghilitín)

170 Corda G mór go deireadh na gluaiseachta.

Ceisteanna

Is féidir an scór a úsáid leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt i rith na bliana. Is féidir na ceisteanna a úsáid mar dhul siar roimh na scrúduithe, agus sa chás sin, ba chóir go mbeadh na freagraí ar eolas agat gan an scór.

1. Cén gléas ina dtosaíonn an ghluaiseacht seo?
2. Cén gléas ina gcríochnaíonn sé?
3. Cén gléas eile ina bhfuil sé i rith na gluaiseachta?
4. Cén téama atá i ngléas atá difriúil ón dá ghléas i gceist 1 agus 2 thuas?
5. Cé mhéad príomhthéama atá ann? Ainmnigh iad.
6. An bhfuil cuntraséis le fáil ann ar chor ar bith?
7. Cén téama lena seinntear é?
8. Cé mhéad cuntraséis atá ann?
9. Cé na huirlisí a sheineann an chéad cheann?
10. Cé na huirlisí a sheineann an dara ceann?
11. Cé na huirlisí a sheineann an tríú ceann?
12. Cén struchtúr atá ag an ghluaiseacht seo?
13. Scríobh amach an struchtúr i bhfoirm focal.
14. An bhfuil an *idée fixe* le fáil sa ghluaiseacht seo?
15. Mínigh an *idée fixe*.
16. Cén uirlis a sheineann é sa ghluaiseacht seo?
17. Cad a thagann isteach díreach i ndiaidh don *idée fixe* a bheith seinnte?
18. An chéad uair a sheinntear Téama an Mháirseála, cén chlann uirlisí nach bhfuil ann?
19. Cén fáth a bhfuil an téama scálach difriúl nuair a sheinntear sa droichead é?
20. Cé na cosúlachtaí atá idir an fhoirm seo agus foirm shonáideach?
21. Cén tábhacht a bhaineann le tríthon sa ghluaiseacht seo?
22. Ainmnigh an téama seo:



23. Cén gléas ina bhfuil sé?
24. Marcáil ar an scór an dá áit nach ngluaiseacht i gcéimeanna ann.
25. Cén idirchéim atá i gceist sa dá áit seo?
26. Luaigh trí thréith a bhaineann leis an rithim sa téama thuas.
27. Cén réimse atá ag an téama seo thuas?
28. Scríobh amach an téama thuas ag baint úsáide as eohair an ailt.
29. Cuir frása freagartha leis an téama thuas. Ná bain úsáid as ceol Berlioz.
30. Scríobh an frása thuas i ngléas mion. Déan cibé athruithe is gá.

Ceisteanna

Bain úsáid as an scór leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

1. Mínigh *Allegretto non troppo*.
2. Cén t-amchomhartha atá in úsáid sa ghluaiseacht seo?
3. Is féidir an t-amchomhartha seo a scríobh le huimhreacha nó le comhartha eile. Céard é a comhartha agus mínigh é.
4. Tugtar 3 líne éagsúla do na tiompáin. Mínigh cén fáth.
5. Mínigh *baguettes d'éponge*
6. Tá an uimhir 6 scríofa os cionn na nótaí do na tiompáin. Mínigh.
7. Mínigh an treoir a thugtar do sheinnteoirí na dtiompán. *Il faut frapper la première croche de chaque temps avec les deux baguettes et les cinq autres croches avec la baguette de la main droite seulement.*
8. Seinntear na holldoird *pizz*. Mínigh.
9. Tá an treoir *div in 4* scríofa do na holldoird. Mínigh.
10. Mínigh *cresc. molto* i mbarra 16.
11. Mínigh *arco* i mbarra 16.
12. Cén téama a thagann isteach den chéad uair i mbarra 17?
13. Cén uirlisí ar a bhfuil sé seinnte?
14. I mbarra 25 tá *a 4 soli* scríofa do na basúin. Mínigh.
15. Cén gléas ina bhfuil an ceol i mbarra 32.
16. Cén gaol atá idir an gléas seo agus príomhghléas na gluaiseachta?
17. Cén téama atá á sheinm ag na dordveidhlí agus olldoird sa bharra seo (b.32)?
18. Ainmnigh an chéad nóta a sheinneann an vióla i mbarra 44.
19. Déan cur síos ar an cheol a sheinneann na chéad veidhlíní i mbarra 61.
20. Cén téama atá á sheinm i mbarra 62?
21. Cén chlann uirlisí nach seinneann sa téama seo?
22. Mínigh an comhartha ag deireadh barra 77 sna huirlisí ar fad.
23. Deirtear go bhfuil an fhoirm cosúil le foirm shonáideach go dtí an pointe seo sa ghluaiseacht. Mínigh conas.
24. I mbarra 82 go 86 seinntear an téama scálach. Cén bealach suimiúil ina seinntear é?
25. Déan cur síos ar cheol na dtiompán i mbarra 87.
26. Déan cur síos ar an cheol a sheinneann na holldoird i mbarraí 91 – 93.
27. Cén téama atá á sheinm sna barraí seo?
28. Cén bealach a bhfuil sé difriúl an t-am seo ón leagan a bhí ann i mbarra 62?
29. Déan cur síos ar an cheol a sheinneann na téaduirlisí i mbarra 106 agus 108.
30. Cén chuid den cheol a thosaíonn i mbarra 105?
31. Cén móitíf atá á sheinm ag na gaothuirlisí i mbarra 113?

32. Cén móitíf atá á sheinm ag na téaduirlisí i mbarra 114?
33. Déan cur síos ar rithim an cheoil sna feadóga móra, sna hóbóanna agus sna clairnéidí i mbarra 118 – 121.
34. Mínigh *baguettes de bois* sna tiompáin barra 121.
35. Conas a sheinntear na tiompáin i mbarraí 123 – 125?
36. Mínigh an treoir tugtha don druma mór i mbarra 123, *Observez bien ici la différence entre le fort et le demi-fort.*
37. Déan cur síos ar na dinimcí sna téaduirlisí, gaothuirlisí agus práis idir barraí 128 agus 130.
38. Cén éifeacht atá ag na dinimicí seo ar atmaisféar an cheoil?
39. Ainmnigh na nótaí uilig atá á seinm i mbarra 130.
40. Conas a sheinntear na veidhlíní idir barraí 126 agus 133?
41. I mbarra 139 de na veidhlíní mínigh an treoir *sur la 4me corde.*
42. Cén chuid den cheol a thosaíonn i mbarra 140?
43. Déan cur síos ar uigeacht an cheoil i mbarraí 155 go 159.
44. Mínigh *Bb muta in B nádurtha* i mbarra 157 de na tiompáin.
45. Cén téama a thosaíonn i mbarra 164?
46. Cén uirlis ar a seinntear é?
47. Mínigh *dolce assai e appassionato.*
48. Mínigh *étouffez le son avec la main* i mbarra 169 den druma mór.
49. Cén corda ar a gcríochnaíonn an ghluaiseacht?
50. Ainmnigh an dá nóta a sheinneann an coirnéad i mbarra178.
51. Cén réimse atá ag an téama seo?



52. Scríobh amach an téama seo thíos ag baint úsáide as eochair na tribile.



53. Scríobh amach an téama céanna ag baint úsáide as eochair an doird.
54. Céard é an difear idir téama, cuntraséis agus móitíf?
55. Tabhair sampla amháin de gach ceann as an saothar seo agus abair cén áit a bhfuil gach ceann acu le fáil.
56. Scríobh amach eochair na tribile, eochair an doird, eochair an ailt agus eochair an teanóir agus scríobh an nóta C lár ar gach ceann acu.
57. Scríobh frása freagartha le dul leis an fhrása i gceist 52.

Tuilleadh Ceisteanna

Éist leis an cheol den dara gluaiseacht ó bharra 1 go dtí barra 36 agus freagair na ceisteanna seo a leanas. Is féidir éisteacht leis an cheol trí huaire.

1. Ag an tús tá na téad-uirlisí ag seinm, cén t-ainm atá ar an teicníoht a úsáideann na gnáthuirlisí téada?
2. Tá téaduirlis amháin le cluinstin nach raibh chomh coitianta sa cheolfhoireann sna tréimhsí stairiúla roimh an tréimhse rómánsach. Cén uirlis atá ann?
3. Cén t-ainm a thugtar ar an tsraith nótaí a sheineann an uirlis seo?
4. Cén dinimic a thabharfá ar an cheol ag an tús ar fad?
5. Cén t-ainm a thugtar ar an athrú sa dinimic a tharlaíonn sa ghiota seo?
6. Tá difear suntasach le cluinstin sa mhothú idir na gnáth-TU agus an dá cheann nach bhfuil chomh coitianta. Déan cur síos ar an difear seo.
7. Nuair a shroicheann an ceol buaicphointe an crescendo, tagann clann uirlisí eile isteach. Cén chlann í sin?
8. An bhfuil aon uirlis phráis le cluinstin go soiléir ann?
9. An bhfuil páirt thábhachtach ag na gaothuirlisí ann?
10. An bhfuil aon chnaguirlis le cloisteáil sa sliocht seo?
11. An bhfuil an ceol i ngléas mór nó mion nuair atá dúnadh foirfe le cluinstin?
12. Cén corda atá le cluinstin díreach roimh an dúnadh foirfe?
13. Cén t-atmaisféar atá le cloisteáil sa sliocht seo?
14. Ag samhlú go bhfuil tú ag an damhsa mór atá á léiriú sa sliocht seo, déan cur síos ar na híomhánna den suíomh a chruthaíonn an ceol i d'intinn.
15. Cad iad na tréithe den cheol agus na teicníochtaí a úsáideann an cumadóir leis an suíomh seo a léiriú? Déan tagairt do theicníochtaí uirlise, cumadóireachta agus seanma i do fhreagra.
16. Déan cur síos ar uigeacht an tsleachta.
17. Cuir tic le haon cheann de thréithe an cheoil Rómánsaigh atá le cluinstin sa sliocht seo:

    Ceolfhoireann mhór □ Béim ar gach chlann uirlisí □

    Mothúcháin le sonrú go láidir □ Réimse leathan dinimicí □

    Díchordaí □ Rubato □
18. Cuir tic le haon cheann de na tréithe seo a leanas nach mbaineann leis an tréimhse Rómánsach ach atá le cloisteáil sa sliocht:

    Béim ar na téaduirlisí □ Páirt níos lú ag gaothuirlisí □

    Séis 4-bharra □ Uigeacht homafónach □
19. Cad is brí le huigeacht homafónach?
20. Cad is brí le huigeacht monafónach?
21. Cad is brí le huigeacht chuntraphointeach?
22. Tabhair focal eile ar "uigeacht chuntraphointeach."

Éist leis an cheol (Un Bal)ó bharra 1 go dtí barra 68 agus freagair na ceisteanna thíos. Is féidir éisteacht leis an cheol trí huaire.

1. Cén ghluaiseacht as ar tógadh an sliocht seo?
2. Cén gléas ina bhfuil an ghluaiseacht seo?
3. An athraíonn sé áit ar bith? Má athraíonn abair cén áit agus ainmnigh gléas amháin eile a dtéann sé chuige.
4. Cén chlann uirlisí atá le cluinstin ag an tús?
5. Scríobh nóta faoi thonúlacht an intreora.
6. Cé mhéad téama atá le fáil sa ghluaiseacht seo?
7. An bhfuil an *idée fixe* le cluinstin sa sliocht seo?
8. Déan cur síos ar an *idée fixe* mar atá sé sa ghluaiseacht seo. Abair cén gléas ina bhfuil sé seinnte agus cén uirlis ar a seinntear é.
9. Mínigh cad i gceist i gcomhthéacs an tsaothair iomláin, leis an *idée fixe*.
10. Cén chuid den ghluaiseacht seo ina bhfuil an *idée fixe*?
11. Cuir tic le haon cheann de na teicnící seo a leanas atá le cluinstin sa sliocht seo:

Scálaí •	Dord Alberti •	dealú •	suimiú •
Croí 3-nóta •	*pizz* •	móitíf an osna •	arpéitsí •
Dies irae •	*rall/rit* •	dúnadh foirfe •	*cresc* •

12. Cén chlann uirlisí nach bhfuil le cloisteáil sa sliocht seo?
13. Cén éifeacht atá aige seo ar atmaisféar an cheoil?
14. Cén uigeacht atá ag an cheol sa sliocht seo?
15. Cén t-amchomhartha atá ag an sliocht seo?
16. Ainmnigh an téama seo:

17. Déan cur síos ar an bhealach ina bhfuil sé seinnte.
18. Cén t-atmaisféar atá le mothú sa téama seo?
19. Cén uirlisí ar a seinntear an téama seo?
20. Cén gléas ina bhfuil sé?
21. Mínigh *sf*.
22. Cén uigeacht atá le fáil nuair atá an téama seo á sheinm?
23. Cuir tic le haon cheann de na teicníochtaí seo a leanas atá le fáil sa téama seo:

Nótaí athseinnte □	seicheamh □	Rithim phoncaithe □
Dord Alberti □	*pizzicato* □	tremolo □

24. Mínigh an téarma “Dord Alberti”. An bhfuil sé ar fáil sa saothar seo? Má tá, abair cén áit.
25. Mínigh an téarma “tremolo”.

Éist leis an cheol as Marche au Supplice (barra 62 – 77)agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

1. Ainmnigh an téama atá á sheinm.
2. Cén gléas ina bhfuil sé?
3. Cén tonúlacht atá aige?
4. Déan cur síos ar an rithim.
5. Cén chlann uirlisí nach seinneann ach ar éigean ann?
6. Déan cur síos ar atmaisféar an cheoil sa sliocht seo.
7. Cén íomhá atá á chruthú ag an chumadóir?
8. Cén teicníochtaí uirlise agus cumadóireachta a úsáideann sé leis an atmaisféar seo a chruthú?
9. Déan cur síos ar an téama trí úsáid a bhaint as cibé cinn de na tréithe seo a leanas atá le fáil sa tséis.

   Nótaí athsheinnte □ seicheamh □ Gluaiseacht chontrártha □

   Léimeanna móra □ Frásaí freagartha □ nótaí aiceanta □
10. Déan cur síos ar rithim an téama trí úsáid a bhaint as cibé cinn de na tréithe seo a leanas atá le fáil ann.

    Sioncóipiú □ Ostinato rithimeach □ Nótaí poncaithe □

    Nótaí fada marthannacha □ staccato □ sosanna rialta □
11. Déan cur síos ar mhothú an tsleachta trí úsáid a bhaint as cibé cinn de na tréithe seo a leanas atá le fáil ann.

    Fearg □ láidreacht □ áthas □

    Mórtas □ eagla □ suaimhneas □
12. Seinneann an ophicléide nóta athsheinnte. Cad a thugtar ar a leithéid de nóta nuair atá na cordaí ag athrú os a chionn?
13. Déan cur síos ar an uirlis an ophicléide.
14. Seinneann na téaduirlisí ag deireadh an dara frása agus arís ag deireadh an 4ú frása. Cad a sheinneann siad ag na pointí seo?
15. Ainmnigh dhá uirlis ar a seinntear an príomhthéama.
16. Cén chuid den ghluaiseacht atá le cloisteáil sa sliocht seo?
17. Ainmnigh dhá uirlis a sheinneann tionlacan sa sliocht seo.
18. Cad a tharlaíonn sa cheol díreach i ndiaidh an tsleachta seo?
19. Ainmnigh trí dhifear idir an ceol seo agus ceol an téama scálach.
20. Ainmnigh trí dhifear idir an ceol seo agus ceol an *idée fixe*.
21. Ainmnigh dhá thréith de chuid an cheol Rómánsach atá le fáil sa sliocht seo.
22. Déan cur síos ar úsáid na n-uirlisí sa sliocht seo.
23. Ainmnigh na huirlisí práis a sheinntear sa ghluaiseacht seo.
24. Ainmnigh na téaduirlisí a sheinntear sa ghluaiseacht seo.
25. Ainmnigh na cnaguirlisí a sheinntear sa ghluaiseacht seo.

Déan comparáid idir an dá ghluaiseacht seo den saothar seo atá ar an chúrsa faoi na cinnteidil seo thíos:

	Gluaiseacht 2	Gluaiseacht 4
Teideal		
Gléas		
Foirm		
Uirlisí (príomhuirlisí)		
Idée fixe		
Scéal		

Téamaí (le gléas gach ceann)		
Mothú an cheoil/atmaisféar		
Am-chomhartha		
Uigeachtaí agus barraí ina bhfuil siad le fáil		
Pointí eile tábhachtacha		

Ceisteanna Ardleibhéil

Freagraí fada atá ag teastáil ar na ceisteanna seo a leanas. Bain úsáid as na nótaí atá sa leabhar seo ach chomh maith leis sin, bain úsáid as ciclipéid, nó as an idirlíon le cur leis na freagraí i ngach cás. Déan iarracht tagairt a dhéanamh don Symphonie Fantastique i ngach ceist.

1. Déan cur síos ar shaol Berlioz, déan tagairt faoi leith don pháirt a bhí ag an ghrá ina shaol agus an tionchar a bhí aige seo ar an cheol a chum sé, go háirithe *Symphonie Fantastique.*
2. Déan cur síos ar an stíl cheoil a chum Berlioz, go háirithe úsáid na ceolfhoirne agus an tallann a bhí aige don ionstraimíocht.
3. Déan cur síos ar an stíl cheoil a bhí á cumadh sa tréimhse rómánsach, agus do na hathruithe a tháinig ar an cheol ón tréimhse chlasaiceach a tháinig roimhe. Luaigh roinnt cumadóirí a mhair agus a chum ceol sa stíl seo.
4. Déan cur síos ar an scéal atá taobh thiar den *Symphonie Fantastique* agus ar an tábhacht a bhí aige i saol Berlioz féin.
5. Faigh cúig shampla d'úsáid uirlisí ar bhealach cliste sa saothar seo, go háirithe sna gluaiseachtaí atá ar an chúrsa Ardteiste.
6. Luaigh cúig shampla de theicníochtaí rithime a úsáideann an cumadóir sna gluaiseachtaí atá ar an chúrsa, agus den éifeacht atá acu ar atmaisféar an cheoil.
7. Luaigh an tionchar atá ag 3 uigeacht éagsúla atá le fáil sa saothar seo ar atmaisféar an cheoil agus ar an scéal a bhaineann leis an cheol.
8. Déan cur síos ar an *idée fixe* sa saothar seo agus ar an bhealach a gcuireann sé le hatmaisféar an cheoil. Déan tagairt faoi leith don pháirt atá aige sa dá ghluaiseacht atá ar an chúrsa.
9. Ainmnigh na huirlisí gléasathruithe atá le fáil sa saothar seo agus scríobh amach an téama máirseála i ngléas Bb do gach ceann acu.
10. Déan comparáid idir an saothar seo agus na saothair eile ar an chúrsa faoi na cinn-teidil seo a leanas: uigeachtaí; atmaisféar; íomhánna á léiriú tríd an gceol; uirlisí atá in úsáid; stíl cheoil; cúlra an tsaothair; an tréimhse stairiúil ina mhair na cumadóirí.

Sgt Pepper's Lonely Hearts Club Band

The Beatles

Innéacs

Cúlra 60

Albaim; Físeanna; Scannáin 63

Ceisteanna Tosaigh 64

Nótaí taifeadta. 66

Liosta na nAmhrán. 67

Nótaí staidéir 68

Pointí Tábhachtacha 69

Téarmaíocht nua-aimseartha 69

Anailís ar Sgt Pepper's Lonely Hearts Club Band 71

Anailís ar She's Leaving Home 75

Anailís ar When I'm 64 81

Ceisteanna faoi na hAmhráin 83

Cúlra

1956 - 1970

Bhí trialacha ar siúl i Leabharpholl ag John Lennon sa bhliain 1957 le giotaraí a fháil dá ghrúpa Quarrymen, agus nuair a fuair Paul McCartney an áit sa bhanna, cuireadh tús leis an ghrúpa is fearr dá mhair riamh, dar le roinnt daoine. Taobh istigh de bhliain bhí beirt cheoltóirí eile i ndiaidh teacht isteach sa bhanna - George Harrison ar ghiotar, agus Stuart Sutcliffe ar dhordghiotar. D'athraigh siad an t-ainm ar feadh tamaill ghairid go "Johnny And The Moondogs", agus arís go "Silver Beetles". In Aibreán na bliana 1960 chuaigh siad ar thuras thart ar Albain mar ghrúpa tacaíochta do Johnny Gentle, ceoltóir mór le rá ag an am.

Faoi shamhradh na bliana sin (1960) bhí ainm úr orthu: The Beatles, agus fuair siad post leanúnach i gClub in Hamburg na Gearmáine. Thosaigh íomhá an ghrúpa ag athrú, go háirithe an t-athrú go frainse gruaige nó "mop-tops" mar a thugtaí orthu. Cuireadh deireadh leis an chéad turas chun na Gearmáine nuair a cuireadh Harrison as an tír as bheith faoi aois, agus nuair a chaill an chuid eile acu na ceadúnais.

I mí na Samhna 1961 chuir Brian Epstein (bainisteoir siopa ceoil) suim sa ghrúpa i ndiaidh dó iarrataisí a fháil ó dhaoine a bhí ag lorg ceirnín ar a raibh siad ag canadh. Chuaigh sé chun iad a fheiceáil sa Cavern agus go gairid ina dhiaidh sin thosaigh sé ag obair mar bhainisteoir dóibh. Ainneoin na n-iarrachtaí a rinne sé, dhiúltaigh go leor foilsitheoirí ceoil agus comhluchtaí céirnín glacadh leis na Beatles, cé gur éirigh leo airgead a fháil ó Decca le seisiúna taifeadta a dhéanamh. Ar an 10 Aibreán 1962 fuair siad droch-scéala go raibh Stuart Sutcliffe i ndiaidh bás a fháil sa Ghearmáin de bharr rith-fola inchinne. Ar deireadh fuair siad tacaíocht ó George Martin a shínigh an grúpa faoin lipéad Parlophone. I mí Lúnasa tugadh bata agus bóthar do Pete Best an drumadóir agus fuair Ringo Starr (Richard Starkey) a phost.

Ag deireadh na bliana 1962 d'éirigh leis an ghrúpa dul isteach sna cairteacha leis an chéad singil a bhí acu "Love me Do". Ar an 13 Feabhra 1963 bhí an grúpa le feiceáil ar an chlár teilifíse *Thank your Lucky Stars* lena singil úr "Please Please Me" a chur chun cinn. Chonaic sé mhilliún duine iad, agus níor ghlac sé i bhfad ar an singil sin barr na gcairteacha a shroichint. Lean na singil eile é seo, iad uilig go barr na gcairteacha: "From me to you", "She loves you" agus "I wanna Hold your Hand".

Ní minic san am sin a bhí deis ag ceoltóirí ón Bhreatain cáil a bhaint amach i Meiriceá ach is mar seo a tharla do na Beatles. In Aibreán 1964 bhí an chéad chúig áit acu sna cairteacha ansin (Billboard Hot 100) agus i gCeanada bhí naoi gcéirnín acu sa Top Ten. Chum siad a gcuid ceoil féin agus spreag siad grúpaí eile leis an rud céanna a dhéanamh - go háirithe na Rolling Stones.

Ba iad Lennon agus McCartney a chum an chuid is mó den cheol le chéile. Scríobh siad don lucht éisteachta ach bhí an-chuid úire ann fosta. Rinne siad dhá scannán *A Hard Day's Night* agus *Help!* agus d'éirigh go maith leo go poiblí. Sa bhliain 1965 bronnadh MBE orthu de bharr seirbhísí do thionscal na Breataine. Chríochnaigh siad an bhliain le Uimh 1 dúbailte "We can work it out/Day Tripper" Um Nollaig sa bhliain chéanna d'eisigh siad albam *Rubber Soul* nach raibh déanta suas d'amhráin ar éirigh go han-mhaith leo mar ba ghnáthach, ach a bhí déanta suas de bhailiúchán éagsúil ar fad le "Nowhere Man" "In my Life" agus "Norwegian Wood".

I rith na bliana 1966 lean na Beatles orthu ag seinm beo do lucht éisteachta nach raibh mórán smacht acu orthu féin, agus ba léir go raibh sé seo ag cur isteach ar an bhanna. I Tokyo chuir mic léinn in éadan an tseinm bheo ag Budokan agus bagraíodh bás ar bhaill den ghrúpa. Bhí círéib ann nuair nár fhreastail siad ar chóisír eagraithe ag Uachtarán Ferdinand Marcos i Manila. Chuir sé isteach ar dhaoine i Meiriceá nuair a dúirt John Lennon "We are more popular than Jesus now", agus thosaigh an Ku Klux Klan feachtas le deireadh a chur leis an "Beatle menace". Dá bharr seo uilig, sheinn siad sa cheolchoirm oifigiúil dheireanach ar an 29 Lúnasa 1966 i Candlestick Park, San Francisco.

Ina dhiaidh seo bhí deis ag na Beatles díriú isteach ar an chumadóireacht agus ar an taifeadadh. D'athraigh íomhá an ghrúpa arís agus nuair a bhí siad le feiceáil i ngriangraif bhí croiméal orthu uilig. Chaith John Lennon spéaclaí (roimhe sin bhí lionsaí aige). D'eisigh siad "Penny Lane/Strawberry Fields Forever" i ndiaidh sé mhí ach ní dheachaigh sé go huimhir 1 sna cairteacha, cé go raibh sé cóngarach don bharr.

Faoi shamhradh 1967 d'eisigh siad *Sgt Pepper's Lonely Hearts Club Band*, agus san albam seo bhí meascán de chultúr na n-óg sna seascaidí le fáil air: ealaín phop, faisean rí-gheal, drugaí, saoirse ó smacht tuistí agus misteachas láithreach. Bhí baint ag clúdach an albaim leis seo fosta mar go raibh griangraif de dhaoine ar chartchlár (cardboard cut-outs), agus den chéad uair ar chéirnín phop cheoil, focail na n-amhrán clóbhuailte. Bhí úire ag baint leis an cheol fosta, leis na hamhráin uilig ag rith isteach ina chéile in ionad briseadh a bheith eadarthu mar a bhíodh coitianta. Bhí ceangal idir na rianta éagsúla le caint ón stiúideo taifeadtha, gáire, fuaimeanna leictreonacha agus fuaimeanna ainmhithe. Chomh maith leis sin bhí cleasanna éagsúla ann, le hórgáin gail, ceolfhoirní, siotár, ainmhithe feirme, agus cúanna ag tafann ag deireadh "Good Morning, Good Morning". Mar chleas deireanach, bhí fuaim dheireanach na ceolfhoirne taifeadtha thar minicíocht 20,000 hertz, rud a d'fhág nach raibh sé inchloiste ach ag madraí!

Chuaigh an t-albam seo go huimhir 1 ar fud an domhain, rud a thug cuimhní de na sean-laethanta ar ais. Ach ar an 21 Lúnasa 1967 fuarthas Brian Epstein marbh de bharr anlucht drugaí. Ghlac na Beatles leis an nuacht seo go stuama agus shocraigh siad ar dhul ar aghaidh gan bhainisteoir.

I 1968 bhí siad ag éirí níos gafa le reachtáil a gcomhluchta "Apple Corps". Ach níor éirigh go ró-mhaith leo san obair seo agus tháinig Allen Klein isteach le cuidiú. Shocraigh siad ar na seascaidí a chríochnú le filleadh ar na foirmeacha níos simplí seachas foirmeacha casta. Bhí an uimhir 1 deireanach acu i 1969 le "Ballad of John and Yoko" amhrán nach raibh ach McCartney agus Lennon ag canadh/seinm air.

Faoin am seo bhí sé soiléir go raibh deacrachtaí ceoil agus pearsanta ag an bhanna ach bhí siad ag iarraidh na deacrachtaí seo a choinneáil i bhfolach. Tháinig siad le chéile arís leis an albam *Abbey Road* a chur le chéile. Ní dheachaigh an t-albam sin ach go huimhir 4 sna cairteacha, an áit ab ísle a bhain albam dá gcuid amach ó 1962.

Bhí cúrsaí ag éirí níos measa dóibh de réir a chéile, ach bhí neart oibre aonair ag gach duine acu. Rinne siad scánnán *Let it Be* ach níor éirigh go maith leis sin. Agus nuair a chuir siad an t-albam amach bhí sé le fáil i mbosca cartchláir le leabhar costasach, rud a d'ardaigh an praghas chomh hard sin nár ceannaíodh mórán cóipeanna de. Bhí leagan de "Long and Winding Road" le fáil air agus thug sé seo an uimhir 1 dheireanach i Méiriceá dóibh. Ba é "Let it Be" an singil dheireanach a d'eisigh siad agus chuaigh sé fhad le uimhir 2 sna cairteacha sular thit sé.

1970 ar aghaidh

I ndiaidh don ghrúpa briseadh suas eisíodh go leor bailiúchán dá gcuid ceoil. Tá siad seo tábhachtach don lucht mór leanúna a bhí agus atá go fóill ag na Beatles. Eisíodh *Anthology, Anthology 2* agus *Anthology 3* bailiúcháin de phíosaí éagsúla nach raibh ar fáil roimhe sin, roinnt agallamh agus amhráin nár chum siad féin.



Gan amhras cé go bhfuil grúpaí eile ann a bhí sár-mhaith, ní raibh aon ghrúpa ann a raibh meas ag an oiread sin daoine orthu.

Leagan amach an ghrúpa:

John Lennon (9 Deireadh Fómhair 1940 - 8 Nollaig 1980)
Paul McCartney (18 Meitheamh 1942 -)
George Harrison (25 Feabhra 1943 -)
Ringo Starr (7 Iúil 1940 -)

Ceisteanna

1. Scríobh alt ar chúlra na Beatles.
2. Déan taighde ar na baill den ghrúpa.
3. Déan liosta de na grúpaí popcheoil eile a bhí thart ag an am céanna leis na Beatles.

Albaim; Físeanna; Scannáin

Sgt Pepper's Lonely Hearts Club Band

Cumadóirí:	Lennon agus McCartney (Harrison - rian 8)
Seinnteoirí:	The Beatles
	Baill as Ceolfhoireann Fhiolarmónach Londain
	Seinnteoirí Indiacha
	Sounds Incorporated
	George Martin
	Mal Evans
Dáta eisithe:	1d Meitheamh 1967
Smaoineamh don chlúdach:	Peter Blake
Áit sna cairteacht:	Uimh 1 ar feadh 27 seachtaine sa Bhreatain
	Uimh 1 ar feadh 19 seachtaine i SAM
Eisithe ar:	Ceirnín, téip agus dlúthdhiosca

Albaim

Please Please Me	***1963***
With the Beatles	*1963*
A Hard Day's Night	*1964*
Beatles for Sale	*1964*
Help!	*1965*
Rubber Soul	*1965*
Revolver	*1966*
Sgt Pepper's Lonely Hearts Club Band	*1967*
Magical Mystery Tour1967	*1967*
The Beatles	*1968*
Abbey Road	*1969*
Let it Be	*1970*
Anthology 1	*1995*
Anthology 2	*1995*
Anthology 3	*1996*

Físeanna

Ready Steady go Special	**1985**
A Hard Day's Night	*Vestron 1986*
Complete Beatles	***MGM 1986***
Magical Mystery Tour	*MPI 1989*
Help	*MPI 1989*
On the Road	*1990*
Alone and Together	*1990*
The Makings of A Hard Day's Night	*VCI 1995*
The Beatles Anthology Vols 1 - 8	*PMI 1996*

Scannáin

A Hard Day's Night	*1964*
Help!	*1965*
Yellow Submarine	*1968*
Magical Mystery Tour	*1968*
Let it Be	*1970*

Ceisteanna Tosaigh

Freagair na ceisteanna seo a leanas bunaithe ar an eolas faoi na Beatles sna leathanaigh a chuaigh roimhe seo.

1. Cén bhliain ar bunaíodh na Beatles?
2. Cén chéad ainm a bhí orthu?
3. Tabhair dhá ainm eile a bhí orthu sular shocraigh siad ar na Beatles.
4. Cén ceathrú duine a bhí sa ghrúpa sular tháinig Ringo Starr isteach?
5. Cad a tharla dó?
6. Cén áit a bhfuair siad an chéad phost leanúnach?
7. Cén fáth ar tháinig deireadh leis seo?
8. Cén íomhá is mó a sheas amach faoin ghrúpa?
9. Cén bainisteoir a bhí acu ó 1961?
10. Cén uair a chríochnaigh seisean de bheith ag obair leo?
11. Cén fáth?
12. Cén chéad singil a bhí acu?
13. Cén chéad uimhir 1 a bhí acu?
14. Cén clár teilifíse a chuir tús lena gcáil?
15. Ainmnigh dhá uimhir 1 eile a bhí acu i 1963.
16. Cén seans a bheadh acu i Meiriceá, bunaithe ar stair na gceoltóirí eile?

17. Ar oibrigh sé amach mar sin?
18. Cén t-éacht a bhí déanta acu faoi Aibreán 1964 i Meiriceá?
19. Cén t-éacht a bhain siad amach i gCeanada ag an am céanna?
20. Cén tionchar a bhí ag na Beatles ar na Rolling Stones?
21. Ainmnigh trí scanánn a rinne siad.
22. Cén onóir a bronnadh orthu i 1965?
23. Cén fáth?
24. Cén t-albam a d'eisigh siad ag an Nollaig sa bhliain 1965?
25. Ainmnigh trí dheacracht a bhí acu i 1966.
26. Cén tionchar a bhí ag na deacrachtaí sin ar an bhanna?
27. Cén uair a sheinn siad beo go poiblí den uair dheireanach?
28. Cén dóigh ar athraigh siad an íomhá?
29. Cén t-albam a d'eisigh siad sa bhliain 1967?
30. Cén tionchair a bhí ann?
31. Ainmnigh trí rud a bhí difriúl nó nua faoin albam seo.
32. Cad tá suimiúil faoin nóta deireanach ar an albam?
33. Cad a tharla ar an 21 Lúnasa 1967?
34. Cén bainisteoir nua a fuair an grúpa?
35. Cén gnó a bhí ar siúl acu sa bhliain 1968?
36. Ar éirigh go maith leis?
37. Cé a thug cuidiú dóibh?
38. Cén céirnín deireanach leo a shroich uimhir 1 sa Bhreatain?
39. Cé a bhí le cluinstin air?
40. Cén t-albam deireanach ar oibrigh siad air?
41. Conas a d'éirigh leis?
42. Cén treoir nua a raibh baill den ghrúpa ag glacadh as seo amach?
43. Cén scannán a d'eisigh siad i 1970?
44. Conas a d'éirigh leis?
45. Cén fáth nar ceannaíodh mórán cóipeanna den albam?
46. Cén singil dheireanach a bhí ag na Beatles?
47. Cén uimhir 1 deireanach a bhí acu i Meiriceá?
48. Cén fáth ar mhair a gcáil thar cháil ghrúpaí eile, i do bharúil?
49. Ainmnigh na baill den ghrúpa.
50. Ainmnigh aon amhrán de chuid na Beatles a chuala tú sula ndearna tú staidéar ar chúrsa na hArdteiste.

Nótaí taifeadta

Rinne taifeadadh ar *Sgt Pepper's Lonely Hearts Club Band* taobh istigh de 129 lá idir Nollaig 1966 agus Aibreán 1967, am a bhí an-chruthaitheach i stair an cheoil roc. Tháinig forbairt ar cheol na Beatles le gach albam a d'eisigh siad agus de réir a léiritheoir, George Martin, "[they] developed an eternal curiosity for doing something different".

In éineacht le George Martin agus Geoff Emerick (an t-innealltóir fuaime) chuir siad gach cineál cleasaíocht fuaime isteach sa taifeadadh: "everything was either distorted, limited, heavily compressed or treated with excessive equalisation". Cuireadh miocrafón isteach i gcloig na n-uirlisí práis, agus úsáideadh cluasáin mar mhiocrafóin ceangailte le veidhlíní. Cuireadh macalla láidir ar na guthanna agus ansin cuireadh an fhuaim sin tríd an chollaire rothlánach in orgán Hammond. Baineadh úsáid as ascaltóirí (oscillators)ollmhóra le luas an cheoil a athrú.

Gearradh suas téipeanna (de chomhráití, tiúnadh, dord-veidhilí, orgáin gail 7rl) agus cuireadh ar ais le chéile iad ar bhealach difriúl, bun os cionn nó droim ar ais gan aird (go randamach). Cuireadh isteach fuaim ag deireadh "A Day in the Life" nach bhfuil inchloiste ach ag madraí, mar a d'iarr John Lennon. Ansin ag an deireadh ar fad tá caint na Beatles, gearrtha suas agus curtha le chéile gan ord faoi leith.

Tá cáil ar an albam seo fosta mar gurb é an chéad albam a bhfuil dhá thaobh leanúnach air, gan aon bhriseadh idir na hamhráin (bandáil). Ba é clúdach an albaim an chéad cheann ar a raibh focail na n-amhrán le fáil, agus an chéad cheann le clúdach fillte. Chomh maith leis sin ba é an chéad cheann é nach raibh gnáth-mhála inmheánach bán aige; bhí an mála inmheánach rí-gheal. Ar deireadh ba é *Sgt Pepper's Lonely Hearts Club Band* an chéad albam roc a raibh ceolfhoireann iomlán ag seinm air (Ceolfhoireann Fhiolarmónach Londain).

Bhí an t-albam seo go hiomlán difriúl ó gach rud a chuaigh roimhe agus cé go bhfuil an-chuid aithrise déanta air ó shin, is albam ann féin é go fóill - ceann a bhí réabhlóideach sa tionscal taifeadta.

Sgt Pepper's Lonely Hearts Club Band didn't start out life as a "concept album" but it very soon developed a life of its own! I remember it warmly, as both a tremendous challenge and a highly rewarding experience for me, it was the most innovative, imaginative and trend-setting record of its time.

George Martin, Léiritheoir



In amannta tugtar "An Cúigiú Beatle" ar Sir George Martin mar gheall ar an bhaint lárnach a bhí aige leis an ghrúpa thar na blianta. Seo pictiúr de a tógadh sa bhliain 2000.

Le déanamh:

Déan taighde ar Sir George Martin agus scríobh alt faoi.

Liosta na nAmhrán

Seo liosta de na rianta ar an albam, san ord inar tugadh futhu.

1. When I'm Sixty Four: Tosaíodh ar an taifeadadh i stiúideo 2 ag Abbey Road ar an 6 Nollaig 1966. Tógadh an leagan a roghnaíodh don albam ón mheascán a rinneadh ar an cheathrú iarracht. Cumadóir: Paul McCartney. Príomhchantóir: Paul McCartney. Léiritheoir: George Martin. Innealltóir taifeadtha: Geoff Emerick. Innealltóir fuaime: Phil McDonald.

2. A Day in the Life: 19 Eanair 1967

3. Sgt Pepper's Lonely Hearts Club Band: Tosaíodh ar an taifeadadh ar 1 Feabhra 1967. Roghnaíodh an deichiú iarracht don albam. Scríbhneoir agus príomhchantóir: Paul McCartney. Léiritheoir: George Martin. Innealltóir taifeadtha: Geoff Emerick. Dara innealltóir: Richard Lush.

4. Good morning, Good Morning: 8 Feabhra 1967

5. Being for the Benefit of Mr. Kite: 17 Feabhra 1967

6. Fixing a Hole: 21 Feabhra 1967

7. Lovely Rita: 23 Feabhra 1967

8. Lucy in the Sky with Diamonds: 1 Marta 1967

9. Getting Better: 9 Marta 1967

10. She's Leaving Home: Tosaíodh ar an taifeadadh ag Abbey Road ar an 17 Marta 1967. Meascadh an leagan don albam bunaithe ar an naoú iarracht. Scríbhneoir agus príomhchantóir: Paul McCartney. Léiritheoir: George Martin. Scór: Mike Leander. Innealltóir taifeadtha: Geoff Emerick. Innealltóirí fuaime: Richard Lush, Keith Slaughter.

11. Within You Without You: 22 Márta 1967

12. With a little help from my Friends: 29 Márta 1967

13. Sgt. Pepper's Lonely Hearts Club Band (Reprise): Tosaithe i stiúideo 1 ag Abbey Road ar 1 Aibreán 1967. Leagan don albam meascaithe ón naoú iarracht. Cumadóir: Paul McCartney. Príomhchantóirí John Lennon, Paul McCartney agus George Harrison. Léiritheoir: George Martin. Innealltóir taifeadtha: Geoff Emerick. Dara innealltóir: Richard Lush.

Dúirt Paul McCartney:

John and I wrote 'She's Leaving Home' together. It was my inspiration. We'd seen a story in the newspaper about a young girl who'd left home and not been found, there were a lot of those at the time, and that was enough to give us a story line. So I started to get the lyrics: she slips out and leaves a note and then the parents wake up ... It was rather poignant. I like it as a song, and when I showed it to John, he added the long sustained notes, and one of the nice things about the structure of the song is that it stays on those chords endlessly. Before that period in our song-writing we would have changed chords but it stays on the C chord. It really holds you. It's a really nice little trick and I think it worked very well. While I was showing that to John, he was doing the Greek Chorus, the parents' view: 'We gave her most of our lives, we gave her everything money could buy.' I think that may have been in the runaway story, it might have been a quote from the parents. Then there's the famous little line about a man from the motor trade; people have since said that was Terry Doran, who was a friend who worked in a car showroom, but it was just fiction, like the sea captain in "Yellow Submarine", they weren't real people.

Nótaí staidéir

1. Sgt Pepper's Lonely Hearts Club Band

An chéad rian den albam. Cuirtear an coincheap in aithne: na Beatles ag seinm Sgt Pepper's Band. Atmaisféar cosúil le ceolchoirm amuigh faoin aer, b'fhéidir sa pháirc. Tá meascán neamh-ghnáthach ann le banna roc meascaithe le ceithre chorn Francach.

6. She's Leaving Home

Seo an chéad amhrán ar an albam seo nach n-úsáideann drumaí ná giotair. Úsáidtear cruit agus naoiréad (naoi n-uirlis). Ní hé seo an chéad uair a úsáideadh téaduirlisí i gceol an ghrúpa seo - d'úsáid siad ceathairéad téadach san amhrán Yesterday, agus ochtréad in Eleanor Rigby. Ta fuaim chlasaiceach ag baint leis, agus cruthaíonn sé seo codarsnacht ollmhór le láidreacht an cheoil san amhrán "Being for the benefit of Mr. Kite!" Déantar cuntraphointe ar na guthanna sa churfá. Tá mion-athruithe déanta ar chóiriú na dtéaduirlisí ó véarsa go véarsa.

9. When I'm Sixty Four

Scríobhadh é seo in ómós d'athair Paul McCartney – Jim - agus mar sin tá tionchar láidir ag stíl na hallaí ceoil ó na 1920í agus 1930í ar an amhrán seo (à la George Formby). Cuireann na rudaí seo a leanas le blas an snagcheoil ar an amhrán: cóiriú don chláirnéid a rinne George Martin, scuab-dhruma a bheith in úsáid ar na drumaí, agus seicimh armónaic i stíl rag-phiano.

Éist amach do dhíoscán stól an phiano (4'50") díreach sula gcríochnaíonn an fhuaim dheireanach san amhrán deireanach "A Day in the Life".



Pointí Tábhachtacha

Tá an-chuid difríochtaí idir staidéar a dhéanamh ar phíosa pop-cheoil agus staidéar a dhéanamh ar phíosa ceoil chlasaicigh ón scór.

Sa phíosa ceoil seo is é an taifeadadh an rud is tábhachtaí le staidéar a dhéanamh air, ní cosúil leis an choinséartó le Mozart, Symphonie Fantastique le Berlioz, ná fiú Seachanges le Deane. Chum na cumadóirí uilig (McCartney, Lennon agus Harrison) an ceol gan é a scríobh síos. Go minic, bheadh orthu taifeadadh gasta a dhéanamh ar eagla go gcaillfí an inspioráid a tháinig chucu (go háirithe i gcás Paul McCartney). I gcás John Lennon, thosódh sé leis na focail agus le cordaí agus de réir a chéile thiocfadh an cóiriú iomlán le chéile. Ba mhinic George Harrison ag déanamh tobchumadh in éadan rithimí a chairde ón India. Níor scríobhadh an scór síos go dtí i bhfad i ndiaidh don taifeadadh a bheith críochnaithe, agus go minic ní bheadh scór ann ar chor ar bith.

Úsáidtear simpliú ar an cheol sa scór go minic, ag baint úsáide as gléasanna níos simplí: mar shampla i gcás She's Leaving Home, tá sé scríofa i ngléas Eb mór ach tá sé i ngléas E mór sa taifeadadh.

Fágtar sonraí áirithe ar lár: (a) ní scríobhtar na píosa athsheinnte amach i gcónaí agus (b) fágtar amach idircheol uirlise, giotaí casta giotar, mar shampla "A Day in the Life".

Chomh maith leis sin, mar gheall ar na teicníochtaí taifeadta agus teicníochtaí casta eile(iolrianú, athruithe sa luas, tobchumadh, agus sioncóipiú), ní fiú scór clasaiceach a sholáthar. Bíonn ar an chluas le cuidiú ó scór aon-líne, éisteacht agus na poill a líonadh isteach.

Tá sé tábhachtach an t-eolas seo a bheith agat:

1. an t-albam as ar tógadh na rianta.
2. Léiriú agus na rianta ar an albam.
3. Cumadóirí agus seinnteoirí, tréithe a gcuid ceoil agus na tionchair a bhí orthu.
4. Cad a tharla roimh agus i ndiaidh an albaim.

Téarmaíocht nua-aimseartha

Bainisteoir: An duine a shocraíonn ceolchoirmeacha don bhanna agus a shocraíonn cé mhéad airgid a bheas díolta leo. De ghnáth, bíonn aithne mhaith aige ar léar mór daoine i dtionscal an cheoil agus bíonn sé ábalta na ceolchoirmeacha is fearr a aimsiú don bhanna.

Cóiriú: An leagan amach atá ar na páirteanna éagsúla. Is féidir amhrán simplí (Frère Jacques mar shampla) a chóiriú fá choinne ceathiaréad téadach; ciallaíonn sé seo go gcumtar nótaí nó páirteanna faoi leith do na huirlisí seo bunaithe ar chordaí an amhráin.

Cuntraphointe: Dhá pháirt nó níos mó agus iad ar chomh-thabhacht. Is féidir leo aithris a dhéanamh ar a chéile ach ní gá.

Dord-ghiotar: Giotar íseal nach bhfuil ach 4 shreang air. Seinneann sé bun-nótaí na gcordaí sa cheol; nó déanann sé breachnú air seo. Seinneann sé go minic le rithim na ndrumaí.

Giotar: De ghnáth, seinneann sé cordaí amháin. Go minic, canann an duine a sheinneann an uirlis seo.

Innealltóir fuaime: An duine a bhfuil smacht aige ar an inneallra sa stiúideo taifeadtha. De ghnáth, leanann sé treoracha an bhanna, ach tugann sé comhairle dóibh chomh maith.

Iolrianú: Muna bhfuil ann ach cantóir amháin is féidir a ghuth a thaifeadadh ar rian amháin ar dtús, agus ansin é a thaifeadadh ag canadh páirt difriúl ar rian eile, agus b'fhéidir é a thaifeadadh ag canadh an tríú páirt ar an tríú rian. Is féidir na rianta seo uilig a chur le chéile agus fuaimíonn sé cosúil le cór trí pháirt, cé nach bhfuil ann ach cantóir amháin. Seo iolrianú.

Léiritheoir: An duine atá i gceannas ar an taifeadadh agus ar an chur le chéile sa chéirnín.

Macalla: Seo nuair a chuirtear macalla isteach ar ghuth nó ar fhuaim uirlise tríd an fhuaim a mhoilliú síos. Is féidir é a dhéanamh le troitheán ar ghiotar nó sa mheascadh sa stiúideo.

Meascadh: Nuair a chuirtear na rianta uilig le chéile agus nuair a shocraítear ar na huirlisí is láidre agus cén áit leis na guthanna a dhéanamh níos láidre. Is féidir na guthanna a thógáil ón dara iarracht a rinne an banna agus na huirlisí ón tríú hiarracht leis an mheascán is fearr a fháil don chéirnín.

Móitíf: Pátrún gairid nótaí a úsáidtear go minic i rith píosa ceoil. Cosúil le téama ach i bhfad níos giorra.

Príomh-ghiotar: Go hiondúil, seinneann an príomh-ghiotar séiseanna, nó móitífeanna níos mó ná cordaí, cé go bhfuil an dá rud i gceist.

Saobhadh (Distortion): Úsáidtear é seo go minic i gceol roc. Cuireann sé barraíocht fuaime isteach sa challaire ó na giotair trí throitheán a úsáid. Thig leis an fhuaim a bheith garbh (overdrive) nó mín, nó trom le fuaim fhada, bhuan.



Scór: Na páirteanna iomlána den cheol scríofa amach go díreach mar atá siad seinnte.

Sioncóipiú: Nuair a bhaintear an bhéim de nóta a mbíonn béim air de ghnáth (an chéad bhuille den bharra) agus nuair a chuirtear sos ina áit. Mothaítear buille in easnamh sa cheol, agus tugtar sioncóipiú air seo. Má dhéantar go rialta é tríd an phíosa ar fad, tugann sé rithim an-bhríomhar don cheol. Tá sé seo an-choitianta i gceol nua-aimseartha.

Taifeadadh: Déantar taifeadadh ar gach guth agus ar gach uirlis ar rian éagsúla. Cuireann sé seo ar chumas an innealltóra na guthanna is tábhachtaí a dhéanamh níos láidre ná a chéile. Fiú nuair a dhéantar taifeadadh ar níos mó ná guth/uirlis amháin le chéile, cuirtear ar rianta éagsúla iad. Glacann sé lá nó dhó ar a laghad le hamhrán amháin a thaifeadadh go hard-chaighdeán fá choinne é a bheith eisithe go poiblí.

Tobchumadh: Nuair a sheinneann ceoltóir nótaí a chumann sé de réir mar a théann sé ar aghaidh, ach iad bunaithe ar rithim faoi leith, nó ar chordaí faoi leith. Ní bhíonn sé mar an gcéanna aon dá uair. Seo tréith a bhain le snagcheol; tá sé an-choitianta i gceol traidisiúnta chomh maith.

Sgt Pepper's Lonely Hearts Club Band

Réamhrá

Tháinig smaoineamh chuig Paul McCartney agus é ar thuras eitleán amhrán a chumadh faoi bhanna samhailteach. Bhí an t-ainm "Salt and Pepper" ar an bhanna seo ar dtús. Smaoineamh éagsúil, nua-aimseartha, samhlaíoch a bhí anseo agus bhí na tréithe seo le feiceáil ní hamháin sa cheol, ach sa chlúdach a bhí ar an cheirnín chomh maith. Bhí clúdach nuálaíoch ann leis na liricí clóbhuailte air, agus bhí an-iarracht agus ard-chostas curtha isteach sa phictiúr ar an chlúdach. Chomh maith leis sin bhí sonraí faoi leith nua sa taifeadadh.

> *You put the record on, and you hear the audience, the band warming up, and the show opens with their theme tune. This illusion is created, Sgt Pepper's band really are up there, blasting away for us!*

Anailís

Cumtha ag: Paul McCartney Feabhra 1967

Taifeadta: Feabhra 1 – 3 agus Márta 3 – 6 1967.

Tonúlacht: G (bunaithe ar mód só nó mód micsilidiach atá coitianta sa *rock 'n' roll*)

Méadar: 4 thar 4. Luas an-mheasartha.

Uirlisí: Giotair: 1. Príomhghiotar
2. Giotar rithimeach
3. Dordghiotar

Drumaí

4 Chorn Francacha

Struchtúr: Tá struchtúr siméadrach ag an amhrán seo mar a fheictear sa tríú colún sa tábla seo:

4 bharra Barraí 1 - 4	Intreoir	12 bharra
8 mbarra b.5 – 8 agus b.9 - 12	Véarsa	
5 bharra b.13 – 17	Idircheol práis	5 bharra
12 bharra b.18 – 29	"Lár" (cúrfá)	12 bharra
5 bharra b.30 – 34	Idircheol	5 bharra
8 mbarra b.35 – 42	Véarsa	12 bharra
4 bharra b.43 – 44 agus b.45 - 46	Idircheol - nasc	

Intreoir: Barraí 1 – 4

Tosaíonn an rian seo le taifeadadh 10 soicind de thiúnadh uirlisí agus fuaim ó lucht éisteachta. Cruthaítear sceitimíní ceolchoirme go héifeachtach.

b.1 – 4: Fuaim láidir roc-cheol ó thrí ghiotar agus drumaí. Tá rithim dhá chamán ag na giotair ar bhuillí 1 agus 3, agus tá rithim codarsnach ag an sreangdruma le cúlbhuille, 'sé sin buillí 2 agus 4.

Véarsa 1: barraí 5 – 8

Frása 2-bharra athsheinnte bunaithe ar na cordaí G A7 │ C G │. Tá guth láidir Paul McCartney ag canadh i stíl rac ‘n roll. Tá réimse na séise an-chúng agus tá an-chuid nóta athsheinnte ann. Déan comparaid idir séis an amhráin seo agus an tséis san amhrán “Horse with no Name” le Neil Young.

b.9 – 12: Freagra atá sna barraí seo ar na 4 bharra rompu ach go bhfuil an ghluaiseacht chordúil athraithe go A7 │C7 │ G C7 │ G │.

Idircheol práis: barraí 13 – 17

4 chorn Francach le tionlacan ó dhordghiotar agus drumaí bunaithe ar na cordaí: C7│F7│C7│D7│D7. Mothaítear go bhfuil an ceol á sheinm taobh amuigh agus tá go leor aisfhuaimnithe san fhuaim.

12-bharra Lárnach: barraí 18 – 29

Giotair tiománaithe le rithim dhá chamán ar bhuillí 1 agus 3, le cúlbhuillí láidre ó shreangdruma. Athraíonn an ceol gutha ó leathchamáin go camáin. Gluaiseacht chordúil: G C Bb6 Am7 │C7 G│

Idircheol: barraí 30 – 34

Úsáidtear an comhcheol céanna le barraí 13 – 17 ach an t-am seo tosaíonn na coirn ar nóta níos faide ag athrú go camáin sna barraí D7 deireanacha. I rith an ama canann McCartney.

Véarsa 2: barraí 35 – 42

Cosúil le véarsa 1 le liricí éagsúla. Tabhair faoi deara go bhfuil rím idir an focal “years” i véarsa 1 le “Shears” i véarsa 3.

Idircheol – nasc: barraí 43 – 46

Tosaíonn an ceol ag tabhairt le fios gur idircheol coirn a bheas ann, ach ansin athraíonn an comhcheol le Billy Shears’ a chur i láthair le deontraí C-D-E (*voluntary*).

Críochnaíonn an ceol le screadaíl agus bualadh bos ón lucht éisteachta, rud a chuireann leis an íomhá de cheolchoirm amuigh faoin aer agus sluiate de lucht leanúna ag éisteacht leis an bhanna.

Pointí le smaoineamh futhu

Scéal an amhráin: Fiche bliain ó shin mhúin Sgt Pepper ceol don bhanna. Ní bhíonn siad i bhfaisean i gcónaí ach is féidir leo aoibh a chur ar bhur n-aghaidh. Seo chugaibh an banna Sgt Pepper's Lonely Hearts Club Band.

Is muide Sgt Pepper's Lonely Hearts Club Band, tá súil again go mbainfidh sibh sult as an cheolchoirm. Suígí siar agus bainigí sult as an tráthnóna.

Tá sé go hálainn a bheith anseo, cuireann sé drithlín gliondair orainn. Is lucht éisteachta álainn sibh agus ba bhreá linn sibh a thabhairt abhaile linn.

Níl mé ag iarraidh stop a chur leis an cheolchoirm, ach shíl mé go mbeadh sibh ag iarraidh fáil amach go bhfuil an cantóir réidh le hamhrán a chanadh agus tá sé ag iarraidh go gcanfaidh sibh leis. Mar sin seo chugaibh an fear sainiúil – Billy Shears.

Stíl: Tá stíl roc 'n roll ag baint leis an amhrán seo le rithim láidir ar na drumaí agus fuaim láidir tiománaithe ar na giotair. Chomh maith leis sin measctar fuaim na mbannaí práis leis nuair a thugtar isteach an t-idircheol ar na coirn fhrancacha. Tá an meascán stíle seo ar cheann de na tréithe a chuireann le cáil agus tallann na Beatles mar ghrúpa agus a dhéanann éagsúil iad leis na grúpaí eile a bhí thart ag an am céanna.

Úsáid na ndrumaí: Cuirtear an-bhéim ar an rithim sa cheol seo le buille láidir ar an dord-druma ar an chéad agus tríú buillí de na barraí, agus le cúlbhuille láidir ar an sreangdhruma ar bhuillí 2 agus 4. Ag deireadh frásaí úsáidtear "líonadh" ar na drumaí leis an cheol a bhrú chun tosaigh agus le taispeáint go bhfuil athrú ann. 'Séard atá i gceist le líonadh ná athrú sa phátrún seanma le níos mó nótaí agus go minic sraith nótaí seinnte ar na taim ó ard go híseal.

Codarsnacht: Tá codarsnacht láidir le tabhairt faoi deara idir na véarsaí agus an curfá, taobh istigh den tséis, sa rithim, san fhad agus sna focail.

Séis: Tá réimse cúng ag an tséis sa véarsa, tá sé níos leithne sa churfá. Bíonn an-chuid nótaí athsheinnte/athdhéanta sa véarsa agus sa churfá. Níl aon léimeanna sna véarsaí, tá roinnt sa churfá. Tá léimeanna san idircheol do na coirn fhrancacha. Tá seachtráin le fáil sa tséis leis an tréach maolaithe sa véarsa, agus an seachtach íslithe sa churfá. Faightear an forthonach (*re*) ardaithe sna cordaí chomh maith. Úsáidtear nótaí ag sleamhnú sa líne ghutha.

Ceisteanna

Éist leis an amhrán "Sgt. Pepper" agus freagair na ceisteanna thíos bunaithe air:

1. Cén t-ainm iomlán atá ar an amhrán seo?
2. Cén t-albam as ar tógadh é?
3. Cén bhliain inar cuireadh an t-albam seo le chéile?
4. Cén dáta ar a ndearnadh taifeadadh ar an amhrán seo?
5. Cé a chum an t-amhrán?
6. Cé hé an príomhchantóir?

7. Cén duine a sheinneann drumaí san amhrán seo?
8. Cén t-innealltóir fuaime a bhí ann?
9. Cén léiritheoir a bhí ar an amhrán seo?
10. Cad é an chéad fhuaim atá le cluinstin san amhrán?
11. Cén gnáthuirlisí atá in úsáid ann?
12. Cén uirlisí neamh-ghnáthacha atá á seinm san amhrán seo?
13. Cén éifeacht atá ag na huirlisí seo (na cinn neamh-ghnáthacha) ar an amhrán?
14. Cén fhuaim eile atá curtha isteach san amhrán seachas canadh agus seinm uirlisí?
15. Cé mhéad guth atá ag canadh sa chéad véarsa?
16. Ag deireadh an véarsa seo, roimh an churfá, san idircheol, luaigh dhá rud éagsúil a thagann isteach.
17. Cé mhéad guth a chanann sa churfá?
18. An gcanann siad i gcomhcheol nó in aoncheol?
19. An bhfuil uigeacht chuntraphointeach nó homafónach sa churfá? Mínigh an focal a roghnaigh tú.
20. Tá trí chineál giotair in úsáid san amhrán seo. Seinneann ceann amháin acu an dord, ceann eile an rithim. Cad a sheinneann an tríú ceann?
21. Tá an ceol seo bunaithe ar an mód micsilidiach. Mínigh é seo.
22. Luaigh trí thréith a bhaineann le ceol rac ‘n roll agus atá le fáil san amhrán seo.
23. Cad a tharlaíonn an deireadh an amhráin seo atá neamhghnáthach?
24. Cén gléas ina bhfuil an t-amhrán seo?
25. Déan cur síos ar an chodarsnacht sa rithim idir na giotair agus na drumaí.

Líon isteach an tábla seo thíos le heolas faoin amhrán faoi na cinnteidil atá tugtha.

Tréith	Véarsa	Curfá	Idircheol uirlise
Focail			
Séis			
Rithim			
Uirlisí			
Stíl/Tionchar			
Tonúlacht			

She's Leaving Home

Réamhrá

Seo an chéad amhrán ar an albam nach n-úsáideann giotair ná drumaí. Cosúil leis na hamhráin "Eleanor Rigby" agus "Yesterday" úsáideann sé téaduirlisí. Ba í an cruitire Sheila Bromberg an chéad bhean a sheinn ar thaifeadadh de chuid na Beatles riamh. Rinneadh taifeadadh beo ar an *ensemble* téaduirlisí uilig le chéile ar an 17 Márta 1967, agus úsáideadh an chéad iarracht don leagan deireanach – rud atá neamhghnáthach go leor!

Is é Paul McCartney an príomhchantóir, agus tagann John Lennon isteach ag canadh leis sa chúrfá. Rinneadh dérianú ar ghuthanna na beirte, rud a chruthaíonn éifeacht chorúil. Canann McCartney an pháirt is airde, agus canann Lennon an pháirt is ísle.

> *…the counterpointing of the voices is economic, clear, magical – this song is one of Paul's greatest, - pure McCartney.*
>
> George Martin

Nóta:

Tabhair faoi deara go bhfuil an ceol sa taifeadadh i ngléas E mór. Faightear scóranna go minic scríofa i ngléas Eb mór. Tá an anailís anseo bunaithe ar an bhunghléas d'E mór.

Anailís

Cumtha ag: Paul McCartney le John Lennon. Márta 1967

Taifeadtha: Márta 17 – 20 1967.

Tonúlacht: E mór

Méadar: 3 thar 4.

Uirlisí: Naoiréad & Cruit: 4 veidhlín
2 violá
2 dhordveidhil
Olldord
Cruit

Foirm:

Barra	**Cuid den amhrán**	**Foirm an choda sin**
Barraí 1 – 4	Intreoir	(Intreoir)
b.5 – 36	Véarsa 1	V1: ABAB
b.37 – 55	Curfá	Curfá: CD
b.56 – 87	Véarsa 2	V2: ABAB
b.88 – 106	Curfá	Curfá: CD
b.107 – 122	Véarsa 3	V3: AB
b.123 – 134	Curfá deireanach	Curfá: CD
b.135 - 149	Coda	Coda: E

Intreoir Cruite: barraí 1 – 4

Dhá bharra, athsheinnte, bunaithe ar chorda I. Uigeacht 2-pháirteach:

1. Corda briste láidir ar an chéad bhuille
2. Líne ard le camáin, corda E mór le 6cha agus 4cha.

Véarsa 1:

Barraí 5 – 12 (A): Frása gutha 5 bharra freagartha ag frása 3 bharra ar an dordveidhil.

Tionlacan cruite cordúil i gcroisíní.

Uigeacht ag an phointe seo:

1. séis ghutha
2. cordaí
3. cuntrashéis sa dord

Tá cosúlachtaí idir an uigeacht seo agus an t-amhrán ealaíne le Schubert *Who is Sylvia?*

Cuntrashéis sa dord:

Barraí 13 – 15: (B)frása 4-bharra athsheinnte le cordaí marthannacha ar na veidhlíní agus vióla.

Barraí 17 – 20: Bristear rithim na gcroisíní sa tionlacan trí shioncóipiú a bheith i mb.16 agus b.20.

Barraí 21 – 28: Athsheinm ar A le huigeacht níos dlúithe i mb.21 le holldord curtha leis. Focaldathú i mb.26-28 le líne síos sna veidhlín le híomhá de dhul síos an staighre a léiriú. Cuntraphointe le líne suas sna doirdveidhil sna 3 bharra chéanna.

Barraí 29 – 36: (B) Dhá fhrása 4-bharra arís le téaduirlisí marthannacha – cordaí cruite croisíní – bunaithe ar an cheannasach B11 B9 B11 B9. (B11 = B le E ann. B9 = B le C# ann.)

Curfá 1:

Barraí 37 – 48: (C)Trí fhrása 4-bharra ag baint úsáide as cuntraphointe gutha dhá pháirt, le McCartney ag canadh an pháirt is airde a bhogann go mall, agus Lennon ag canadh an pháirt is ísle leis na hintriachtaí le fuaim shrónach.

Barraí 49 – 55: (D) Frása 7-mbarra. Is fad neamhghnáthach é 7 mbarra, mothaítear go bhfuil sé gearrtha ag an deireadh. Críochnaíonn sé le cordaí géara F-9 (corda F le Gb ann). Tá an ceol go fóill i ngléas E mór.

Véarsa 2:

Barraí 56 – 63: (A)Ó thús an véarsa an t-am seo tá téaduirlisí arda ag seinm cordaí marthannacha, agus seinneann an dordveidhil líne i gcroisíní chomh maith.
Barraí 64 – 71: (B)Téaduirlisí marthannacha le sioncóipiú ag deireadh na bhfrásaí. Focaldathú le "briseadh" sa cheol roimh "she breaks down".
Barraí 72 – 79: (A)Focaldathú le veidhlín ag seinm G# athsheinnte ag cur snagaíl i láthair.

Barraí 80 – 87: (B)Téaduirlisí arda ag seinm go maoithneach le cordaí B11 agus B9 agus ag críochnú le dhá chorda B7 mar fhreagra ar na focail "How could she do this to me?"

Curfá 2:

Cosúil leis an chéad churfá le hathruithe beaga i rithimí an tionlacain sna téaduirlisí iad bunaithe go fóill ar chorda an tonaigh i ngléas E mór.

Véarsa 3:

16 bharra níos giorra le foirm AB (i gcomparáid le ABAB sa chéad dá véarsa)
Barraí 107 – 122: Athruithe fíneáilte sa chóiriú téaduirlisí:

1. freagra 3-bharra sna téaduirlisí ar "she is far away" le cuntraphointe 3-pháirteach anois.
2. tremolo "critheaglach" faoi na focail "waiting to keep the appointment". Focaldathú.
3. léirítear na hinnill sa "motor trade" le rithim ghiodamach, shioncóipithe.

Curfá deireanach:

Barraí 123 – 134: (CD) Éiríonn an teannas agus an suaitheadh sna téaduirlisí (Vln1 níos airde)
Barraí 135 – 149: (E) Coda
Sa coda, cuirtear críoch leis an fhrása deireanach. Go dtí seo mothaíodh go raibh sé gearrtha róluath tar éis 3 bharra ach anseo cuirtear an 4ú barra leis. Tagann na hairpéitsí cruite isteach, mar a bhí ag an tús le *rit* sna trí bharra dheireanacha. Tá dúnadh eaglasta/tánaisteach fada le fáil ag an deireadh – rud a chuireann leis an slán deireanach a chuireann Lennon isteach "bye-bye".

Pointí le smaoineamh futhu

Scéal an amhráin: Fágann cailín an baile go rúnda ag a cúig an chlog maidin Chéadaoin. Tá brón uirthi, ach ag an am céanna mothaíonn sí saoirse.

Ní thuigeann na tuismitheoirí cén fáth nach bhfuil an cailín buíoch as gach rud a rinne siad di. Ní thuigeann siad gur mhothaigh sise ina haonar ar feadh na mblianta.

Tá an t-athair ag srannadh sa leaba nuair a thagann an mháthair ar an litir agus briseann sí síos ag caoineadh. Síleann sí go bhfuil an cailín neamhthuisceanach. Ceistíonn sí conas ar féidir leis an chailín í a ghortú mar sin.

Níor smaoinigh na tuismitheoirí orthu féin, chaith siad blianta ag strachailt leis an saol.

Ar an Aoine tá an cailín i bhfad ar shiúil, ag fanacht ar an choinne atá déanta aici le fear i gceird na ngluaisteán.

Cad a rinne na tuismitheoirí a bhí mícheart? Ní raibh fhios acu go raibh sé mícheart, pé rud é. Ní raibh greann aici riamh, agus is rud é sin nach féidir le hairgead a cheannach. Anois tá an greann ag an chailín, i ndiaidh é a bheith diúltaithe di le blianta fada.

Tá sí ag fágáil an bhaile. Slán.

Focaldathú: Tá roinnt mhaith samplaí samhlaíocha den fhocaldathú san amhrán. Cuireann siad seo le héifeacht an amhráin mar go gcruthaíonn siad íomhá in intinn an éisteora. Treisíonn siad na mothúcháin chomh maith. Cuireann siad béim ar íomhánna áirithe san amhrán, mar shampla caoineadh na máthar.

Rithimí na Cruite: Tugann an chruit tionlacan tríd síos. Tugann sé aontacht don amhrán mar go bhfuil na hairpéitsí céanna le fáil ag tús agus ag deireadh an amhráin. Go minic in áiteanna eile tugann sé seasmhacht don cheol sna cordaí seinnte i gcroisíní.

Cuntrashéiseanna: Seinneann an veidhlín agus an dordveidhil cuntrashéiseanna in áiteanna éagsúla tríd an phíosa. Go minic cruthaíonn na cuntrashéiseanna samplaí d'fhocaldathú. Tá cuntrashéis sa líne ghutha le fáil sa churfá. Cuireann an dá pháirt i gcuntraphointe lena chéile an dá thaobh den scéal in iúl – líne an chailín go hard, agus líne na dtuismitheoirí ar bun. Fásann an teannas sa nóta fada atá sa chuntrashéis agus maolaíonn ar an teannas céanna nuair a bhogann an nóta.

Ceisteanna

Éist leis an amhrán "She's Leaving Home" agus freagair na ceisteanna thíos bunaithe air.

1. Cé a chum an t-amhrán seo?
2. Cén t-innealltóir fuaime a bhí ann?
3. Cé a rinne an cóiriú ar an scór?
4. Cén uair a rinneadh taifeadadh air?
5. Cén príomhchantóir atá ann?
6. Cé eile a chanann ann?
7. Cén léiritheoir atá ann?
8. Cén ceann de na huigeachtaí seo a leanas atá le fáil ann ?

   Cuntraphointe • homafóine • monafóine •

Mínigh d’fhreagra.

9. Cén chéad uirlis atá le cluinstin?
10. Cén fáth a bhfuil sé seo neamhghnáthach?
11. Cén uirlis a sheinneann líne an doird i ndiaidh na chéad líne?
12. Cé mhéad guth a chanann sa véarsa?
13. Cé mhéad guth a chanann sa churfá?
14. Déan cur síos ar pháirt na ndrumaí agus páirt an ghiotair sa phíosa seo.
15. Cén fáth an bhfuil an píosa seo neamhghnáthach i gcomparáid le ceol eile na Beatles?
16. Ainmnigh dhá amhrán eile leo a úsáideann uirlisí cosúil leis na huirlisí san amhrán seo.
17. Cén dá cheann de na teicníochtaí seo a leanas atá ar fáil san amhrán seo?

Glissando •	pizz •	dordghiotar •
Canón •	cuntrashéis •	fliúit chlasaiceach •

18. Tabhair trí shampla d’fhocaldathú san amhrán.
19. Luaigh áit amháin a bhfuil sampla d’iolrianú ar fáil.
20. Mínigh an téarma “ilrianú”.
21. Cén dá uirlis a sheinneann cuntraphointe i rith an amhráin?
22. Cén uirlis a sheinneann cordaí ar chroisíní i rith an amhráin?
23. Luaigh trí thréith ceoil a chuireann leis an mhothú de bhrón san amhrán.
24. Déan cur síos ar dhá áit a bhfuil sioncóipiú ar fáil san amhrán agus an éifeacht a bhaineann leis.
25. Conas a chruthaítear teannas san amhrán?
26. Conas a chruthaítear aontacht san amhrán?
27. Conas a chruthaítear éagsúlacht san amhrán?
28. Déan cur síos ar thrí thionlacan éagsúla atá in úsáid san amhrán.
29. Luaigh trí theicníocht uirlise atá le fáil san amhrán.
30. Cén éifeacht a bhaineann leis na drumaí a bheith in easnamh san amhrán?
31. Tarraing sraith pictiúr ag léiriú scéal an amhráin. Ní gá go mbeadh caighdeán ard ealaíne agat!
32. Buail amach na rithimí sa tséis ón scór.
33. Cuir banna le chéile sa rang agus seinnigí agus canaigí an t-amhrán seo. Bainigí úsáid as cibé uirlisí atá agaibh.
34. Buail amach na rithimí seo:





Líon isteach an tábla seo a leanas ag léiriú na ndifríochtaí idir na véarsaí éagsúla agus na curfánna éagsúla faoi na cinnteidil atá tugtha.

	Véarsa 1	Véarsa 2	Véarsa 3
Focail			
Tionlacan			
Focaldathú			
Rithimí			
Uirlisí (teicníochtaí/ cuntrashéiseanna srl)			
	Curfá 1	Curfá 2	Curfá 3
Focail			
Focaldathú			
Tionlacan			
Uirlisí			

When I'm 64

Réamhrá

Ba é "When I'm 64" an chéad amhrán a bhí beartaithe le cur ar an albam Sgt Pepper. Chum McCartney é in onóir dá athair dá bhreithlá i mí Iúil 1966. Bhí a athair 64 ar an lá sin. Bhí grúpa snagcheol ag a athair agus bheadh an stíl a bhíodh ag an bhanna sin an-chosúil le ceol George Formby; rinne McCartney gach iarracht stíl an amhráin seo a bheith cosúil le stíl bhanna a athar.

Tá an ghluaiseacht chordúil san amhrán seo comónta go leor in eagcheol (ragtime): I – V – I – I7 – IV agus tá sé lán le nótaí crómatacha.

Anailís

Cumtha ag: Paul McCartney

Taifeadta: Mí na Nollag 1966

Gléas: Seinneadh i ngléas C mór é, ach cuireadh luas breise leis an téip leis an cheol a ardú go gléas Db mór ionas go bhfuaimneodh guth McCartney níos óige agus é ag canadh..

Méadar: 2 thar 2 – dhá bhuille minim i ngach barra.

Uirlisí: Pianó
2 chláirnéid
Dordchláirnéid amháin
Giotar rithimeach
Dordghiotar
Sreangdhruma (seinnte le scuabanna)
Clingíní (chimes)

Le déanamh:

Éist le roinnt snagcheol agus breac síos na tréithe ceoil a bhaineann leis an stíl cheoil seo. Luaigh na huirlisí, an stíl seanma, guthanna, rithim agus séis.

Déan comparáid idir an stíl sin agus stíl an amhráin seo le Paul McCartney.

Éist le roinnt samplaí d'eagcheol (ragtime) agus breac síos na tréithe ceoil a bhaineann leis an stíl.

Déan comparáid idir an stíl sin agus stíl an amhráin seo le Paul McCartney.

Cuir banna snagcheol le chéile sa rang agus seinnigí an t-amhrán seo.

Foirm:

Barraí	**Cuid den Amhrán**
1 – 4; 5 - 6	Intreoir shéiseach Intreoir – dhá bharra de rithim
A: 7 – 14 B: 15 - 22	Véarsa 1
C: 23 – 30 D: 31 - 39	Droichead 1
A: 40 – 47 B: 48 - 55	Véarsa 2
C: 56 – 63 D: 64 - 72	Droichead 2
A: 73 – 80 B: 81 - 88	Véarsa 3
E: 89 - 92	Coda

Intreoir

b. 1 – 4 Séis dhá pháirt ar chláirnéid (le hiontrálacha canónacha) le dordchláirnéid ag seinm doird

b. 5- 6 Dhá bharra gan séis.

Véarsa 1:

b.7 – 14: Dhá fhrása 8-mbarra bunaithe ar thríchordaí agus ar nótaí crómatacha.

b.15 – 22: An dara frása 8-mbarra ag críochnú le gluaiseacht chordúil níos tapúla.

Droichead 1:

b.23-29: Frása 8-mbarra (Amion) freagartha ag frása 9-mbarra (A mion – C mór)

Tréithe: 1. nótaí marthannacha ar chláirnéid i 3cha. (b.23 -24)

2. sleamhnú i stíl snagcheoil go G ard (b.31)

3. Corda Am7 ar "older" i mb.28

4. cuireann na clingíní deireadh leis an droichead

Véarsa 2:

b.40-55: Cosúil le véarsa 1 leis an chóiriú céanna gutha agus tionlacain.

Droichead 2:

b.56 – 72: Níos mó focal sa droichead seo. Rithim phoncaithe; séis – 3cha athsheinnte.

Cuntraphointe gutha i mb.60-63.

Véarsa 3:

b.73-87: Séis ar chláirnéid b.76-77; tagann an giotar rithimeach chun tosaigh b.84.

Corda VI7 (A7) i mb.85.

Coda:

b.88-92: Cosúil leis an intreoir le páirt thábhachtach ag na cláirnéidí.

Éist leis an amhrán “When I’m 64” agus freagair na ceisteanna thíos bunaithe air:

1. Cé a chum an t-amhrán seo?
2. Cén t-amchomhartha atá aige?
3. Cén léiritheoir a bhí ann?
4. Cén tionchar is mó atá le cluinstin air?
5. Cé a rinne an cóiriú don scór?
6. Cé chéad uirlis shéise atá le cluinstin?
7. Cén príomhchantóir atá ann?
8. Cén ócáid ar cumadh an t-amhrán dó?
9. Cuir tic leis na huirlisí (5) seo a leanas atá le cluinstin ann.

Banjo •	cláirnéid •	dordghiotar •	drumaí •
Pianó •	clingíní •	fliúit •	veidhlín •
Corn francach •	maindilín •	xileafón •	bosca ceoil •

10. Cé mhéad guth a chanann sa véarsa?
11. Cé mhéad guth a chanann sa churfá?
12. Cén bealach speisialta ina seinntear na drumaí?
13. Cuir tic leis na rudaí seo a leanas atá le cluinstin san amhrán:

Glissando •	guthanna cúlra •	Sosanna •	arpéitse •	canón •

14. Déan cur síos ar pháirt an dordghiotar san amhrán seo.
15. Cén difear atá le cluinstin sa chuid “you’ll be older too….” agus “every summer we can rent a cottage….”?
16. Cén dóigh a n-athraíonn an cóiriú leis na focail: “you can knit a sweater by the fireside”
17. Mínigh cad tá i gceist le nótaí crómatacha i gcomhthéacs an amhráin seo.
18. Mínigh cad tá i gceist le séis bunaithe ar thríchordaí i gcomhthéacs an amhráin seo.
19. Tabhair trí shampla de stíl an snagcheoil mar atá le fáil san amhrán seo.
20. Ainmnigh trí dhifríocht idir na véarsaí éagsúla san amhrán.
21. Ainmnigh ceithre dhifríocht idir an dá dhroichead san amhrán.
22. Déan cur síos ar úsáid chordaí nach bhfuil sa bhunghléas san amhrán.
23. Conas a chruthaítear éagsúlacht san amhrán?
24. Conas a chruthaítear aontacht san amhrán?
25. Luaigh trí dhifríocht idir na véarsaí agus na droichid san amhrán.
26. Rinneadh an taifeadadh seo a sheinm níos tapúla ionas go bhfuaimneodh guth McCartney níos óige. Cén fáth a ndearnadh é seo, i do bharúil?
27. Cén fáth gur roghnaigh McCartney stíl snagcheoil don amhrán áirithe seo?
28. Cén fáth, an dóigh leat, gur úsáideadh na scuabanna chun an sreangdhruma a sheinm?
29. Cén áit a bhfuil na clingíní le cloisteáil?
30. Déan cur síos ar an uirlis “na clingíní”.

Freagair na ceisteanna seo a leanas bunaithe ar an amhrán “Sgt. Pepper’s Lonely Hearts’ Club Band”

1. Ainmnigh na cordaí san intreoir: Gléas G:
2. Cén fáth a bhfuil an dara corda neamhghnáthach?
3. Ainmnigh na cordaí sa chéad líne den véarsa i ngléas G.
4. Cén fáth a bhfuil an dara corda neamhghnáthach?
5. Cén focail a bhfuil corda V le cloisteáil orthu?
6. Cén fáth go bhfuil sé seo neamhghnáthach?
7. Déan cur síos ar an tséis sa phíosa seo. Déan tagairt sa fhreagra do réimse na séise, athsheinm, cothromaíocht na bhfrásaí, léimeanna/céimeanna.
8. Déan cur síos ar an tséis san amhrán She’s Leaving Home.
9. Déan comparáid idir an tséis sa dá amhrán seo.
10. Déan comparáid idir an rithim sa dá amhrán seo.
11. Cén t-amhrán is fearr leat as an dá cheann seo? Cén fáth?

Ceisteanna Ardleibhéil

1. Cuir cáil agus cúlra na Beatles i gcomparáid le do rogha banna eile.
2. Luaigh na pointí/imeachtaí ba chúis le rachairt na Beatles.
3. Cad ba chúis le titim i léig na Beatles? Luaigh agus déan plé ar 4 phointe éagsúla.
4. Ainmnigh agus déan cur sios ar cheithre amhrán eile le na Beatles nach bhfuil ar chúrsa na hArdteiste.
5. Déan cur síos ar na tréithe ceoil a rinne ceol na Beatles éagsúil ó cheol bannaí eile.
6. Cum 3 fhrása eile le dul leis an fhrása ceoil seo. Bíodh modhnú go dtí an ceannasach ann.



7. Cum 3 fhrása eile le dul leis an fhrása ceoil seo. Bíodh an ceol i bhfoirm AABB.



8. Cum 3 fhrása eile le dul leis an fhrása ceoil seo. Bíodh an ceol i bhfoirm ABBA le modhnú.



Déan comparáid idir na trí amhrán faoi na cinnteidil seo thíos.

	Sgt. Pepper's Lonely Hearts Club Band	She's Leaving Home	When I'm 64
Séis			
Uirlisí			
Rithim			
Uigeacht			
Spionn/mothú/ atmaisféar			
Comhcheol			
Cúlra			
Daoine a chum, chan, léirigh an t-amhrán			
Pointí suimiúla nó neamhghnáthacha faoin amhrán			
Pointí suimiúla faoin taifeadadh			
Tionchar ó stíleanna eile ceoil			

Seachanges

Raymond Deane

Innéacs

Raymond Deane 87

Cúlra an tSaothair 87

Ceol an Fichiú hAois 89

Struchtúr an tSaothair agus an Tonúlacht 91

Uirlisí 93

Anailís ar an Cheol 94

Ceisteanna ar an Scór 99

Ceisteanna ar an Saothar iomlán 101

Freagraí Samplacha 104

Ceisteanna Ginearálta 105

Raymond Deane

Rugadh Raymond Deane sa bhliain 1953, agus tógadh ar oiléan Acla é, ar chósta iarthar na hÉireann. Ó bhí sé 10 mbliana d'aois chónaigh sé i mBaile Átha Cliath, Basel, Cologne, Berlin, Oldenburg agus i bPárás. Idir 1974 (nuair a fuair sé a chéim ó Choláiste na hOllscoile, BÁC) go dtí 1979 rinne sé staidéar ar an chumadóireacht le Gerald Bennett, Karlheinz Stockhausen agus Isang Yun. Tá sé lonnaithe anois i mBaile Átha Cliath agus oibríonn sé mar chumadóir neamhspleách, pianadóir agus údar. Seinneadh a chuid ceoil ag go leor féilte idirnáisiúnta. Tá a chuid saothar taifeadta faoi lipéidí Black Box agus Marco Polo. Tá sé ina bhall d'Aosdána, acadamh na n-ealaíontóirí cruthaitheacha in Éirinn, ón bhliain 1986.
Tá ceol cumtha aige do cheolfhoireann, grúpaí aireagail (chamber groups) guthanna, córacha agus banna gaoth-uirlisí.

Smaointe ón chumadóir

- *My work embodies contradictions that I don't attempt to overcome: indeed, its character is probably defined by the productive friction of contradictions.*
- *I always try to include in my work all the harmonic possibilities that are available: tonal and atonal.*
- *I like to interrupt atonal textures with a chord-like C major which is instantly recognisable but is on its way to being something else.*
- *Sometimes the defeat of expectation is as important as the fulfilling of it.*
- *The process of dismantling is as important as the construction.*
- *Addition and subtraction can take the place of a traditional development.*
- *I am always transforming things into their opposites.*

Tá na tréithe seo lárnach sa saothar Seachanges.

Cúlra an tSaothair

Tá an cúigréad seo bunaithe ar shéis ghairid ar tháining a ionspioráid chuig an chumadóir ar an trá in Ardtrasna, Co. Shligigh i 1992. Bunaíodh an saothar "The Seagull Dreams of its Shadow" ar an tséis seo. Tógadh an saothar seo as *Birds and Beasts*, sraith do veidhlín agus pianó. Cuireadh an tséis chéanna i gcuimhne dó bliain ina dhiaidh sin, ar thrá in Hautulco i Meicseacó. Bhí an-tionchar ag an chodarsnacht idir an Atlantach liath, ceomhar agus cósta geal, glan an Aigéin Chiúin.
Is féidir amharc ar an saothar seo mar theagmháil idir an dá dhomhan sin, áit a seasann an chuid séiseach don fharraige Atlantach agus na codanna rithimiúla don Aigéan Ciúin.

An Teideal

Tagann an focal Seachanges ó na hathruithe leanúnacha a thagann ar an dá aigéan - Ciúin agus Atlantach - ach fosta ón amhrán "Full fathom five thy father lies" as an dráma *The Tempest* le Shakespeare. San amhrán seo bíonn Ariel ag smaoineamh ar an athrú a tharlaíonn i ndiaidh an bháis, nuair a athraítear an corp isteach ina choiréal agus péarlaí.

Full fathom five my father lies;
Of his bones are coral made;
Those are pearls that were his eyes;
Nothing of him that doth fade,
But doth suffer a sea-change
Into something rich and strange.
Sea-nymphs hourly ring his knell:
Ding-dong.
Hark! Now I hear them, - ding-dong, bell.

Luaitear *Danse Macabre* sa teideal fosta agus léiríonn sé seo go bhfuil níos mó i gceist sa saothar. Tá tionchar láidir Mheicseacó le cluinstin sa saothar fosta.

Tionchar Mheicseacó

Chuir suim mhuintir Mheicseacó sa bhás an dubh-iontas ar Raymond Deane. Bíonn an bás thart ar na daoine ann an t-am uilig, mar gur sochaí bhocht agus fhoiréigeanach go minic í. Ba chosúil go raibh magadh faoin bhás le feiceáil gach áit i bhfoirm cnámharlach, damhsa an bháis agus pictiúir ghruama. Tá an *Danse Macabre* ina chuid lárnach den saothar. Ciallaíonn *Danse Macabre* agus *Totentanz* "damhsa an bháis".

Seinntear cuid mhaith de cheol Mheicseacó ag na *Mariachi* - grúpaí de cheoltóirí sráide a sheinneann an marimba, maracas, guiro agus an giotar. Cé nach n-úsáidtear an giotar sa saothar seo tá éifeacht an ghiotair le cluinstin sna cordaí a ndéantar plancadh (strumming) orthu ar an dordveidhil agus veidhlín. Tá páirt an-tábhachtach ag na huirlisí eile sa saothar.

Nuair a bhí Deane i Meicseacó cheannaigh sé veidhlín bídeach dá neacht. Tá ceangal láidir idir na fuaimeanna ar na sreangacha oscailte ar an veidhlín beag seo agus páirt an veidhlín sa saothar; chomh maith leis sin tá ceangal idir na fuaimeanna arda aisteacha gur féidir a fháil ar an veidhlín beag agus an cnámharlach.

Bhí deis ag Raymond Deane bualadh le Conlon Nancarrow, ceoltóir agus cumadóir a chónaigh i Meicseacó ar feadh tamaill fhada. Tá cáil air mar gheall ar an chumadóireacht a rinne sé le canóin ghasta. Chum Deane Seachanges in ómós dó.

Ceol an Fichiú hAois

Sa tréimhse stairiúil seo thug na cumadóirí cúl leis an stíl cheoil a cumadh go dtí seo agus thosaigh siad ag cuartú bealaí úra lena gcuid smaointe a léiriú. Is féidir dhá roinn a dhéanamh de chumadóirí na mblianta 1900 - 1930.

1. **Na Rómánsaithe Nua:** Ba iad seo na cumadóirí a raibh an-mheas acu ar obair Wagner, Brahms agus Liszt agus a mhothaigh go bhféadfaí a thuilleadh forbartha a dhéanamh ar a gcuid modhanna cumadóireachta. Elgar, Scriabin, Schönberg, Sibelius a chum sa stíl seo.
2. **Na Frith-Rómánsaithe:** Bheartaigh Stravinsky, Bartók, agus Hindemith agus a lán eile a bhí ar aon intinn leo briseadh go hiomlán le modhanna cumadóireachta an naoú haois déag. Rinne siad iarracht é seo a bhaint amach trí chomhcheol (armóin), foirmeacha ceoil, ionstraimiú agus cúlra liteartha nó pictiúrtha cheol an naoú haois déag a sheachaint.

Modhanna Nua Cumadóireachta

1. Ioltonúlacht: comhcheol a bhaineann le níos mó ná gléas amháin ag an am céanna.

2. Neamhthonúlacht: Gan gléas ar bith a bheith in úsáid. Bíonn gach nóta ar chomhthábhacht agus mar sin ní bhíonn aon nóta le lárthonúlacht cosúil le doh sa chóras sólfá tonach. Tá codanna de Seachanges neamhthonúil.

3. Micreathonúlacht: Baintear úsáid as scálaí le hidirchéimeanna níos lú ná leath-thon. Fuaimníonn a leithéid "as tiún" dúinne a bhfuil cleachtadh againn ar cheol an Iarthair, mar nach bhfuilimid cleachtaithe leis. Faightear idirchéimeanna níos lú ná leath-thoin i scálaí Oirthearacha agus caithfear uirlisí atá tiúnaithe go speisialta a úsáid chun na hidirchéimeanna seo a fháil ach amháin i gcás na dtéaduirlisí a sheinntear le bogha nó a phioctar. Scríobh Alois Habe ceol micreathonúlach ag úsáid ceathrú toin i roinnt dá shaothaor agus séú toin i saothair eile.

4. Cordaí bunaithe ar cheathracha: Sna cordaí a bhfuil cleachtadh againn orthu tréacha a bhíonn i gceist (C - E - G) Anois tá na cordaí déanta suas de 4cha (C - F - B). D'úsáid Debussy cordaí bunaithe ar cheathracha go minic ina chuid ceoil.

5. Córas Srathach: Lean Schönberg(1874 - 1951), Ostarach, stíl na Rómánsaithe Nua ar dtús ach ansin thug sé cúl leis an tonúlacht traidisiúnta agus thug sé isteach an córas Srathach (serial system) nó an tsraith Dhá Nóta Déag (twelve note system). Seo córas ina bhfuil an dá nóta déag (leathon) uilig ar chomhthábhacht. Bhí ar an chumadóir na nótaí seo a eagrú in ord faoi leith (a rogha ord) agus an píosa ceoil a chumadh thart ar na nótaí san ord seo. Is cuma cén ochtach ina seinntear iad nó is féidir iad a sheinm mar chorda nó leo féin, ach bhí ar an chumadóir cloí leis an bhun-ord a leag sé amach dó féin i gcónaí tríd an phíosa. Bhí an stíl seo thar a bheith lóighiciúil agus an-fhoirstineach do roinnt cumadóirí. Bhain Webern agus Berg an-úsáid as an stíl seo chomh maith.

Le déanamh: Bain triail as píosa gairid a chumadh ag baint úsáide as sraith 12 nóta. Is féidir é a scríobh do do rogha uirlis(í). Seinn é nuair atá tú críochnaithe.

6. Srathadh Iomlán (*Total serialisation*). I gcóras srathadh Schönberg rinneadh eagrú srathach ar an tséis amháin ach chuaigh cumadóirí eile (go háirithe Stockhausen, Boulez agus Nono) níos faide ná seo mar go ndearna siad srathadh ar an rithim, ar an chomhcheol, ar na dinimicí agus ar an *timbre*.
7. Ceol Leictreonach: Tá an-chuid forbartha déanta ar cheol leictreonach sa Ghearmáin agus san Iodáil. Sa stiúideó leictreonach, cuireann an cumadóir patrúin fuaime le chéile agus déanann sé iad a thaifeadadh ar théip. Nuair is fuaimeanna nadúrtha iad atá meascaithe le chéile mar seo *Musique Concrète* a ghlaoitear ar an toradh. Is féidir an ceol a athrú ar go leor bealaí nuair atá sé taifeadta - is féidir na patrúin a sheinm droim-ar-ais nó ag luasanna éagsúla. Smaoinigh ar bhealaí eile inar féidir na patrúin a chur le chéile.
8. Ceol Seansúil (*Aleatory*): D'fhás an stíl seo mar fhreagra ar an dá stíl thuas. Bhí gach rud leagtha amach nó sccríofa síos roimh ré sa dá stíl sin agus bhí fhios ag an chumadóir go díreach conas mar a d'fhuaimneodh an ceol, díreach cosúil leis an cheol a cumadh leis na céadta bliain roimhe. Le ceol seansúil ní fios conas mar a fhuaimneoidh an ceol roimh ré. John Cage príomh-léiritheoir na stíle seo. Tá an seinnteoir chomh saor agus is féidir leis a bheith chun tobchumadh a dhéanamh (taobh istigh de na teorainneacha atá leagtha síos ag an chumadóir). Sampla amháin de phíosa ceoil sa stíl seo ná "*Imaginary Landscape*" le John Cage áit a bhfuil 12 raidió ag seinm ag an am céanna. Thig leis na seinnteoirí an fhuaim a chur suas nó síos, nó an stáisiún a athrú de réir mar is mian leo. Braitheann an píosa ceoil ar cad atá ar na stáisiúin éagsúla ag an am. Is furasta a aithint nach mbeadh aon dá sheinm den phíosa seo mar an chéanna. Go minic sa stíl seo ní bhacann an cumadóir le nodaireacht traidisiúnta, ach úsáideann sé nodaireacht ghrafach. 4' 33" is teideal do phíosa eile a chum John Cage. Sa phíosa seo níl ann ach seinnteoir amháin ag an phianó, agus suíonn an seinnteoir ag an uirlis ar feadh 4 nóiméad 33 soicind. Ní sheinntear nóta ná ní dhéantar aon fhuaim faoi leith. Ba é an smaoineamh a bhí ag an chumadóir ná gurb é ceol an tsaoil nó ceol na beatha féin a bhí le cluinstin ag an lucht éisteachta. Mar sin b'fhéidir go mbeadh duine amháin ag casachtaí, nó gíoscán ó shuíochán le brath agus ba iad na fuaimeanna seo, meascaithe leis an tost, an t-aonad ceoil ar ar thug an cumadóir 4' 33".
9. Ceol Íosta (*minimal music*) (Íostachas = *minimalism*): Tháinig an stíl seo chun tosaigh go mall sna seascaidí, go speisialta i gceol na Méiriceánach Steve Reich agus Philip Glass. Seinntear pátrúin ostinato (arpéistí nó cordaí-briste, tonúil de ghnáth) arís agus arís agus arís eile. Tá an chuma ar an cheol nach bhfuil dul chun cinn ar bith ann, ach tá mion-athruithe ann a fhágann go bhfuil dul chun cinn ann cé go bhfuil sé an-mhall. Tagann na smaointe ó cheol na hAfraice agus ón India, rud a léiríonn an tionchar a bhíonn ag cultúir éagsúla an domhain ar a chéile.

Ceann de na prionsabail is tábhachtaí sa cheol nua-aimseartha seo ná gur ceol don intleacht a bhíonn ann go minic. Ó na tréimhsí stairiúla is luaithe bhí an ceol ann don damhsa nó don phléisiúr, don chath nó don chreideamh, nó d'fhreastail an ceol ar spiorad an duine, nó ar a mhothúcháin. Ach i rith an fichiú haois thosaigh an ceol ag freastal ar intinn an duine. Níor léirigh an ceol mothúcháin an chumadóra amháin níos mó ach léirigh sé a smaointe agus éilíonn sé ar an éisteoir a intleacht a úsáid chun tuiscint

cheart a fháil ar an cheol. Mar sin le héisteacht le píosa ceoil le Barry, Deane nó cumadóir ar bith eile is gá tuiscint a fháil ar an bhunphrionsabal atá taobh thiar de, ar an mhodh cumadóireachta atá ann agus ar aidhm an chumadóra sa cheol le fíorluach an cheoil a aithint. Ní leor suí siar agus pléisiúr a bhaint as an cheol níos mó gan dianstaidéar a dhéanamh ar chúlra an phíosa, agus go minic ní féidir mórán pléisiúir a bhaint as an cheol nua-aimseartha go dtí go dtuigtear an cúlra sin mar go mbíonn sé neamhthonúil, foiréigeanach, mí-rialta, mearbhalach.

Cumadóirí eile

Michael Tippett	Lutoslawski	Penderecki	P. Maxwell Davies	Ligeti
Birtwhistle	Steve Reich	Philip Glass	John Cage	Xenakis
Boulez	Nono	Stockhausen	Schönberg	Webern
Berg	Messiaen	Stravinsky	Britten	Steve Reich

Cumadóirí Éireannacha

John Buckley	**Raymond Deane**	Gerald Barry	Brian Boydell	G. Victory
James Wilson	Seoirse Bodley	Joan Trimble	Jane O'Leary	J. Kinsella
Eric Sweeney	Philip Martin	Frank Corcoran		Donnacha Dennehy
Fergus Johnston	Kevin O'Connell	Elaine Agnew	Eibhlis Farrell	Ian Wilson

Struchtúr an tSaothair agus an Tonúlacht

Struchtúr	Barraí	Cur Síos	Troitheán	Foirm
Intreoir	1 - 20	Príomhshéis (GACAC)	G	A
Cuid 1	21 - 45	Príomhshéis agus aisiompú	G	A1
Cuid 2	46 - 68	*Tontentanz*	Neamhthonúil	B
Droichead	69 - 73	Bunaithe ar *Tontentanz*	Neamhthonúil	
Cuid 3	74 - 91	Príomhshéis agus aisiompú	D	A2
Cuid 4	92 - 127	*Dies Irae*	Neamhthonúil	C
Cuid 5	128 - 140	Príomhshéis	Eb	A3
Cuid 6	141 - 174	*Tontentanz* agus *Dies Irae*	C ansin A	B1+ C1

Troitheáin

Tá troitheán ag gach cuid (seachas cuid 2, droichead agus cuid 4) a oibríonn mar a bheadh lár-phointe tonúlachta ann. Na nótaí atá ann ná G, (intreoir agus cuid 1), D (cuid 3), C agus A (cuid 6). Roghnaíodh na nótaí seo mar gheall ar na sreangacha oscailte ar an dordveidhil: C, G, D, A. Tá an ceol eastónúil d'aonturas i gcuid 2 agus sa droichead agus tagann an Eb i gcuid 5 aniar aduaidh ar an chluas. Maidin le

cuid 5 agus cuid 6 tosaíonn an dá cheann le corda mór (Eb agus C). Is féidir amharc orthu seo mar throitheán nó mar thonúlacht agus bristear síos an dá cheann de réir a chéile.

Tréithe den saothar

- Ceann de na tréithe is láidre sa saothar seo ná na hamchomharthaí a bhíonn de shíor ag athrú, rud a thugann an-saoirse don cheol agus a léiríonn an síor-athrú. Athraítear ó 7/4 go 4/4 go 7/4, go 3/4, 7/4, 5/4 agus ar ais go 7/4 uilig taobh istigh de 11 bharra.

  Cuid 1: 7/4, 3/4, 6/4, 4/4, 5/4 agus 6/4

  Cuid 2: + droichead uilig in 7/4

  Cuid 3: go hiomlán i 6/4, 3/2

  Cuid 4: 7/4, 7/8, 7/4.

  Cuid 5: 6/4, 3/2

  Cuid 6: 7/4 an chuid is mó den am ach athraíonn sé go dtí na hamchomharthaí seo 7/8, 7/4, 7/8, 8/8, 10/8, 6/4 agus 12/8 ag críochnú in 7/4.

- Chomh maith leis sin bíonn athruithe sa luas ag tús na gcodanna éagsúla, idir croisín = 80 agus croisín = 120.
- Úsáidtear prionsabal an dealaithe (nó giorrúchán) sa saothar. Is é an chiall atá leis seo ná go seinntear móitíf nó ábhar ceoil go hiomlán ar dtús, agus de réir a chéile baintear nóta amháin de go dtí nach bhfuil fágtha ach nóta amháin (m. sh. páirteanna an veidhlín agus dordveidhil ó bharraí 27 - 34, nuair a sheinntear séis 6-nóta, ansin 5 nóta, 4 nóta, 3 nóta, 2 nóta agus ar deireadh nóta amháin. Úsáidtear prionsabal an tsuimithe fosta m.sh. barraí 128 - 134 áit a dtosaíonn an pianó le corda amháin agus cuirtear leis go dtí go bhfuil 6 chorda sa tsraith.
- Tá an ceol uilig bunaithe ar chroí 3-nóta. G, A, C nó na hidirchéimeanna seo ag tosnú ar nóta eile nó seinnte bun os cionn (G, F, D). Tá an phríomhshéis bunaithe ar na nótaí seo:



- Braitheann forbairt i ngach cuid den saothar ar phrionsabal an bhriseadh síos. I gceol Berlioz agus Mozart bhí leathnú ar na téamaí, ach ní mar seo do Deane sa saothar seo. Cruthaítear uigeacht, atmaisféar agus tréithe ceoil áirithe ag tús gach coda. De réir a chéile bristear síos ar an uigeacht, ar an atmaisféar agus athraítear na tréithe ceoil (éiríonn an rithim níos tábhachtaí, nó imíonn an tséis, éiríonn an rithim níos rialta, nó níos mírialta agus araile).

- Is ceol sa stíl chantaireacht Gréagórach atá i gceist leis an *Dies Irae* (Lá na Cinniúna). Is iomann Laidine é, agus creidtear gur chum Tomás Celano é sa 13ú céad. Déanann na focail cur síos ar Lá na Cinniúna nuair a shábhálfar anamnacha na ndaoine maithe, agus nuair a daorfar chun Ifrinn iad siúd nach raibh maith. "Lá na Cinniúna, an lá sin athróidh an domhan iomlán ina luaithreach, mar a thuar Dáibhidh agus an Sibyl."



Uirlisí

Baintear úsáid iomlán as na huirlisí uilig. Seinntear na téaduirlisí ar bhealaí nua-aimseartha agus éagsúla. Faightear réimse iomlán fuaimeanna as na cnag-uirlisí.

Fliúiteog (piccolo) agus feadóg mhór in G (uirlis atá an-neamhghnáthach)

Pianó

Veidhlín

Dordveidhil

Cnag uirlisí: Tá an bhéim sa saothar seo ar na cnaguirlisí. Tugtar cur síos ar na cinn a úsáidtear sa saothar anseo thíos.

Ciombail: Gnáthuirlis cheolfhoirne gur féidir iad a bhualadh le chéile, nó iad a bhualadh, a chreathadh nó gliogarnach a dhéanamh le cineálacha éagsúla bataí. *(Pictiúr de chiombal crochta le Stephan Czuratis)*

Dord-druma: Níl aon airde ag an druma seo a bhuailtear le bata-druma.

Crotales: Ciombail bhídeacha le hairde, iad déanta as práis nó umha. Is féidir iad a bhualadh taobh le taobh nó le bata. Is féidir ciombail ársa a thabhairt orthu fosta. *(Pictiúr de ghlocainspíl agus crotales ar a bharr le Gregory Maxwell)*

Guiro: Gourd mór. Déantar an fhuaim trí bhata a scríobadh thar eangacha gearrtha isteach ann. Tá an guiro nua-aimseartha sa phictiúr déanta as snáithínghloine (*fibreglass*)

Gang: De ghnáth, buailtear le bata-druma bog é. Tá gang ina thrádmharc don Rank Organisation agus is minic go mbíonn sé le feiceáil i bhfógra sa phicitiúrlann.

Marimba: Cineál xylophone le barraí adhmaid, tá fuaim shéimh aige. Coitianta i Meicseacó, agus i Meiriceá Láir agus Theas.

Maracas: Gourd nach bhfuil lár, é líonta le síolta tirime, pónairí nó eile. De ghnáth seinntear níos mó ná ceann amháin le chéile. Déantar gliogarnach leo nuair a chreathtar iad. Úsáidtear mar uirlis í i mbanna damhsa i Meicseacó agus i Meirceá Láir agus Theas.

Tambóirín: Druma beag le fáinní miotail ag an taobh. Is féidir é seo a bhualadh nó a chreathadh.

Bata Báistí: Píosa fada adhmaid gan lár, áit a gcuirtear síolta a thugann fuaim bhog cosúil le báisteac nuair a rothlaítear suas agus síos é.

Téarmaíocht Uirlise

Arco	seinn na téaduirlisí leis an bhogha
Col legno battuto	buailtear an sreang le hadhmad an bhogha
Flag	flageolet, seinn an armónaic
Glissando	Ag sleamhnú suas nó síos sreang ar an veidhlín nó ar an dordveidhil
L.V.	*laissez vibrer*, lig don uirlis creathadh - ná stop an fhuaim
Loco	ag an ghnáth-airde (ceallann sé ordú suas nó síos 8ch)
Pizzicato	stoitheadh
Sul ponticello	seinn leis an bhogha ar (nó díreach in aice leis) an droichead
Strum	Plancadh. Díreach cosúil le giotar
S.T. (sul tasto)	seinn leis an bhogha ar mhéarchlár na huirlise
Quasi S.T.	cóir a bheith (beagnach) ar an mhéarchlár
S.V. (senza vibrato)	gan vibrato
◇ (ar bharr nóta)	seinn armónaic ar an nóta sin
+ (ar bharr nóta)	seinn pizzicato leis an láimh chlé.
Barra 52 vln	Seinn leis an bhogha ar an taobh eile den droichead
arco◇	Seinn bogha an veidhlín nó dordveidhlín go gasta ar thaobh an siombail le fuaimeanna cosúil le armónaic a fháil.
Bata Báistí~~~~~~~~~~	bata báistí le crescendo, decrescendo agus ag imeacht ar fad.

Anailís ar an Cheol

Intreoir (barraí 1 – 20)

Sa chuid seo cuirtear an croí 3-nóta G, A, C i láthair. Tá an saothar iomlán bunaithe ar an chroí seo. Tugtar "ceall" air chomh maith, agus 'séard atá i gceist ná trí nóta a ndéantar forbairt orthu leis an tséis a bhunadh air tríd an saothar ar fad.

b.1 Seinntear G ar an phianó ar dtús, agus ansin ar na crotales; seinntear an nóta A i mbarra 5 mar armónaic ar an veidhlín agus ar na crotales chomh maith. Seinntear an tríú nóta den chroí C, i mbarra 6 ar an fhliúiteog. Tugtar aontacht don ghiota séise seo nuair a sheinntear na trí nóta seo le chéile i mbarra 8. Tá fuaim ghéar le huigeacht thanaí ann go dtí seo sa cheol.

b.15 Tagann uigeacht nua isteach i mbarra 15 nuair a sheinneann an dordveidhil nóta íseal G pizzicato.

b.17 Leantar leis an athrú san uigeacht le cordaí airpéitsithe ar an phianó bunaithe ar na nótaí G, F, D (nó an croí 3-nóta aisiompaithe) agus tagann an gang agus na maracas isteach sa bharra céanna.
b.18 Cloistear an dord druma den chéad uair anseo agus tagann an tambóirín agus na ciombail isteach de réir a chéile ina dhiaidh.
b.20 Seinneann an veidhlín rithim mhíshocair le hadhmad an bhogha agus cuireann an chríoch mhíshocair seo deireadh leis an chéad chuid den fhoirm.

Cuid 1 (barraí 21 – 45) Príomhshéis agus Aisiompú

b.21 Cloistear an phríomhshéis den chéad uair in armónaic ar an dordveidhil. Tá sé aisiompaithe. Tá an uigeacht an-éadrom le tionlacan ar veidhlín (glissando in armónaic bunaithe ar chorda G7) agus ar na ciombail (fuaim cosúil le harmónaic) agus i mbarra 22 cleitirtheangú (flutter tonguing) ar an fheadóg mhór. Tugann an pianó tionlacan le nótaí an-chiúin agus íseal, seinnte go tirim.
b.23 Tosaíonn an fheadóg mhór ag seinm tríleach le hathruithe móra sna dinimicí. Leanann na huirlisí eile ar aghaidh leis an rud céanna a bhí acu go dtí seo.
b.25 Tagann an marimba isteach le sraith nótaí an-tapaidh fhad is go seinneann an pianó agus na maracas tionlacan rithimiúil. Tagann an fheadóg mhór isteach le corrnóta agus le cleitirtheangú chomh maith.
b.27 Cloisimid an phríomhshéis den chéad uair ar an veidhlín, leis an aisiompú seinnte ar an dordveidhil ag an am céanna. Tá an dá cheann bunaithe ar G, agus tá fuaim mhódúil uathu.
b.28 Tosaíonn rithim rialta ar na maracas agus ar an fheadóg mhór le decrescendo ar gach ceithre leathchamán. Éiríonn an pátrún rithime seo níos tábhachtaí níos maille sa saothar sa Danse Macabre. Ag an am céanna go mbíonn an rialtacht rithime seo le cloisteáil den chéad uair, seinneann an pianó nótaí fada marthannacha agus cuirtear tús le dealú den chéad uair sna téaduirlisí. Séard atá i gceist leis seo ná go mbaintear nóta amháin den phríomhshéis an dara huair a seinntear í, agus ansin baintear nóta eile de an tríú huair, agus mar sin de go dtí nach bhfuil ann ach nóta amháin. Scartar gach seinm den phríomhshéis le poncaíocht nóta pizzicato ar an dordveidhil.



b.34-36: Seinntear cordaí airpéitsithe ag dul síos ar an phianó.
b.37: Seinntear an phríomhshéis iomlán aisiompaithe le dealú ar an fhliúiteog. Ag an am céanna seinntear é gan a bheith aisiompaithe ar an marimba. Seinneann na crotales séis 4 nóta i mb.37, agus ina dhiaidh sin seinneann siad na ceithre nóta sin leathnaithe amach go rithimiúil thar 6 bharra, agus an tséis 4 nóta aisiompaithe arís i mb.44. Éiríonn an rithim níos tábhachtaí sna téaduirlisí, agus iad ag seinm stopanna dúbailte le hadhmad an bhogha, le rithim ceithre chamán. Cruthaíonn sé seo míshocracht agus tugann sé le fios go bhfuil athrú ag teacht. Ar an phianó, seinntear an phríomhshéis díchumtha (*distorted)* le dealú.
b.44: Tagann an rithim chun tosaigh go mór agus éiríonn an uigeacht níos dlúithe. Tagann na maracas chun cinn go leanúnach i mbarra 45 agus is léir go bhfuil an atmaisféar a bhí cruthaithe ag tús an choda seo go hiomlán briste síos anois. Fógraíonn an briseadh síos seo deireadh an choda.

Cuid 2: (Barraí 46 – 68) Totentanz

b.46 Tosaíonn an damhsa le barra amháin de tremolo ar na maracas. Ní sheinneann aon uirlis le hairde.

b.47 Cuireann na maracas rithim an *danse macabre* i láthair.



b.48 Tagann an pianó isteach le díchorda ar an chéad bhuille den bharra. Tógann an veidhlín rithim an *danse macabre*, ag seinm idirchéim de chúigeach ar bhealach garbh. Nuair a thagann an guiro isteach leis an rithim le fuaim gharbh ghéar tosaíonn an veidhlín ag sleamhnú suas, ag seinm cúigeacha i rithim an *danse macabre* i gcónaí. Éiríonn an uigeacht níos dlúithe nuair a sheinneann an dordveidhil cordaí pizzicato, seinneann an pianó cúigeacha chomh maith agus seinneann an veidhlín leis an bhogha ar an taobh eile den droichead. Cruthaíonn na fuaimeanna seo ar fad le chéile fuaim gharbh, ghéar, láidir, foiréigeanach a fhásann de réir a chéile le crescendo agus níos mó nótaí ar an phianó i mbarra 54.

b.55 Seinneann an fhliúiteog rithim an *danse macabre* ar nóta an-ard ar fad, agus seinneann an marimba cordaí sa rithim chéanna. Éiríonn an ceol níos géire, níos airde, níos práinní go dtí go seinntear tremolo ar gach uirlis le chéile i mbarraí 60 agus 61.

b.62 Sos tobann ar gach uirlis.

b.63 Tosaíonn gach uirlis le chéile arís, ach stopann siad chomh tobann céanna i mbarra 64. Faoin am seo tá práinne an cheoil caillte de bharr an dá stop.

b.65 Le tionlacan ón fhliúiteog, marimba, veidhlín agus dordveidhil seinneann an pianó an phríomhshéis agus an aisiompú le chéile i gcroisíní i bhfoirm dealaithe, gan stad.

b.68 Athrú san uigeacht a fhógraíonn go bhfuil ceol nua ag teacht. Seinneann an fhliúiteog, an veidhlín agus an dordveidhil scála síos go crómatach fhad is go seinneann an pianó díchordaí.

Barraí 69 – 73 Droichead

Seinneann na maracas rithim an *danse macabre* le cordaí béimnithe ar an phianó agus glissando seinnte tremolo ar an dordveidhil. Leanann an veidhlín leis seo agus athraíonn an dordveidhil go dtí cordaí stoite (pizzicato). Déanann an veidhlín aithris ar na cordaí seo agus cuireann crescendo ar na ciombail in iúl go bhfuil athrú mór ag teacht. Athraíonn na téaduirlisí go fuaim lag draíochtúil nuair a sheinneann siad ar mhéarchlár na n-uirlisí i mbarra 73.

Cuid 3 Barraí 74 – 91 Príomhshéis

b.74 Seinntear an phríomhshéis agus an aispiompú go ciúin mall ar an veidhlín agus ar an dordveidhil le tionlacan ó chordaí marthannacha seinnte go láidir ar an phianó. Tá mothú dorcha bagarthach ann le go leor ag tarlú sa chúlra.

b.76 Tagann cuntrashéis isteach ar an fheadóg mhór. Tá sé seo cosúil le cuntrashéis shaor nó le caidéinse ar bhealach, ach tá sé bunaithe ar an chroí 3-nóta atá aispiompaithe, díchumtha agus athraithe i ngléas. Tá na nótbhraislí (cordaí dlútha) ar an phianó bunaithe go garbh ar an chroí 3-nóta chomh maith.

b.83-84 Seinneann an fheadóg mhór frása suas agus anuas, rud a fhógraíonn teacht isteach an bhata báistí den chéad uair. Tugann an uirlis seo fuaim dhraíochtach don cheol agus éiríonn an mothú níos éadroime dá bharr.

b.85 Bata báistí. Cordaí seinnte ar an phianó, 9 nóta ar dtús ansin 8 nóta, 7 nóta (b. 86) síos go dtí 4 nóta i mbarra 87.

b.88 Go tobann pléascann an phríomhshéis isteach ar an phianó seinnte fortissimo agus ag an am céanna seinneann an fheadóg mhór *fff*. Seinntear an phríomhshéis díchumtha tremolo agus *glissando* ar an veidhlín agus an phríomhshéis aisiompaithe tremolo agus *glissando* ar an dordveidhil, le dinimic *ff* ar an dá théaduirlis i bhfoirm dealaithe. Tugann sé seo an ceol go deireadh an choda i mb.91.

Cuid 4 barraí 92 – 127 Dies Irae



Tá an ceol seo bunaithe ar idirchéimeanna den déach agus tréach, agus ar an chéad fhrása den iomann Laidine "Dies Irae". Seinneann an veidhlín déacha athsheinnte le tús a chur leis an chuid nua.



b.93 Cloistear canóin idir marimba agus veidhlín, tá sé bunaithe ar an dies irae seinnte bunoscionn, agus tá ceol an dies irae gaolta leis an chroí 3-nóta chomh maith. Ansin sa chéad bharra eile seinntear an ceol céanna droim ar ais.

Ina dhiaidh seo seinntear ceol atá bunaithe ar an dies irae ach le hord na nótaí athraithe agus le cuid de na hidirchéimeanna bunoscionn. Tugann an guiro poncaíocht don cheol.

b.99 Tagann an dies irae isteach i 5cha ar an dordveidhil fhad is a leanann an marbima agus veidhlín ar aghaidh leis an chanóin.

b.106: Dies irae i 5cha ar an dordveidhil arís ach le tionlacan nua ar an fhliúiteog bunaithe ar déacha agus tréacha seinnte an-ard ar fad. Is díchumadh é seo ar an dara frása den Dies Irae.

b.109 Tagann an pianó isteach le canóin idir an lámh dheas agus an lámh chlé, bunaithe ar an cheol céanna a sheinn an veidhlín agus marimba. Seinntear an chanóin ag an chúigeach – ciallaíonn sé seo go bhfuil an dara páirt 5ch níos ísle ná an chéad pháirt. Críochnaíonn sé seo i mb.112.

b.113 Seinneann an dordveidhil ceol an dies irae i 5cha le hatmaisféar an-difriúl. Seinntear an bogha ar an droichead rud a thugann fuaim an-éadrom, agus seinntear tremolo agus le glissando agus é seo ar fad ag dinimic *fff*. Seinneann an fhliúiteog ag an am céanna.

b.114 Seinneann an marimba agus an veidhlín an dara frása den dies irae i gcúigeacha, leis an veidhlín ag seinm tremolo, glissando agus ar an droichead (mar a sheinn an dordveidhil)

b115 Tagann an pianó isteach le díchordaí láidre, béimnithe, le rithim an-rialta.

b.117 Ón phointe seo ar aghaidh bristear síos ceol an dies irae le hathruithe sa rithim agus san uigeacht. Seinntear leagan den dies irae atá cosúil le máirseáil i b117 agus leantar leis an dara frása i mb.119 le

hathruithe tobanna sna dinimicí ó *p* go *subito fff* sa fhliúiteog agus marbima agus athrú ó *pp* go *subito fff* sa phianó agus ó *p* go *sfffz* sna téaduirlisí. Athsheinntear an croí 3-nóta (sa chás seo is Bb, A agus G# atá i gceist) sa dordveidhil agus baintear nóta de go dtí nach bhfuil fágtha ach G, le A seinnte pizzicato faoi bharra 124.

b.121 Tosaíonn atmaisféar an cheoil ag athrú, ag tuar a bhfuil le teacht agus ag tabhairt macalla ar an mhéid a chuaigh roimhe. Seinntear an croí 3-nóta ar an marimba, laghdaithe agus aisiompaithe go Bb, Ab, G le freagra ón veidhlín agus freagra eile ón phianó (b.123)

b.125 Tagann rithim na n-uirlisí ar fad le chéile le leaganacha éagsúla den chroí 3-nóta taobh istigh d'idirchéimeanna den 2ch agus 3ch.

Cuid 5 Barraí 128 – 140 Príomhshéis

Tá an chuid seo cosúil le díséad don fheadóg mhór agus pianó le chéile. Tá sé bunaithe go garbh ar thonúlacht Eb mór ag an tús le luas níos maille, agus gluaiseann na páirteanna níos maille mar go mbíonn nótaí níos faide in úsáid.

b.128 Seinneann an fheadóg mhór an phríomhshéis i 6 fhrása le 6 nóta síos go dtí aon nóta – G a mhaireann trí bharra. Ag an am céanna seinneann an pianó frása 6-bharra ag tosnú le nóta amháin (Eb) agus ag cur nóta amháin leis an fhrása gach uair, agus tá 7 nóta aige faoi bharra 134. Ag an am céanna tá an croí 3-nóta á sheinm mar chorda ag an marimba. Seinneann an ciombal agus an gang chomh maith, agus seinneann an veidhlín séacha i dtríphléadaigh.

b.134 Tagann an dordveidhil isteach le nótaí seinnte thar an droichead agus i mb.135 seinneann sé rithim an *danse macabre*.

b.136 De réir a chéile tagann níos mó nótaí isteach, bristear síos fuaim an Eb agus tugann na dinimicí láidre athrú mothaithe isteach chomh maith. Is cosúil go mbíonn rithim an *danse macabre* ag bualadh ar an doras.

Cuid 6 Barraí 141 – 174 Totentanz agus Dies Irae

Tá an chuid seo bunaithe ag an tús ar thonúlacht C mór, leis an chorda sin á sheinm go leanúnach ar na téaduirlisí i rithim an *danse macabre*. Tá an t-atmaisféar athraithe arís, le mothú i bhfad níos práinní, níos gnóthaí agus níos láidre ann. Bíonn cordaí ann anois is arís ar phianó agus marimba.

b.144 Tosaíonn an fheadóg mhór le ceol atá cosúil leis an chanóin i mbarra 93 ach leanann sé ar aghaidh le ceol saor sa stíl chéanna. Tá codarsnacht le mothú idir rithim rialta na dtéaduirlisí agus ceol na feadóige móire, chomh maith le cordaí mírialta ar phianó agus marimba.

b.150 Éiríonn rithim na gcordaí ar phianó agus marimba níos rialta agus go tobann seinntear corda difriúil ar na téaduirlisí (G#, A, D agus E) agus ag an am céanna athraíonn ceol na feadóige.

b.151 Tagann corda C mór ar ais ach i ndiaidh 6 bhuille athraíonn sé arís. Éiríonn na dinimicí níos láidre agus níos géire (*sfffz)*

b.154 Cloistear frásaí gearra athsheinnte, agus cordaí ar na téaduirlisí le sosanna anois is arís. Seinneann na téaduirlisí an-chóngarach don droichead.agus iad ag éirí níos láidre de réir a chéile.

b.155 Tagann an ciombal agus an dord druma isteach le nótaí béimnithe. Éiríonn an fheadóg mhór níos airde agus níos láidre.

b.157 Buaicphointe an cheoil le dinimic *ffff* ar an fheadóg mhór, cordaí planctha (strummed) ar an veidhlín agus nóta fada marthannach ar an ghang. Athsheinntear ceol an totentanz i mbarraí 157 – 162 (tagairt do bharraí 54 – 59).

b.163 Stadann an meascán fuaime agus go tobann tagann an marimba, pianó agus veidhlín le chéile ar aon-nóta A, le rithimí éagsúla.

b.164 Filleann an ceol ar an fhuaim láidir, práinneach ar feadh dhá bharra.

b.166 Tagann an aon-nóta ar ais agus i ndiaidh barra amháin tosaíonn na maracas. Idir seo agus deireadh an phíosa titeann na huirlisí le hairde amach agus tagann tuilleadh maracas isteach.

b.174 Tá aontacht agus aontas ar fáil ar deireadh le gach uirlis ag seinm sa rithim chéanna leis an uigeacht chéanna (maracas), an dinimic chéanna agus leis an aontacht seo tagann réiteach ar an cheol. Níl aon deireadh cinnte leis an phíosa ach éiríonn an ceol níos ciúine agus níos ciúine go dtí go stopann sé. Tá suaimhneas le fáil san aontacht agus níl gá le tuilleadh.

Ceisteanna ar an Scór

Amharc ar an chéad leathanach den scór agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén idirchéim atá idir an chéad dá nóta a sheinntear?
2. Cén idirchéim atá idir an chéad nóta a sheinntear agus an dara nóta a sheinneann na crotales?
3. Déan cur síos ar an difear san uigeacht/*timbre* idir an chéad nóta ar an phianó agus an chéad nóta ar na crotales.
4. Ní sheinntear ach 3 nóta ar an chéad leathanach ar fad, céard iad?
5. Cén uirlis is láidre/géire ar an leathanach seo?
6. Athraítear an uigeacht nuair a thagann an dordveidhil isteach, cén dóigh?
7. Cad a thugtar ar an dóigh ina seinntear an dordveidhil ag bun an leathanaigh?
8. Cén spionn/mothú atá ag an cheol ar an chéad leathanach, i do bharúil? Cuir fáth le do fhreagra.
9. Déan cur síos ar na dinimicí ar an chéad leathanach.
10. Scríobh nóta faoi na ham-chomharthaí ar an chéad leathanach agus an tionchar atá aige seo ar an cheol.

Amharc ar an dara leathanach den scór agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Ainmnigh na nótaí uilig a sheinntear i mbarra 13.
2. Tá an saothar ar fad bunaithe ar na nótaí seo, ainmnigh na huirlisí uilig a sheinneann na nótaí seo go dtí an pointe seo sa cheol.
3. Tagann athrú mór ar an uigeacht i mbarra 15, cén t-athrú é sin?

4. Cén nóta a sheinntear ar an phianó ag deireadh bharra 15?
5. Cén fáth go bhfuil sé seo neamhghnáthach i gcomhthéacs a bhfuil cloiste go dtí seo?
6. Ullmhaíonn an dá rud seo an éisteoir don athrú mór a thagann ar an cheol i mbarra 17 agus ina dhiaidh, ainmnigh trí athrú a thagann ar an cheol ag an phointe sin.
7. Cén nóta is coitianta idir na huirlisí uilig i mbarraí 17/18?
8. Cén éifeacht a bhaineann le fuaim na maracas nuair a thagann siad isteach?
9. Mínigh na treoracha seo a leanas:
   i. flag
   ii. *l.v.*
   iii. *sf*
   iv. *15ma*
   v. *pizz +*
   vi. *fff*
10. Mínigh prionsabal an tsuimithe (suimiú) mar atá sé feicithe sa saothar go dtí an pointe seo.

Oscail an scór ar leathanaigh 10 agus 11. Freagair na ceisteanna seo a leanas bunaithe ar na leathanaigh sin.

1. Cén chiall atá leis na línte idir na nótaí a sheinneann an veidhlín i mbarra 50?
2. Cén chiall atá leis an fhocal "*sim*" sa bharra céanna?
3. Mínigh na nótaí a sheinneann an veidhlín ag deireadh barra 51 agus i mbarra 52.
4. Mínigh an focal "arco" (dordveidhil b. 52)
5. Cad air a bhfuil na nótaí a sheinneann an pianó i mbarra 52 bunaithe?
6. Cén tábhacht a bhaineann leis an rithim a sheinntear ar na huirlisí uilig i mbarraí 50 - 53? Cén t-ainm a thugtar air?
7. Déan cur síos ar an uirlis an marimba. Cén tír ina bhfuil sé an-choitianta?
8. Déan cur síos ar pháirt an veidhlín sa dá leathanach seo.
9. Cén eochair (*clef*) atá in úsáid ag an dordveidhil i mbarraí 54 agus 55? Mínigh.
10. Cad is brí leis an fhocal "*sec*" atá le fáil i bpáirt an phianó i mbarra 53?

Oscail an scór ar leathanach 20 agus 21. Freagair na ceisteanna seo a leanas bunaithe ar na leathanaigh sin.

1. Cén luach atá ar na nótaí a sheinneann an fheadóg mhór i mbarra 86?
2. Déan cur síos ar an dara uirlis síos sa scór agus ar an dóigh ina seinntear an uirlis sin.
3. Déan cur síos ar pháirt an phianó i mbarraí 86, 87 agus ar an chéad chroisín de bharra 88. Cén tábhacht a bhaineann leis na cordaí a sheinntear ar an phianó sna barraí seo?
4. Cén bhaint atá idir an pháirt don phianó agus an pháirt do na téaduirlisí i mbarraí 88 - 91?

5. Cén luach atá ar na nótaí a sheinneann na téaduirlisí sna barraí seo, agus cén t-ainm atá ar na nótaí seo?
6. Cén t-am-chomhartha atá ann idir barraí 86 augs 90?
7. Mínigh croisín = 120 i mbarra 92
8. Mínigh loco (barra 92)
9. Cén tséis a thagann isteach i mbarra 93?
10. Cén teicníocht chumadóireachta atá le cluinstin idir barraí 93 agus 96?

Oscail an scór ar leathanaigh 42 agus 43. Freagair na ceisteanna seo a leanas bunaithe ar na leathanaigh sin.

1. Cén t-am-chomhartha atá i bhfeidhm i mbarra 165?
2. Cad is brí leis an am-chomhartha 7/8?
3. Cé mhéad seinnteoir atá sa saothar seo?
4. Cé mhéad acu seo a bhfuil maracas acu?
5. Cén dearcadh atá ag an chumadóir i leith dheireadh an phíosa?
6. Cén nóta deireanach a sheinntear sa phíosa (nóta le hairde)?
7. Mínigh na ham-chomharthaí seo a leanas atá le fáil ar an dá leathanach seo. Abair cén dóigh a bhfuil na buillí grúpáilte le chéile i ngach cás. 8/8; 10/8; 12/8; 6/4; 7/4.
8. Cad é do bharúil den phíosa ceoil seo? Cuir fáth le do fhreagra. Luaigh rud amháin a thaitníonn leat agus rud amháin nach maith leat faoin phíosa.
9. Mínigh "*molto*"
10. Mínigh "*sempre*"

Ceisteanna ar an saothar iomlán

Tá na ceisteanna seo a leanas bunaithe ar an saothar iomlán. Is freagraí fada atá ag teastáil sa chéad chúig cheist.

1. Déan cur síos ar an dóigh ina n-úsáideann Deane an tséis leis an saothar seo a chumadh.
2. Déan cur síos ar thábhacht na rithime sa saothar seo.
3. Déan cur síos ar an chomhcheol a úsáidtear sa cheol seo, agus ar an dóigh ina bhfuil na cordaí curtha le chéile.
4. Déan cur síos ar an uigeacht mar atá sé sa saothar.
5. Déan cur síos ar na mothúcháin éagsúla atá léirithe sa saothar seo.
6. Mínigh an dies irae.
7. Mínigh Rithim an Damhsa Macabre.
8. Cad is brí le *Tontentanz*?
9. Ainmnigh píosa ceoil eile a dhéanann tagairt don bhás.

10. Líon isteach an tábla seo a leanas bunaithe ar an saothar “Seachanges”.

Cuid	Barraí	Ainm	Séiseanna	Uigeacht/Rithim
Cuid 1				
Cuid 2				
Cuid 3				
Cuid 4				
Cuid 5				
Cuid 6				

11. Mínigh na focail seo a leanas a tógadh as an scór:

i. Sempre
ii. Simile
iii. fff
iv. Molto
v. leathlán le dhá phonc
vi. 6/4
vii. 15ma
viii. 8va
ix. loco
x. gliss.
xi. 8ba
xii. arco
xiii. sul pont
xiv. l.v.
xv. subito
xvi. meno ped
xvii. pizz+
xviii. martellato secco

xix. *sffz*

xx. non troppo

xxi. sul tasto

xxii. senza vib

xxiii. con ped

xxiv. col legno batt

xxv. armónaic

12. Déan comparáid idir na téamaí éagsúla sa phíosa faoi na cinnteidil seo a leanas:

	Príomh-shéis	Damhsa Macabre	Dies Irae
Séis			
Rithim			
Uigeacht			
Am-chomharthaí			
Uirlisí			

Freagraí Samplacha

1. **Déan cur síos ar an dóigh ina n-úsáideann Deane an tséis leis an saothar seo a chumadh.**

Tá an tséis sa saothar seo bunaithe ar chroí 3-nóta: G, A, C. Ciallaíonn sé sin go bhfuil gach séis atá le fáil ann bunaithe ar na nótaí seo go díreach mar atá siad nó díchumtha (leis na hidirchéimeanna athraithe) nó aisiompaithe. Chomh maith leis sin, úsáideann sé prionsabal an dealaithe (dealú) agus prionsabal an tsuimithe (suimiú). Feictear dealú sa saothar nuair a thosaíonn an ceol le séis 6 nóta agus de réir a chéile baintear nóta amháin de le séis 5, 4, 3, 2, 1 nóta a dhéanamh. Nuair a chuirtear seo uilig le chéile tugtar an phríomh-shéis air. A mhalairt atá i gceist le suimiú – tosaítear le nóta amháin agus cuirtear nóta breise leis gach uair le séis 6 nóta a dhéanamh ar deireadh. Úsáideann sé séis eile fosta, an Dies Irae. Ciallaíonn sé seo Lá na Cinniúna, ach is cuid é d'Aifreann na Marbh. Tá séis faoi leith ann tógtha ón Chantaireacht Ghréagórach, agus úsáidtear é go forleathan ag cumadóirí éagsúla. Is é seo an ceann atá i gceist anseo ag Deane. Tá baint idir an Dies Irae agus an croí 3-nóta, mar go bhfuil na hidirchéimeanna céanna ann (le nótaí breise sa Dies Irae fosta).

2. **Déan cur síos ar thábhacht na rithime sa saothar seo.**

Ainneoin nach bhfuil prionsabail nua-aimseartha ar bith cosúil le suimiú ná dealú in úsáid leis an rithim mar atá leis an tséis, mar sin féin tá an rithim an-mhí-rialta. Cruthaítear an mhírialtacht seo tríd an am-chomhartha a athrú go mion-minic tríd an saothar. Tarlaíonn sé seo 7 n-uaire sa chéad 11 bharra. Chomh maith leis sin tá sé deacair buille a aimsiú sa chéad chuid mar gheall ar an luas a bheith chomh mall agus sosanna fada a bheith idir nótaí fada. I gcodarsnacht leis seo tá an rithim a bhaineann le damhsa an bháis an-láidir ar fad agus an-rialta. Úsáidtear an-chuid cnag-uirlisí sa saothar, rud a chuireann go mór le tábhacht na rithime, agus ag an deireadh is ag an rithim atá an lámh in uachtar nuair a chríochnaíonn an ceol le fuaim na maracas amháin.

3. **Déan cur síos ar an chomhcheol a úsáidtear sa cheol seo, agus ar an dóigh ina bhfuil na cordaí curtha le chéile.**

Tá meascán sa saothar seo de cheol atá tonúil, neamhthónúil agus módúil. Tá fuaim mhódúil ag baint leis an phríomhshéis, agus bíonn codanna éagsúla den saothar bunaithe ar nóta troitheánach (G, D, A agus Eb) rud a fhágann nach bhfuil an ceol go hiomlán tonúil ná neamhthónúil. Tá cuid 6 bunaithe ar chorda C mór - rud a sheasann amach go mór mar tagann sé gan choinne, i saothar nach bhfuil aon chuid eile de bunaithe ar chorda mór ná mion. Tá cuid 2 agus an droichead chomh maith le cuid 4 neamhthonúil. Go mion minic tríd an phíosa úsáidtear cordaí atá bunaithe ar an chroí 3-nóta nó ar an chroí sin dí-chumtha.

4. **Déan cur síos ar an uigeacht mar atá sé sa saothar.**

Tá an-chodarsnacht le cluinstin san uigeacht ag amanntaí éagsúla i rith an phíosa seo. Bíonn codanna faoi leith ann ina bhfuil an bhéim ar an tséis, agus seasann sé seo don Atlantach, agus na codanna rithimiúla don Aigéan Ciúin. San intreoir tá an uigeacht an-éadrom, tanaí, le réimse an-ard ann. De réir a chéile fásann an uigeacht agus an fhuaim, tagann níos mó uirlisí isteach agus éiríonn an ceol níos saibhre, níos dlúithe, níos iomláine. I gcuid 2, Totentanz tá uigeacht an-saibhir, lán, géar ann nuair atá na huirlisí uilig ag seinm rithim an Totentanz, go gasta, go fiáin agus go géar. I dtreo dheireadh an phíosa éiríonn an

uigeacht níos tanaí arís, cé nach sroicheann sé riamh tanaíocht an túis, críochnaíonn sé le fuaim rithimeach na maracas.

5. **Déan cur síos ar na mothúcháin éagsúla atá léirithe sa saothar seo.**

Tá meascán mothúchán le fáil sa saothar seo chomh maith leis an chodarsnacht san uigeacht. Bíonn codanna áirithe ciúin, séiseach, brónach agus suaimhneach. Tá mothú an-suaimhneach ag baint leis an intreoir mar shampla nuair nach bhfuil ann ach nótaí an-arda agus sosanna fada, ach ag an am céanna de bharr easpa codarsnachta, tá bagairt an-lag le brath taobh thiar den suaimhneas fosta. I gcuid 2, Totentanz tá géire ann agus fearg san fhuaim. Tá práinn ag baint leis fosta de réir mar a thagann na huirlisí le chéile, cé go maolaítear ar an phráinn seo nuair a thagann sos isteach. Tá fuaim saghas áthasach ag baint le cuid 4 agus an Dies Irae mar go bhfuil rialtacht ag baint leis an rithim den chéad uair sa saothar. Tá fuaim shona ag baint le cuid 6 fosta nuair a thagann an *danse macabre* ar ais i ngléas C mór. ‘Sé an gléas cinnte a chuidíonn leis an mhothú seo a chruthú.

Ceisteanna Ginearálta

1. Déan cur síos ar an dóigh ina dtagann forbairt ar an phríomhshéis i rith an tsaothair. Déan tagairt i do fhreagra do na nithe seo a leanas: luas, tonúlacht, rithim, uirlisí.
2. Ar na línte ceoil thíos scríobh amach na rudaí seo a leanas:

Rithim an *Danse Macabre*





An Phríomhshéis (le croisíní)





Dies Irae





Croí 3-nóta



An Phríomhshéis i bhfoirm dealaithe. Bain úsáid as minimí.





Ceisteanna faoi na huirlisí

1. Déan cur síos ar an marimba. Tarraing léaráid de.
2. Scríobh alt faoi na crotales. Tarraing léaráid.
3. Scríobh alt faoin ghang. Cuir isteach léaráid den uirlis.
4. Tarraing léaráid den dord druma agus déan cur síos ar conas a sheinntear é.
5. Tarraing léaráid de na maracas agus déan cur síos ar conas a sheinntear iad.
6. Déan cur síos ar an guiro, tarraing léaráid len é a léiriú.
7. Déan cur síos ar an ciombal agus ar na bealaí éagsúla inar féidir é a sheinm. Cuir isteach léaráid.
8. Déan cur síos ar an bhata báistí agus abair conas a sheinntear é. Tarraing léaráid.
9. Déan comparáid idir an veidhlín agus an dordveidhil. Bain úsáid as léaráidí.
10. Déan comparáid idir an fheadóg mhór agus an fhliúiteog. Bain úsáid as léaráidí.
11. Déan cur síos ar na bealaí éagsúla ina seinntear na téaduirlisí sa saothar seo.
12. Luaigh roinnt de na bealaí samhlaíocha ina seinntear na gaothuirlisí sa saothar seo.

Ceisteanna Ardleibhéil

1. Déan cur síos ar an chumadóir – Raymond Deane. Faigh eolas faoi agus faoi na saothair eile atá cumtha aige ar a shuíomh idirlín.
2. Déan cur síos ar na tréithe nuálaíocha atá le fáil sa saothar seo thar na saothair eile ar an chúrsa. Déan tagairt do rithimí, séiseanna, tonúlachtaí, uigeachtaí, teicníochtaí uirlise agus dinimicí i d'fhreagra.
3. Déan cur síos ar an bhealach ina ndéantar forbairt sa saothar seo.
4. Déan cur síos ar úsáid na gcnaguirlisí sa saothar seo. Déan comparáid idir an úsáid seo agus úsáid na gcnaguirlisí sa Choinséartó do Phianó le Mozart ar do chúrsa.
5. Ní féidir a rá go bhfuil siopcóipiú ina thréith den rithim sa saothar seo. Cad iad na cúiseanna taobh thiar de seo?
6. Smaoineamh ársa é pearsanú a dhéanamh ar an bhás agus é a léiriú mar fhidléir nó mar dhamhsóir ag iarraidh ar dhaoine eile dul ag damhsa leis. Déan taighde ar an smaoineamh seo agus faigh amach cén saothair cheoil eile a úsáideann a leithéid de smaoineamh.
7. Bain úsáid as an téama thíos le frása ceoil a bhunadh air. Is féidir leat an rithim agus luach na nótaí a athrú más maith leat, agus is féidir leat an t-amchomhartha a athrú. Is féidir é a scríobh i ngléas C mar atá anseo, nó i ngléas G trí ghléaschomhartha F# a chur isteach ach gan na nótaí a athrú.



8. Bain úsáid as an cheol seo a leanas le píosa ceoil de do chuid féin a chumadh bunaithe air. Fág airde agus ord na nótaí mar atá ach is féidir leat aon athrú eile a dhéanamh gur mian leat.



9. Cum píosa ceoil bunaithe ar théama an bháis. Is féidir leat aon uirlisí gur main leat a úsáid a chur isteach. Ní gá duit rialacha nó treoracha cumadóireachta na hArdteiste a leanacht ach is gá go mbeadh mothú an bháis le sonrú go láidir air mar shampla brón, fearg, eagla agus araile.
10. Éist leis an phíosa ceoil "La Mer" le Debussy agus déan comparáid idir an píosa sin agus Seachanges le Deane. Smaoinigh go háirithe ar an léiriú atá déanta ag an bheirt chumadóirí ar an fharraige.
11. Éist leis an phíosa "Lacrymosa" as an Requiem le Mozart agus cuir léiriú an bháis ann i gcomparáid le léiriú an bháis sa saothar Seachanges le Deane.

Foclóir Ceoil

✧ (ar bharr nóta): seinn armónaic ar an nóta sin. Treoir do théaduirlisí.

+ (ar bharr nóta): seinn pizzicato leis an láimh chlé. Treoir do théaduirlisí.

15ma: Seinn na nótaí seo 15 nóta (dhá ochtach) níos airde ná mar atá scríofa.

8ba: Seinn na nótaí seo 8ch níos ísle ná mar atá scríofa.

8va----------: Seinntear na nótaí faoin chomhartha seo suas 8ch.

a 2: Seineann an dá uirlis don pháirt sin na nótaí, mar shampla an dá sheinnteoir ar an fheadóg mhór in ionad duine amháin acu. Ceallaíonn sé "solo".

A capella: I stíl na heaglaise. Guthanna gan tionlacan ó uirlisí.

Ábhar: Téama ceoil, go háirithe i siansa, sonáid, fiúga.

Accel: Accelerando: Éirigh níos tapúla de réir a chéile.

Aiceann: Béim. Bíonn aiceann ar an chéad bhuille den bharra go rialta.

Ainteafanúil: Stíl ina bhfreagraíonn dhá chór a chéile sa chanadh. Coitianta i gceol eaglasta.

Áiria: Amhrán a chantar le linn ceoldráma. Bíonn an bhéim ann ar áilleacht an cheoil agus ar an líne shéise agus ní ar na focail.

Aischothú (*feedback)*: An fhuaim ard ghéar a fhaightear nuair a chuirtear micreafón os comhair callaire.

Aisfhuaimniú: (*Reverb/reverberation*) Macalla na fuaime sa cheol. An ceol ag leanacht ar aghaidh i ndiaidh don nóta a bheith buailte. Usáidtear sa taifeadadh é leis an fhuaim a bhuanú go leictreach.

Aisiompú (*inversion***):** Seinntear téama bun os cionn. Má thosaíonn an ceol le léimt suas de 5ch, san aisiompú tosóidh sé le léimt síos de 5ch. Bíonn corda aisiompaithe má bhíonn nóta eile seachas bunnóta an tríchordaí sa dord.

Aithris: Déanann uirlis nó grúpa uirlisí aithris ar uirlis (grúpa) eile tríd an rud céanna nó beagnach mar an gcéanna a sheinm ina dhiaidh.

Allegro giusto: "allegro rialta" nó "allegro measartha"

Allegro: Go gasta/tapaidh.

Alt: An guth baineann is ísle. Tá réimse idir F faoi C lár agus F ochtach go leith os cionn C lár aici. Is féidir le roinnt fear canadh sa réimse seo chomh maith agus tugtar "cuntrateanóir orthu seo.

Amoroso: Seinnte go grámhar.

Andante: Ag luas siúil.

Appogiatura: Nóta neamharmónach aiceanta a réitítear ar nóta den chorda ar bhuille níos laige, nó ar chuid níos laige den bhuille.

arco✧: seinn bogha an veidhlín nó dordveidhlín go gasta ar thaobh an chiombail le fuaimeanna cosúil le armónaic a fháil.

Arco: Nótaí ar théaduirlisí seinnte leis an bhogha. Cuireann an t-ordú seo "pizz" ar ceal.

Armónaic: In áiteanna faoi leith ar na téada (leathbealaigh suas, ceathrú den bhealach suas srl) is féidir méar na láimhe clé a chur síos an-éadrom ar fad agus tagann fuaim ghlan, éadrom amach. Tugtar armónaic ar na nótaí seo.

Arpa: Cruit/cláirseach chlaiseacach.

Bainisteoir: An duine a shocraíonn ceolchoirmeacha don bhanna agus a shocraíonn cé mhéad airgid a bheas díolta leo. De ghnáth, bíonn aithne mhaith aige ar léar mór daoine i dtionscal an cheoil agus bíonn sé ábalta na ceolchoirmeacha is fearr a aimsiú don bhanna.

Bassi: olldoird amháin. Tá na doirdveihilí agus na holldoird scríofa ar an líne cheoil chéanna. Léiríonn sé seo nach seineann na doird-veidhilí.

Bata báistí (*rainstick):* Píosa fada adhmaid gan lár, áit a gcuirtear síolta a thugann fuaim bhog nuair a rothlaítear é suas agus síos. Déanann an fhuaim seo aithris ar fhuaim na báistí.

Bloc-chordaí: Seinntear na nótaí den chorda uilig le chéile.

Bogshaobhadh (*overdrive)*: Cosúil le saobhadh ach gan a bheith chomh láidir, garbh. Is cineál leath-shaobhadh atá i gceist agus tagann níos mó de dhath na fuaime tríd le bogshaobhadh.

Bonndord: Frása nó mír a sheinntear sa dord agus a thagann ar ais arís is arís i rith an phíosa ceoil. Is ostinato é. Bíonn *chaconne* bunaithe ar bhonndord.

Breisdubáil: (*Overdubs***):** An dara taifeadadh curtha síos ar an chéad cheann *ar an rian céanna* le fuaim dhifriúl a thabhairt don uirlis. Tá sé difriúl ó ilrianú mar go n-úsáidtear rian amháin i mbreisdubáil le fuaim dhifriúl a chruthú, agus le hilrianú úsáidtear níos mó ná rian amháin le páirteanna breise a thaifeadadh.

Buille feadháin (*Rimshot):* Buaileann an drumadóir imeall an tsreangdruma, rud a chruthaíonn fuaim ghéar, láidir.

Caidéinse *(Cadenza):* Cuid den chéad ghluaiseacht i gcoinséartó don aonréad. Stadann an cheolfhoireann agus seinneann an t-aonréadach leis féin. Is píosa casta é a thugann deis don seinnteoir a thallann ar an uirlis a léiriú. In amanntaí scríobhadh an cumadóir an ceol don chaidéinse amach ach in amanntaí eile fágadh faoin seinnteoir tobchumadh a dhéanamh air.

Canóin: Déanann na huirlisí aithris ar a chéile agus tá gach páirt ar chomhthábhacht.

Cantáid Córáil: Saothar le téacs iomainn ag an tús agus ag an deireadh agus b'fhéidir taobh istigh den áiria agus den reacaireacht.

Cantáid: Píosa ceoil atá canta, le hábhar reiligiúnda nó eile, cosúil le oratóir ach níos giorra.

Casadh (*turn*): Seinntear an nóta scríofa, an nóta os a chionn, an nóta scríofa, an nóta faoi agus an nóta scríofa. Is féidir le casadh a bheith inbhéartaithe/aisiompaithe chomh maith. Sa sampla thíos feictear casadh ar C sa chéad barra agus é scríofa amach mar a sheinntear é sa dara barra. Feictear casadh aisiompaithe i mbarra 3 agus é scríofa amach sa bharra deireanach.



Casiompú *(retrograde*): Seinntear an téama ón deireadh siar go dtí an tús.

Ceathairéad: Píosa ceoil do cheithre uirlisí, go minic is ceathairéad téadach atá i gceist le dhá veidhlín, viola amháin agus dordveidhil. Ciallaíonn ceathairéad pianó go bhfuil pianó chomh maith le trí théaduirlis ag seinm.

Ceol aireagail (*chamber music)*: Ceol atá scríofa faoi choinne grúpa beag uirlisí agus gur féidir a sheinm in áit bheag cosúil le seomra.

Ceol digiteach: Taifeadadh ar micreo-slis in ionad taifeadadh analóg mar a bhíodh ann. Cuireann sé seo ar chumas na n-innealltóirí fuaime fuaimeanna a mheascadh ar rianta éagsúla agus ansin iad a scaradh ó chéile arís. Leis an sean-chóras chomh luath is a bheadh dhá rian meascaithe le chéile ar rian eile, bhí sé do-dhéanta iad a scaradh ó chéile arís.

Ceol tuatach: Ceol nach ceol eaglasta é.

Chaconne: 1. Foirm cheoil le breachnuithe bunaithe ar bhonndord. Seinntear an bonndord i bpáirteanna eile níos airde ná an dord in amanntaí. 2. Damhsa mall, uasal le trí bhuille sa bharra ón 18ú céad, coitianta sa Fhrainc.

Ciombail: Is féidir iad a bhualadh le chéile, nó iad a bhualadh, a chreathadh nó gliogarnach a dhéanamh le cineálacha éagsúla bataí.

Ciombal creatháin *(ride cymbal*): Ciombal a dhéanann fuaim creatháin nuair a sheinntear é.

Ciombal plimpe (*crash cymbal):* Ciombal a chruthaíonn fuaim phlimpe. In úsáid sa cheol *Bohemian Rhapsody*.

Ciorcal na gCúigeach: Tugtar Ciorcal na gCúigeach ar ghluaiseacht ina n-oibríonn gach corda mar cheannasach chuig an chéad chorda eile – mar shampla: C mór – G mór – D mór – A mór – E mór – B mór (Cb mór) – F# mór (Gb) – C# mór (Db)– G# (Ab)mór – Eb mór (D#) – Bb mór – F mór – C mór.

Clarinetti in A: 2 chláirnéid in A. Uirlis gléasaistrithe í an chláirnéid. Gach nóta atá scríofa mar C, fuaimíonn sé mar A. Mar sin tá gach nóta scríofa suas tréach mion.

Cloigíní: (*Cow-bells)* Sraith cloigíní acu le chéile.

Coinséartó: Píosa ceoil d'uirlis aonair le tionlacan ón cheolfhoireann le trí ghluaiseacht – tapaidh, mall, tapaidh. Bíonn caidéinse ag deireadh na chéad ghluaiseachta.

Cóiriú: An leagan amach atá ar na páirteanna éagsúla. Is féidir amhrán simplí (Frère Jacques mar shampla) a chóiriú faoi choinne ceathairéad téadach; ciallaíonn sé seo go gcumtar nótaí nó páirteanna faoi leith do na huirlisí seo bunaithe ar chordaí an amhráin.

Col legno battuto: Treoir do théaduirlis ina mbuailtear an sreang le hadhmad an bhogha.

Comhrá: Seineann uirlis/grúpa uirlisí mír cheoil agus freagraíonn uirlis/grúpa uirlisí é le ceol atá gaolta leis an chéad mhír. Is féidir leis seo leanacht ar aghaidh le roinnt frásaí agus deirtear go bhfuil comhrá ar siúl idir an dá uirlis/ghrúpa uirlisí.

Con ped: Leis an troitheán. Treoir é seo don seinnteoir pianó an troitheán marthannach a úsáid.

Con sordini: Leis an mhaothadóir. Is féidir an treoir seo a fheiceáil ar na téaduirlisí nó ar na gaothuirlisí práis. Is teicníocht uirlise é seo.

Contrabasso: Olldord. Cibé nóta atá scríofa dó, fuaimníonn sé síos ochtach.

Cordaí arpéitsithe: Nótaí den airpéitse (*doh, mi, soh)*seinnte ceann i ndiaidh a chéile go gasta suas nó síos in ionad iad a sheinm díreach ag an am céanna. Seinntear an chruit ar an dóigh seo go minic sa stíl cheoil rómánsach.

Cordaí briste: Seinntear nótaí den chorda (*doh, mi soh* mar shampla*)* ceann amháin ag an am, in ord meascaithe.

Corni in F: Bíonn 4 chorn Francach sa cheolfhoireann go minic. Ní úsáideann na huirlisí seo aon ghléaschomhartha in am ar bith. Uirlis ghléasaistrithe í an corn. Nóta atá scríofa mar C, fuaimíonn sé mar F faoi sin, díreach cosúil leis an cor anglais. Mar sin tá gach nóta scríofa suas 5ch foife.

Corno inglese: Cor anglais. Gaolta leis an óbó ach níos mó agus níos ísle. Gach rud atá scríofa mar C, fuaimníonn sé mar F (thíos 5ch)

Crótáil: Ciombail bhídeacha le hairde cinnte déanta as práis nó umha. Is féidir iad a bhualadh taobh le taobh nó le bata. Is féidir ciombail ársa a thabhairt orthu fosta. Tá samplaí de na huirlisí seo le feiceáil in Ard-Mhúsaem na hÉireann dátaithe ón Ré Cré Umhaí (1200 – 800 RC) agus a fuarthas i measc gaoth-uirlisí práis éagsúla.

Cúlbhuille: Buillí 2 agus 4 le béim orthu ón sreangdhruma (snare).

Cumacht-chordaí *(Power chords)**:*** Cordaí seinnte ar ghiotar agus a úsáideann go leor sreanga oscailte le fuaim níos láidre a thabhairt.

Cuntraphointe: Dhá pháirt nó níos mó agus iad ar chomhthábhacht. Is féidir leo aithris a dhéanamh ar a chéile ach ní gá.

Cuntrashéis: Séis a sheinntear os cionn na príomhshéise. Bíonn uigeacht cuntraphointeach ag an cheol dá bharr. (Féach forshéis don chomparáid)

Détaché: Scartha. Treoir don seinnteoir gach nóta a sheinm le buille nua den bhogha le fuaim scartha a thabhairt do na nótaí – a mhalairt ar fad ó legato.

Dé-thonúil: Ceol atá in dhá ghléas éagsúla ag an am céanna. An-choitianta sa cheol ealaíne nua-aimseartha.

Dim.: diminuendo. Ag éirí níos ciúine.

Dísréad: Píosa ceoil do dhá uirlis nó do bheirt chantóirí, nó dhá uirlis nó cantóir ag seinm le chéile taobh istigh de phíosa ceoil.

Div: Divisi. Ciallaíonn sé seo go bhfuil níos mó ná uirlis amháin ag léamh ón líne cheoil chéanna agus caithfidh duine amháin an nóta ar barr a thógáil agus duine eile an nóta ar bun.

Dolce ma sensibile: Go binn ach go mothálach. (sensibile = mothálach, leochailleach, íogaireach)

Dolce: Go binn

Dord Alberti: Cordaí briste ach leis na nótaí seinnte in ord faoi leith: 1, 5, 3, 5 nó *doh, soh, mi, soh.* Bhí an stíl tionlacain seo an-choitianta sa tréimhse clasaiceach .i. in aimsir Mozart.

Dordán: Seinntear sreangacha oscailte ar na téaduirlisí faoin tséis, rud atá an-choitianta sa cheol traidisiúnta.

Dord druma: Níl aon airde ag an druma seo a bhuailtear le bata-druma.

Dordghiotar: Giotar íseal nach bhfuil ach 4 shreang air. Seinneann sé bun-nótaí na gcordaí sa cheol; nó déanann sé breachnú air seo. Seineann sé go minic le rithim na ndrumaí.

Droichead: Giota den cheol a bhogann ó théama amháin go téama eile. Ní bhíonn téama láidir ann, ceol gluaiseachta atá ann.

Dúibléid: Dhá nóta seinnte san am a mbíonn trí cinn ann de ghnáth. Coitianta in amchomharthaí comhshuite, áit a bhfuil an buille briste suas i dtrí fhochuid de ghnáth.



Dúnadh: Dhá chorda ag deireadh frása a ghníomhaíonn mar a bheadh poncaíocht ann. Tá ceithre chineál dúnadh ann:

i. Dúnadh briste V – vi

ii. Dúnadh eaglasta/tánaisteach: IV – I

iii. Dúnadh foirfe V – I (Lán stad)

iv. Dúnadh neamhfhoirfe: I, ii, IV nó vi – V (comhartha ceiste)

Espr: espressivo: Seinnte le mothú, go leochailleach.

Fagotti: Basúin. Scríobhtar an t-ainm in Iodáilis ar an scór de ghnáth. Ní uirlis ghléasaistrithe í an basún.

Falsetto (Cuach): Nótaí "bréagacha" canta ag fir i réimse níos airde ná an gnáthréimse a bhíonn acu. Is féidir leis an fhuaim seo a bheith greannmhar nó dáiríre.

fff: Chomh láidir agus is féidir.

Flag: flageolet, seinn an armónaic

Feireoir (*flanger*): Teicníocht fuaime a fhaightear nuair a mheasctar dhá chomhartha comhionnan le chéile, ach mion-mhoilliú ama curtha ar cheann acu. Fuaimníonn sé go bhfuil airde na fuaime ag athrú dá bharr. I gceol Bohemian Rhapsody déantar feiriú ar fhuaim na gciombal leis an fhuaim a athrú.

Flautando: i stíl na feadóige. Seinntear an bogha ar théaduirlis in aice leis an mhéarchlár le fuaim éadrom a thabhairt don na nótaí, cosúil le fuaim na feadóige.

Flautí: An uimhir iolra de fheadóg mhór, mar a scríobhtar ar scór é.

Flauto picc: Fliúiteog nó piccolo, gaolta leis an fheadóg mhór ach níos lú agus níos airde.

Focaldathú (*word painting*): Léiríonn an ceol brí na bhfocal le teicníochtaí ceoil m.sh. ceol na n-éan léirithe le nótaí arda tapaidh ar fheadóg.

Foirm Chumtha Tríd: Úsáidte in amhráin ealaíne. Ní leanann an ceol aon struchtúr faoi leith ach athraíonn sé de réir mar a athraíonn na focail agus mothú na bhfocal.

Foirm Dhénártha: Foirm a bhfuil dhá chuid ann: A B.

Foirm shaor: Ní leanann an cumadóir aon fhoirm faoi leith.

Foirm Shonáideach: Foirm thrénártha speisialta. A (foilsiú) B (forbairt) A1 (athsheinm).

Foirm Strófach: Le fáil in amhráin tíre go minic, bíonn an ceol céanna ann do gach véarsa.

Foirm Thrénártha: Foirm a bhfuil dhá chuid ann ach go dtagann an chéad chuid ar ais ag an deireadh: A B A, nó A B B A.

Foirm Thrépháirteach: Foirm ina bhfuil trí pháirt éagsúla: A B C.

Foirm: Leagan amach na bhfrásaí in amhrán/píosa ceoil simplí gearr. Struchtúr an phíosa i saothar níos faide. Léirítear an fhoirm le litreacha: A, B, C, A1, D srl.

Forshéis: Líne cheoil a sheinntear nó a chantar os cionn na príomhshéise. Níl an tábhacht chéanna ag baint leis is atá ag baint leis an tséis agus ní bhíonn an uigeacht cuntraphointeach dá bharr. (Feach cuntrashéis don chomparáid.)

Frásaí freagartha: Dhá fhrása nó mír a bhfuil cosúlachtaí eatarthu ach nach bhfuil mar an gcéanna. Tá an chéad cheann cosúil le ceist agus bíonn sé oscailte ag an deireadh agus oibríonn an dara ceann cosúil le freagra agus bíonn sé dúnta ag an deireadh.

Giotar: De ghnáth, seineann sé cordaí amháin. Go minic i mbanna ceoil, canann an duine a sheinneann an uirlis seo.

Glacaire (*Pick-up*): Micrafón iontach beag ar ghiotar nó uirlis eile leictreach.

Glissando: Sleamhnú suas nó síos nótaí uilig na huirlise nó gutha.

Gang: Uirlis mhór a gcaitear seasamh suas lena bhualadh. De ghnáth buailtear le bata-druma bog é.

Gran cassa: Dord druma. Scríobhtar an ceol ar líne amháin mar nach bhfuil aon airde ag an uirlis seo – ní úsáideann sé an gnáthchliath.

Guiro: Gourd mór. Déantar an fhuaim trí bhata a scríobadh thar eangacha gearrtha isteach ann.

Innealltóir fuaime: An duine a bhfuil smacht aige ar an inneallra sa stiúideo taifeadta. De ghnáth, leanann sé treoracha an bhanna, ach tugann sé comhairle dóibh chomh maith.

Ilmheadaracht: Tá níos mó ná amchomhartha amháin in úsáid ag an am céanna.

Ilrianú: Muna bhfuil ann ach cantóir amháin is féidir a ghuth a thaifeadadh ar rian amháin ar dtús, agus ansin é a thaifeadadh ag canadh páirt difriúl ar rian eile, agus b'fhéidir é ag canadh an tríú páirt ar an tríú rian. Is féidir na rianta seo uilig a chur le chéile agus fuaimíonn sé cosúil le cór trí pháirt, cé nach bhfuil ann ach cantóir amháin. Seo ilrianú.

L.V.*: laissez vibrer*, lig don uirlis creathadh - ná stop an fhuaim

Legato: Seinnte go mín, cothrom.

Léiritheoir: An duine atá i gceannas ar an taifeadadh agus ar an chur le chéile sa chéirnín.

Lí: (*lick*) Pátrún nótaí ar ghiotar nó ar phianó cosúil le seicheamh agus a chuidíonn leis an cheol bogadh go réimse nótaí níos airde nó níos ísle, nó ceol a cheanglaíonn frásaí le chéile.

Loco: ag an ghnáth-airde (tagann sé i ndiaidh ordú seinm suas nó síos 8ch)

Lúbfhrása (*turnaround*): Frása comhcheol beag a cheanglaíonn dhá chuid den cheol nó dhá athsheinm.

Macalla: Teicníocht taifeadta nuair a chuirtear macalla isteach ar ghuth nó ar fhuaim uirlise tríd an fhuaim a mhoilliú síos. Is féidir é a dhéanamh le troitheán ar ghiotar nó sa mheascadh.

Maracas: Gourd nach bhfuil lár ann le síolta tirime, pónairí nó eile taobh istigh. De ghnáth seinntear níos mó ná ceann amháin. Déantar gliogarnach leo nuair a chreathtar iad. Úsáidtear mar uirlis iad i mbannaí damhsa i Meicseacó agus Meirceá Láir agus Theas.

Marc: marcato. Nótaí béimnithe go héadrom, nó marcáilte.

Marimba: Cineál xileafón le barraí adhmaid - tá fuaim shéimh aige, as Meicseacó, agus Meiriceá Láir agus Theas.

Martellato secco: Buailtear na nótaí go láidir leis an bhogha ar na sreangacha le barr an bhogha. Ciallaíonn *secco* go bhfuil ar an fhuaim a bheith tirim chomh maith le láidir.

Meascadh: An meascán a dhéantar ar fhuaim an cheoil ag deireadh an taifeadta le cothromaíocht a fháil idir na huirlisí éagsúla. Ag an phointe seo chomh maith athraítear fuaimeanna na n-uirlisí (go pointe) trí tuilleadh aisfhuaimniú, macalla agus araile a chur sa cheol.

Meiliosma: Siolla amháin faoi choinne go leor nótaí den cheol.

Meno ped: Níos lú den troitheán.

Mion: Tonulacht ina bhfuil *lah* ina lárnóta tonúlachta – fuaimníonn an ceol críochnaithe nuair a théann sé ar ais go *lah.*

Moderato assai: Assai = an-. An-mheasartha ar fad.

Modh dingthe(*wedge method):* Tógtar na hidirchéimeanna mar atá sa téama agus déantar leathnú beag orthu. Is cosúil go gcuirtear ding idir na nótaí len iad a tharraingt ó chéile beagán.

Modhnú: Athrú ó ghléas amháin go gléas eile. Tugann seachtrán le fios go bhfuil athrú sa ghléas taobh istigh de phíosa ceoil. Má ardaíonn an seachrán an nóta leath-thon, is é sin an treoirnóta nó *ti* nua. Is féidir teacht ar *doh* nua nó ar an tonach nua trí dhul suas leathchéim ón nóta ar a bhfuil an seachtrán. Má íslíonn an seachtrán an nóta leathchéim, is é sin an *fah* nua. Le fáil amach an bhfuil an gléas nua mór nó mion is gá amharc siar ar an *mi* nua. Má tá sé sin 3 leath-thon níos airde ná an *doh* nua tá an gléas nua mion. Má tá sé 4 leath-thon níos airde, tá an gléas nua mór.

Modúil: Tonúlacht choitianta sa sean-cheol eaglasta agus sa cheol traidisiúnta, áit a bhfuil *re* nó *mi* nó *soh* ina lárnóta tonúlachta. Má tá an ceol i mód *soh* fuaimíonn an ceol críochnaithe nuair a théann sé ar ais go dtí *soh.*

Moilliú (*delay*):Nuair a chuirtear macalla isteach san fhuaim agus é moillithe síos. Is féidir é a dhéanamh le troitheán ar ghiotar nó nuair atáthar ag meascadh an amhráin.

Molto meno mosso: I bhfad níos lú gluaiseachta. Níos maille.

Molto: A lán

Mór: Scála nó gléas atá bunaithe ar na nótaí den sólfá tonach áit gurb é *doh* an nóta is láidre. Fuaimníonn an ceol críochnaithe nuair a théann sé ar ais go *doh*.

Móitíf: Pátrún gairid nótaí a úsáidtear go minic i rith píosa ceoil, cosúil le téama ceoil ach i bhfad níos giorra – b'fhéidir nach mbeadh ann ach trí nóta, nó rithim a sheasann amach.

Muta in F# - A: Athraigh tiúnáil an tiompáin in F# go dtí A.

Naoiréad: Píosa ceoil do naoi n-uirlis, nó grúpa de naoi n-uirlis ag seinm le chéile.

Neamhthonúil: Nil aon lárnóta tonúlachta ann, bíonn gach nóta ar chomhthábhacht. Bíonn sé deacair ceol neamhthonúil a chanadh.

Non tanto: gan an iomarca

Non troppo: Gan an iomarca.

Nóta athrúcháin (*changing note):* Tugtar *Cambiata* ar an nóta seo chomh maith. Ciallaíonn sé léimt de 3ch ó nóta cúnta uachtarach go nóta cúnta íochtarach.

Nóta crochta (*suspension*): Is ionann an nóta crochta agus nóta neamharmónach a sheinntear leis an chuid eile den chorda, ag cruthú díchorda, ach ina dhiaidh sin, tagann réiteach ar an nóta crochta mar go dtiteann sé céim amháin go nóta den chorda. Bíonn trí rud i gceist le nóta crochta – an t-ullmhúchán (seinntear an nóta crochta roimh an chorda); an nóta crochta (seo an díchorda) agus an réiteach (an nóta den chorda). Is nóta crochta é an F sa sampla thuas agus réitítear go E é sa dara corda.



Nóta Cúnta(*auxiliary note):* Nóta a sheinntear céim níos airde nó níos ísle ná nóta athsheinnte.

Nóta tairmtheachta: Nóta neamharmónach a sheinntear idir dhá nóta de chorda mar chuid den tséis. Is féidir leis an nóta seo a bheith aiceanta nó neamhaiceanta. Bíonn sé neamhaiceanta má sheinntear é tar éis don chorda a bheith seinnte, agus ar bhuille nach bhfuil láidir sa bharra. Tugtar nóta tairmtheachta aiceanta air má sheinntear an nóta neamharmónach leis an chorda, rud a chruthaíonn díchorda agus teannas dá bharr.

Nótaí crómatacha: Nótaí atá leath-thon óna chéile - an dá nóta déag den scála. Nuair a úsáidtear na nótaí breise (nach bhfuil i scála mór) i bpíosa ceoil i ngléas mór, tugann siad "dath" don cheol. Tá siad coitianta i stíl snagheol mar shampla: When I'm 64.

Nótaí lúbtha *(bends):* Bogann an seinnteoir giotair a mhéar (lámh chlé) síos i dtreo an talaimh ar an sreang. Tarraingíonn sé seo an sreang agus athraíonn sé airde an nóta beagán. Déanann sé uair amháin é ar an nóta.

Nótaí Neamharmónacha (*non-chordal):* Nótaí a sheinntear nach bhfuil sa chorda atá ag tabhairt tacaíocht chomhcheoil don phíosa ag an phointe sin. Baintear úsáid as nótaí neamharmónacha le cur le líne shéise ar go leor bealaí éagsúla. Cuireann nótaí tairmtheachta (idirghabhála/*passing notes*) le líne shéise trí mhíne agus fuinneamh rithime a thabhairt dó, agus lena dhéanamh níos suimiúla dá bharr don éisteoir. Nuair a tharlaíonn nótaí tairmtheachta cruthaítear teannas idir an tséis agus an comhcheol agus cruthaíonn sé seo fuinneamh a bhrúnn an ceol chun tosaigh.

Nótbhraislí *(clusters*): Seinntear na nótaí ar fad gur féidir leis an sciathán (lámh idir uilleann agus méara)

Oboi: An uimhir iolra den fhocal óbó, mar a scríobhtar ar scór ceolfhoirne é.

Ochtréad: Píosa ceoil do ocht n-uirlis, nó grúpa d'ocht n-uirlis ag seinm le chéile.

Ostinato: Patrún séise nó cordaí nó rithime a thagann ar ais arís agus arís i rith an phíosa. Tá ostinato comhcheol le fáil san amhrán "*59th Street Bridge Song"***.** Tá ostinato rithimeach le fáil sa phíosa ceoil *Bolero* le Ravel.

Peanáil (*Panning*): Athraíonn an fhuaim ó chollaire amháin go dtí an ceann eile i steirió le héifeacht spáis a léiriú.

Péintéireacht Focal/ Focaldathú: Léiríonn an ceol brí na bhfocal le teicníochtaí ceoil m.sh. ceol na n-éan léirithe le nótaí arda tapaidh ar fheadóg..

Piatti: Na ciombail. Ní úsáideann siad cliath 5-líne sa scór. Níl acu ach aon líne amháin mar nach bhfuil airde acu.

Pizz/Pizzicato: Nótaí ar théad-uirlisí stoite in ionad a bheith seinnte leis an bhogha. Is teicníocht uirlise é seo.

pizz+ Seinntear pizziato leis an lámh chlé, ní leis an lámh dheas (an rud coitianta).

Plancadh (*strumming)*: Seinn an téaduirlis díreach cosúil le giotar.

Poco: beagán

Príomhghiotar: Go hiondúil, seinneann an príomhghiotar séiseanna, nó móitífeanna níos mó ná cordaí, cé go bhfuil an dá rud i gceist.

Quasi moderato: cóir a bheith (beagnach) measartha

Quasi S.T.: cóir a bheith (beagnach) ar an mhéarchlár. Seo treoir do théaduirlis an bogha a sheinm an-chóngarach don mhéarchlár le fuaim éadrom a thabhairt don cheol.

rainstick~~~~~~~~~ bata báistí le crescendo, decrescendo agus ag imeacht ar fad.

Rapsóid/ Rosc Ceoil: Go stairiúil chiallaigh sé seo reacaireacht ar dhán eipiciúil nó ar chodanna dá leithéid. Ach sa cheol ciallaíonn sé píosa aon-ghluaiseachta bunaithe go minic ar cheol tíre.

Reacaireacht – ceol canta i gceoldráma, áit a bhfuil an bhéim ar na focail agus ar an rithim agus ní ar an cheol ná ar an tséis. Cuidíonn sé leis an dráma a bhogadh chun tosaigh. Go minic bíonn go leor nótaí athsheinnte ann agus bíonn an rithim saor.

Reamhnóta (*anticipation note)*: Seinntear nóta den chorda (go minic mar nóta neamharmónach sa chorda roimhe) sula seinntear an chuid eile den chorda.

Recitative secco: Tur-reacaireacht: Leanann an ceol rithim na bhfocal. Ní bhíonn de thionlacan ann ach corr-chorda ag deireadh frásaí.

Recitative stromentate: Bíonn tionlacan leis an reacaireacht.

Rif: Frása a athsheinntear cosúil le ostinato i gceol pop nó i snag-cheol.

S.T. (sul tasto): Treoir do théaduirlis seinm leis an bhogha ar mhéarchlár na huirlise.

S.V. (senza vibrato) Treoir do théaduirlis seinm gan vibrato.

Saobhadh *(Distortion):* Úsáidtear é seo i gceol roc nuair a chuirtear barraíocht fuaime isteach sa challaire ó na giotair trí throitheán a úsáid. Thig leis an fhuaim a bheith garbh - saofa - nó mín, nó trom le fuaim fhada, bhuan - bogshaobhadh.

Saranáid: Ceol atá seinnte san oíche, go stairiúil taobh amuigh mar a bheadh canta ag fear dá ghrá taobh amuigh dá fuinneog. Ón 18ú haois ar aghaidh ceol uirlise a bhíodh i gceist.

Scála: Ocht nóta a théann suas nó síos céim ar chéim ó *doh* go *doh* nó ó *soh* go *soh* agus araile. Bíonn scála mór déanta suas de na hidirchéimeanna seo:



Ton ton leath-thon ton ton ton leath-thon

Tá dhá chineál scála mion ann:

1. Mionscála armónach:

2. Mionscála séiseach:



Scór: Na páirteanna iomlána den cheol scríofa amach go díreach mar atá siad seinnte.

Séach: Idirchéim de 6 nóta – ó *doh* go *lah*. Nó corda sa chéad aispiompú áit a bhfuil an 3ch sa dord.

Seachtach: Idirchéim ó *doh* go *ti* os a chionn, seacht nóta. Nó corda ina bhfuil an bun-nóta, 3ch, 5ch agus 7ch os a chionn seinnte.

Seicheamh: Pátrún nótaí atá athsheinnte ar nóta níos airde nó níos ísle gan an pátrún a athrú.

Seisiún: Ceoltóirí bailithe le chéile le ceol – go minic ceol traidisiúnta – a sheinm go poiblí i dteach tábhairne nó dóibh féin i dteach príobháideach.

Sempre f: *sempre*= i gcónaí. Caithfidh an giota seo ar fad a bheith seinnte go láidir.

Senza sordini: Gan mhaothadóir.

Senza vibrato: Cuidíonn vibrato le mothú teolaí a chur sa cheol. Ní sheinntear i saothar Barry é.

Sffz: béim tobann agus láidir ar an nóta seo amháin.

Sfz: Béim tobann ar an nóta seo amháin.

Siansa: Píosa ceoil do cheolfhoireann le ceithre ghluaiseacht ann. Bíonn an chéad ghluaiseacht tapaidh agus i bhfoirm shonáideach de ghnáth, an dara ceann mall agus i bhfoirm dhénartha go minic. Bíonn an tríú ceann i 3/4 agus is minic gur damhsa nó ceol éadrom a bhíonn i gceist. Bíonn an ceathrú gluaiseacht tapaidh arís.

Simile: Mar an gcéanna – is treoir é seo le leanacht ar aghaidh ag seinm an dóigh chéanna is a sheinn tú sna nótaí roimhe.

Sioncóipiú: Nuair a bhaintear an bhéim de nóta a mbíonn béim air de ghnáth (an chéad bhuille den bharra) agus nuair a chuirtear sos ina áit. Mothaítear buille in easnamh sa cheol, agus tugtar sioncóipiú air seo. Má dhéantar go rialta é tríd an phíosa ar fad, tugann sé rithim bríomhar don cheol. Tá sé seo an-choitianta i gceol nua-aimseartha, go háirithe ceol atá gasta. Tá trí bhealach inar féidir an sioncóipiú a chur i gcrích: i. sos a chur ar príomhbhuille an bharra, ii. An príomhbhuille sa bharra a cheangal leis an nóta roimhe nó iii. Nóta gairid a chur ag tús barra agus nóta fada díreach ina dhiaidh.

Sleamhnán: an chuid den trombón a bhogann an seinnteoir le nótaí éagsúla a dhéanamh.

Sólfá tonach: Ainmneacha na nótaí sa scála. Úsáideadh an córas seo ón 11ú céad mar áis do mhúinteoirí a bhí ag iarraidh léitheoireacht an cheoil a mhúineadh dá ndaltaí. *D r m f s l t d.*

Solo (aonréad): Ní sheineann ach uirlis amháin an giota seo.

Sonáid: Píosa ceoil d'uirlis aonair, nó d'uirlis aonair le tionlacan ón phianó. De ghnáth bíonn trí ghluaiseacht ann – tapaidh, mall, tapaidh.

Spioradálach: Amhrán reiligiúnach na Meiriceánach Gorma, mar shampla Swing Low Sweet Chariot.

Soprán: An guth baineann is airde. Tá réimse ó C-lár go C dhá ochtach os a chionn ag soprán traenáilte.

Sraith: Bailiúchán píosaí a bhfuil téama, gléas nó scéal i gcoitinne eatarthu. Sraith Damhsaí – bailiúchán damhsaí éagsúla – Allemande, Courante, Sarabanda, Gigue – coitianta san 18ú haois.

Srathú: Teicníocht chumadóireachta a forbraíodh sa 20ú haois. Seachnaítear rialacha traidisiúnta a bhaineann le séis, rithim, comhcheol agus cuirtear an dá nóta déag den scála crómatach in ord faoi leith agus tugann sé seo bunús an tsaothair. Ní féidir aon nóta a chur isteach go dtí go bhfuil na nótaí eile sa tsraith seinnte 'sé sin ní féidir ord na nótaí a athrú. Is féidir cordaí a chruthú fhad is nach sáraítear an riail seo. Schoenberg an chéad duine a d'úsáid agus a d'fhorbair an srathú.

Sreangacha oscailte: Tugann sé seo fuaim níos crua don cheol. Níl ach ceithre théad ar gach téaduirlis, agus dá bharr sin ceithre nóta lenar féidir an treoir seo a úsáid.

Sreangdhruma: Taobhdhruma ach go bhfuil sreanga miotal ina luí in éadan bunchraiceann an druma. Nuair a bhuailtear an druma déantar gliogarnach (*rattle).*

Staccato: Nótaí gearra nuair a phreabtar den nóta. Léirítear é seo le ponc scríofa os cionn nó faoin nóta.

Stíl: Cineál nó faisean faoi leith sa cheol. Baineann tréithe an phíosa le faisean áirithe sa cheol mar shampla ceol pop, ceol rac, ceol clasaiceach, snagcheol.

Stopanna dúbailte: Seinntear dhá shreang ar na téaduirlisí ag an am céanna.

String.: Stringendo. Éirigh níos tapúla de réir a chéile.

Strófach: Foirm nó struchtúr ina mbíonn an ceol céanna i ngach véarsa. Mar shampla: The Fields of Athenry.

Subito: go tobann.

Sul ponticello: seinn leis an bhogha ar (nó díreach in aice leis) an droichead

sul tasto: Seinn leis an bhogha ar an mhéarchlár.

Taifeadadh: Déantar taifeadadh ar gach guth agus ar gach uirlis ar rian éagsúil. Cuireann sé seo ar chumas an innealltóra na guthanna is tábhachtaí a dhéanamh níos láidre ná a chéile. Fiú nuair a dhéantar taifeadadh ar níos mó ná guth/uirlis amháin le chéile, cuirtear ar rianta éagsúla iad. Glacann sé lá nó dhó ar a laghad le hamhrán amháin a thaifeadadh go hardchaighdeán faoi choinne é a bheith eisithe go poiblí.

Tambóirín: Druma beag le fáinní miotail ag an taobh. Is féidir é seo a bhualadh nó a chreathadh.

Téad lúbtha (*bend*): Bogann an seinnteoir giotair a mhéar (lámh chlé) síos i dtreo an talaimh nó go taobh an tsreanga. Tarraingíonn sé seo an sreang agus athraíonn sé airde an nóta beagán. Déanann sé uair amháin é ar an nóta.

Téama: Giota den cheol, 4-bharra go minic, a fhanann i d'intinn. Béim láidir ar an tséis/rithim.

Tierce de Picardi: Tugtar seo ar chorda mór ag deireadh píosa atá i ngléas mion. Bhí sé in úsáid go coitianta go deireadh an 18ú haois.

Timbre: Timbre an rud a chuireann ar ár gcumas an difear idir pianó agus veidhlín (nó idir aon dá uirlis) a aithint.

Tiompáin: Druma mór (go minic seinntear trí cinn) agus iad tiúnaithe go nótaí faoi leith de réir mar a ordaíonn an cumadóir. Tá troitheáin ar na huirlisí seo agus is féidir na nótaí seo a athrú má's gá.

Tobchumadh: Nuair a sheinneann ceoltóir nótaí a chumann sé de réir mar a théann sé ar aghaidh, ach iad bunaithe ar rithim faoi leith, nó cordaí faoi leith. Ní bhíonn sé mar an gcéanna aon dá uair. Seo tréith a bhain le snagcheol; tá sé an-choitianta i gceol triaidisiúnta chomh maith. Ní bhíonn sé scríofa síos ná réamhullmhaithe.

Trasdul (Droichead): Giota ceoil a dhéanann ceangal idir dhá chuid den saothar.

Tríleach (*trill*): Seinntear an nóta scríofa agus an nóta os a chionn i ndiaidh a chéile roinnt uaireanta chomh tapaidh agus is féidir. I gcás ceol a scríobh sa tréimhse Barócach tosaítear ar an nóta is airde.

Tríphléadach: Trí nóta seinnte san am a mbíonn dhá cheann de ghnáth.

Tríréad: Píosa ceoil do thrí uirlisí, nó grúpa de thrí uirlis ag seinm le chéile.

Tríthon: An idirchéim idir *fa* agus *ti* i scála mór. Tá fuaim ghránna ag baint leis i gceol Clasaiceach, tugadh an "deabhal sa cheol" air mar gheall air sin. Sa chumadóireacht don Ardteist nó Teastas Sóisearach tá sé inmholta an idirchéim seo a sheachaint.

Troitheán (nóta troitheánach): Nóta íseal marthannach nó nóta íseal athsheinnte faoi chordaí a athraíonn. Cruthaíonn sé teannas sa cheol agus de ghnáth scaoiltear an teannas trí dhúnadh a chur isteach nuair a bhogann an nóta.

Troitheán aisiompaithe: Bíonn an nóta seo le fáil os cionn an chuid eile den cheol, ach oibríonn sé mar an gcéanna le troitheán íseal.

Trombe in E: Trumpa in E. Gach nóta atá scríofa mar C, fuaimníonn sé mar E suas 3ch mór. Bí cúramach nach meascann tú suas leis an trumpa é.

Trombón basso: Trombón amháin agus úsáideann sé eochair an doird.

Tromboni tenori: 2 thrombón. Usáideann siad eochair an teanóir. Eochair C bunaithe ar an 4ú líne, seo an áit a bhfuil C-lár.

Tiúba: Eochair an doird in úsáid aige. Ní uirlis gléasaistrithe í.

Uigeacht: Saibhreas fuaime. Is féidir le huigeacht a bheith homafónach (séis le tionlacan), monafónach (líne amháin séise) nó cuntraphointeach/iolfhónach (dhá líne nó níos mó seinnte ag an am céanna agus iad ar chomhthábhacht. Is féidir leo aithris a dhéanamh ar a chéile ach ní gá.). Chomh maith leis sin is féidir le huigeacht a bheith tanaí nó saibhir ag brath ar fhuaim na n-uirlisí, airde na nótaí, líon na n-uirlisí agus araile.

Unis: Ceallaíonn sí seo an t-ordú "divisi"

Vibrato: Bogann seinnteoir ar théaduirlis a mhéar (lámh chlé) go gasta suas agus síos ag athrú airde an nóta beagán. Le gaothuirlisí cruthaítear vibrato leis an anáil.

Violincello: Dordveidhil.

Wah wah: Troitheán ar ghiotar a athraíonn airde an nóta agus cruthaíonn fuaim 'miaow'.